


# 0809

# OLLSCOIL NA hÉIREANN MÁ NUAD
# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

LÉIRÍONN AN DÁMHACHTAIN 'OLLSCOIL NA BLIANA 2008' DE CHUID AN SUNDAY TIMES AN TOSAÍOCHT A THUGAIMID DON EISPÉIREAS IS FEARR IS FÉIDIR A CHINNTIÚ DÁR MIC LÉINN AG OÉ MÁ NUAD – SAINEOLAS ACADÚIL DEN SCOTH, CLÁIR CHÉIME NUÁLAÍOCHA AGUS ÉAGSÚLA, MAR AON LE SAOL SÓISIALTA AGUS SPÓIRT DINIMICIÚIL.

# OLLSCOIL NA hÉIREANN MÁ NUAD
# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN
# 08/09

NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad






## 1 BROLLACH – FOCAL ÓN UACHTARÁN 2

## 2 SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN 10

2.1 Na hImeachtaí 11
2.2 Na Luachanna Saothair 18
2.3 An Seomra Foirne 22
2.4 Eispéireas na Mac Léinn 28
2.5 Gníomhaíochtaí Alumni 30
2.6 An Oifig Rochtana 31
2.7 An Leabharlann 34
2.8 Oifig na Gaeilge agus Oifig na dTeangacha Oifigiúla 36

## 3 TAIGHDE 38

3.1 Buaicphointí Taighde 39
3.2 Tóraíochtaí Tráchtálaithe 44

## 4 AN TÚDARÁS RIALAITHE 48

## 5 AIRGEADAS, STAITISTICÍ & URRAITHEOIRÍ 50

5.1 Cuntais Ioncaim & Caiteachais 51
5.2 Staitisticí Mac Léinn 52
5.3 Urraitheoirí Taighde 58

# 1 BROLLACH – FOCAL ÓN UACHTARÁN



MAR AN OLLSCOIL IS LÚ, ACH IS MÓ FÁS, IN ÉIRINN, TÁIMID AG CUR OILIÚINT AR 7,000 MAC LÉINN, LENA N-ÁIRÍTEAR 1,000 AG LEIBHÉAL IARDHOCHTÚIREACHTA, THAR 300 CÚRSA FAIRSING.

**Clocha Míle Dodhearmadta**

Ní fhéadfadh an bhliain acadúil 2008-2009 tosú níos fearr mar bronnadh an teideal 'Ollscoil na Bliana 2008' de chuid an Sunday Times ar OÉ Má Nuad as 22 ollscoil agus institiúid tríú leibhéal in Éirinn. De réir anailís mhionsonrach thar 26 critéar, bronnadh an teideal toisc go raibh an leibhéal is airde taighde in aghaidh an acadóra ag an Ollscoil, gur bhain sí an chéad áit amach maidir le fostaíocht dá céimithe agus go bhfuil cuntas teiste den scoth aici maidir leis an gclár rochtana is fearr sa tír a sholáthar do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste (tá 20% de dhaonra iomlán na mac léinn lánaimseartha cláraithe lenár nOifig Rochtana).

Léiríonn an dámhachtain seo an tosaíocht a thugaimid don eispéireas is fearr is féidir a chinntiú dár mic léinn ag OÉ Má Nuad – saineolas acadúil den scoth, cláir chéime nuálaíocha agus éagsúla, mar aon le saol sóisialta agus spóirt dinimiciúil. Cuireann cumas oiriúnaithe do na cúinsí reatha lenár rath chomh maith. Bímid i dteagmháil go dlúth le scoileanna le fáil amach céard a gcuireann daltaí spéis ann agus céard iad na poist atá de dhíth sa gheilleagar. Mar shampla, ó Mheán Fómhair 2009 i leith tá cláir nua á gcur i bhfeidhm againn ag díriú ar fhostaíocht leantach agus ar dheis a thabhairt do dhaoine a chaill a bpoist, nó dóibh siúd atá fós ag obair, scileanna nua a fhoghlaim nó a ngairm a athrú. I mbliain inar glacadh níos mó mac léinn isteach ná riamh cheana, le méadú 18% i líon na ndaoine a roghnaigh OÉ Má Nuad mar an chéad rogha tríú leibhéal, bhogamar ar aghaidh trí háit chomh maith ar thábla sraithe an Sunday Times chuig staid sna ceithre ollscoil is fearr ar fud na tíre. Mar an ollscoil is lú, ach is mó fás, in Éirinn, táimid ag cur oiliúint ar 7,000 mac léinn, lena n-áirítear 1,000 ag leibhéal iardhochtúireachta, thar 300 cúrsa fairsing.

B aineadh roinnt mhaith clocha míle eile amach le linn na bliana chomh maith. Chomh maith leis an méadú is mó riamh i gcéad roghanna chuig an Lár-Oifig Iontrála, chuireamar 270 mac léinn lánfhásta, níos mó ná riamh, ar an rolla. Rinneamar ceiliúradh maidir le deich mbliana de scoláireachtaí spóirt MBNA agus de Chlár Rochtana Mhá Nuad (MAP), 15 bliana de Dhámhachtainí na gClubanna agus na gCumann a mbíonn móréileamh orthu agus 25 bliana de sheirbhís ó breis agus dáréag ball foirne díograiseach. D'éirigh thar cionn lenár n-acadóirí, bhuaigh siad dámhachtainí móréilimh, comhaltachtaí agus ceapacháin do phríomhphoist i dtionscnaimh náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta. Aithníodh iarrachtaí leictreonacha na Foirne Rochtana trí iad a roghnú mar an Láithreán Gréasáin Tríú Leibhéal is Fearr do MAP. Bhí an cheardlann ar straitéisí diaspóra mar an chéad cheardlann dá leithéid in Éirinn, agus ba é an taighde a rinneadh ar dhiostróife mhatánach an chéad chúis dóchais i leith teiripe don ghalar seo.

18%

Méadú 18% i líon na ndaoine a roghnaigh OÉ Má Nuad mar an chéad rogha tríú leibhéal.



# CAMPUS DEVELOPMENT PLAN

**HUMANITIES & SOCIAL SCIENCES BUILDING**
Completion 2010
350 students, 200 staff and researchers
NIRSA, NCG and An Foras Feasa
350-seat lecture theatre

**NEW LIBRARY**
Completion 2011
Double existing capacity
Latest IT infrastructure

**NEW STUDENT ACCOMMODATION**
Completion 2011
400 additional beds
Leisure facilities

↑
An tOllamh John Hughes, Uachtarán OÉ Má Nuad agus an tAire Batt O'Keeffe ag an searmanas ceannródaíoch den Fhoirgneamh nua um Thaighde Idirdhisciplíneach.

↗
Research Magazine Issue 1.

### Campas don Todhchaí

Rinneadh dul chun cinn leis an bPlean Forbartha don Champas, plean 10 mbliana ar fiú €200 milliún é, agus rinneadh fógraí maidir le trí réimse ar leith de. Agus pleananna don leabharlann nua á gcur i láthair aige, labhair an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keefe, faoin áis atá ann cheana féin a shíneadh de bharr an fháis fhoisteanaigh i líon na mac léinn. Nuair a chuirfear i gcrích é in 2011, beidh níos mó ná dhá oiread an toilleadh reatha san fhoirgneamh nua agus beidh sé in ann freastal ar 1,200 léitheoir ag an am agus beidh an bonneagar TF is úrnua le fáil ann. Cruthóidh an leabharlann úrscothach nasc láidir idir an campas Thuaidh agus an campas Theas agus beidh sé mar 'chroí shóisialta' na hOllscoile.

I ngealltanas eile chun timpeallacht idéalach a chruthú le haghaidh taighde nua-aoiseach, múineadh agus foghlaim, chuir an searmanas úrnua arna fheidhmiú ag an Aire in Aibreán 2009 tús le hionad taighde ildisciplíneach nua a thógáil, ar costas €15 mhilliún, ar an gcampas Thuaidh. Beidh 200 ball foirne agus taighdeoir i bhfoirgneamh na ndaonnachtaí agus na n eolaíochtaí sóisialta, a bheidh curtha i gcrích faoi lár 2010, agus beidh na hinstitiúidí clúiteacha NIRSA, NCG agus An Foras Feasa lonnaithe laistigh dá achar 4,500 méadar cearnach chomh maith. Beidh léachtlann le 350 suíochán agus áit shóisialta fhairsing do mhic léinn le fáil ann. Mar fhreagra ar an éileamh atá ag dul i méid ó iarrthóirí intíre agus idirnáisiúnta, tá an chóiríocht á síneadh freisin leis an bhfoireann dearaidh le haghaidh céim a trí den áitreabh nua do mhic léinn á ceapadh i mbliana. Ba chóir go mbeadh na hárasáin curtha i gcrích go luath in 2011, agus cuirfidh siad 400 aonad breise leis an 900 aonad atá ann cheana féin agus beidh áiseanna fóillíochta san áireamh ann chomh maith.

### Forbairt Straitéiseach

Díríodh níos mó ar ár bhforbairt straitéiseach i mbliana. Tugadh faoi phróiseas athbhreithnithe dian go hinmheánach chun Plean Straitéiseach nuashonraithe a tháirgeadh. Agus an reachtaíocht agus na treoirlínte reatha ón Rialtas á dtabhairt faoi deara againn, mar aon le dea-chleachtas rialachais, táimid ag tabhairt tosaíochta do ghníomhaíochtaí lena n áirítear plean gnó bliantúil a chur i bhfeidhm le táscairí feidhmíochta ríthábhachtacha agus measúnú ar fheidhmíocht institiúidí agus daoine aonair. Ar an taobh struchtúrtha de, rinneamar roinnt atheagraithe ar aonaid na hOllscoile. Tá trí fheidhm ar leith, ach a bhfuil baint acu lena chéile, in Oifig nua an Leas-Uachtaráin Taighde, eadhon Tacaíocht Taighde, Tráchtálú agus Staidéir Iarchéime. Go hachomair, is iad na róil faoi seach: treoir a sholáthar ar iarratais ar dheontais agus thograí a ullmhú; an tráchtálú go léir ar thaighde a chur chun cinn; agus cláir ceathrú leibhéal a chur ar aghaidh le béim mhéadaitheach ar chláir PhD struchtúrtha. Cuimsíonn an Oifig um Chur Chun Cinn Cáilíochta Ionad Teagaisc agus Foghlama anois a bhfuil sé de dhualgas air tionscnaimh áirithe a fheabhsú agus bainistíocht a dhéanamh ar thionscadail straitéiseacha arna maoiniú faoin gCiste Nuálaíochta Straitéiseach Náisiúnta (SIF2).

Mar iarracht chun an t-ardoideachas a chur i gcroílár na straitéisí chun Baile Átha Cliath a léiriú mar Chathair-Réigiún Foghlama, rud a chuirfidh clár an Rialtais um fhorbairt gheilleagar cliste na hÉireann chun cinn, cuireadh Comhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath nua ar bun. Tá ocht n-institiúid i gceantar Bhaile Átha Cliath sa Chomhaontas agus tá ár Leas-Uachtarán, an tOllamh Jim Walsh, ina chathaoirleach ar an gcoiste bainistíochta ó Mheitheamh 2009.




## Dul Chun Cinn i gCúrsaí Taighde

D'fhás an caiteachas taighde arna mhaoiniú go seachtrach chuig €22 milliún in 2007–08 agus fuarthas dámhachtainí nua dar fiú breis agus €34 milliún – figiúr thar na bearta don dara bliain as a chéile. B'ionann na ceithre dhámhachtain 'Taighdeoir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)' agus an 21 dámhachtain 'Teorainneacha Taighde SFI' a bhuaigh ár n-acadóirí agus 10% den mhaoiniú iomlán le haghaidh 2008–09. Agus trí 10% den mhaoiniú faoi Scéim Scoláireachta Iarchéime IRCSET a bhuachan, dar fiú €12 mhilliún, léirigh 15 dár mic léinn is fearr an chaoi a leanaimid orainn ag baint éachtaí amach. Beidh na hiarchéimithe ionchais ag tosú lena gcuid taighde i nDeireadh Fómhair 2009 i ndisciplíní mar an bhitheolaíocht, an cheimic agus an mhatamaitic.

Eisíodh an chéad eagrán den iris ReSearch sa bhliain úr; foilseachán débhliantúil a thaispeánann na tionscadail taighde agus an dul chun cinn is nuálaí agus is úrnua ag tarlú ar an gcampas. Féachann an t-eagrán tionscnaimh ar ábhair ar nós braiteoirí a úsáid chun córais bóithre chliste a chruthú agus úsáid a bhaint as matamaitic chun cógas a bharrfheabhsú. Léiríonn an iris seo an chaoi ina gcabhraímid chun geilleagar eolasbhunaithe a chothú agus ár dtiomantas le torthaí praiticiúla na taighde acadúla a chur in iúl do léitheoirí éagsúla. In iarracht acmhainní eisceachtúla a chur ar fáil do thaighdeoirí ríomhaireachta san Ollscoil agus in institiúidí comhpháirtíochta, sheol OÉ Má Nuad Áis Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta i gcomhar le hIonad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil i mBealtaine.

Cruthaíodh an post nua de Dhéan ar Staidéar Iarchéime in 2009 chomh maith, agus ceapadh an Dr Honor Fagan don phost seo. Is iad na príomhthosaíochtaí faoina cúram ná an cuspóir náisiúnta de líon na gcéimithe dochtúireachta taighde a dhúbailt faoi 2013 agus eolas a thabhairt do na daoine seo atá oiriúnach do gheilleagar ag téarnamh. Is é sprioc dheiridh OÉ Má Nuad líon na mac léinn a mhéadú ó aon chúigiú de dhaonra iomlán na mac léinn sa tír go dtí aon cheathrú de. Chuige sin, rinneadh athstruchtúrú ar ár gcéimeanna taighde d'iarchéimithe chun cláir scileanna cineálacha a chuimsiú agus chun feabhas a chur ar a gcáilíocht iomlán. Tá na hiarchéimithe go léir ag baint leasa as croímhodúil a bhaineann le scileanna cineálacha, inaistrithe chun tabhairt faoin nasc idir a gcuid taighde agus riachtanais na sochaí.




↑
An tOllamh John Ringwood i ndiaidh bronnadh na duaise Teicneolaíochtaí Tráchtálaithe Thionsclaíoch de chuid Enterprise Ireland 2008.

↗
Ag an ócáid Connect 2009 i dTeach Chartún tá (c–d): Dan Flinter, Cathaoirleach an Údaráis Rialaithe, OÉ Má Nuad; An tOllamh John Hughes, Uachtarán OÉ Má Nuad; agus an Dr Chris Horn, Iona Technologies.

**Naisc Idirnáisiúnta agus Naisc le Tionscal**

Tá a fhios againn go maith go bhfuil ról tábhachtach le comhlíonadh ag an earnáil tríú leibhéal i dtodhchaí ardteicneolaíochta, bunaithe ar eolas a chothú d'Éirinn i dtreo is go bhfanfaimid iomaíoch ar fud an domhain. Mar thoradh ar an taighde a rinneamar a bhaineann le tionscal agus ar ár ndlúth-chomhoibriú le lucht tionscail le bliain anuas táimid tar éis ocht mbeart ceadúnais agus 17 gconradh comhoibrithe taighde nua a shíniú, tá 15 phaitinn comhdaithe againn, táimid tar éis dhá chuideachta a thosú ón Ollscoil agus €2.2 milliún de mhaoiniú tráchtálaithe a dhaingniú. Chomh maith leis sin tá breis agus 30 teicneolaíocht ar an mbealach faoi láthair a bhfuil cumas tráchtála ar leith ag baint leo.

D'éirigh linn an bua a fháil in dhá cheann de na trí chatagóir i nDámhachtainí TFC Fhiontraíocht Éireann, rud a bhí ina theistiméireacht dár ndianiarrachtaí tráchtálaithe comhpháirteacha. Tá an tOllamh John Ringwood agus an Dr Ronan Farrell araon, ar bronnadh Dámhachtainí Faisnéisíochta agus Teicneolaíochtaí Tionsclaíocha faoi seach orthu, tar éis comhaontais láidre a fhorbairt le lucht tionscail agus tugtar aitheantas dóibh as a bhfeabhas acadúil agus a gcumas chun fadhbanna an tsaoil nithiúil a réiteach. Ar an gcuma chéanna, ba í an réasúnaíocht a bhí taobh thiar d'ócáid tionscnaimh 'Connect' OÉ Má Nuad de chuid na hOifige Tráchtálaithe ná sreafaí ioncaim nua, poist agus scéalta ratha Éireannacha a fhorbairt tríd an saol tionsclaíoch agus an saol acadúil a nascadh le chéile.

Tháinig breis agus 250 feidhmeannach gnó chuig Teach Carton go luath i mí Aibreáin le foghlaim faoi rochtain ar thacaíocht taighde trí OÉ Má Nuad agus Fiontraíocht Éireann. Fuair Ionad Inniúlachta Chuibhreannas na hInstitiúide um Luach Nuálaíochta, atá i mbun bealaí nua a fhorbairt agus a thriail chun infheistíochtaí TF a ailíniú go dlúth le torthaí gnó, spreagadh ó Rialtas na hÉireann i mbliana nuair a dámhadh €1 mhilliún air.

D'fhonn an caidreamh leis an gCianoirthear á fhorbairt, ghlac an tOllamh Lawrence Taylor, Déan ar Oideachas Idirnáisiúnta, agus an tUachtarán páirt i Misean Trádála Fhiontraíocht Éireann chuig an tSín arna stiúradh ag an Taoiseach Brian Cowen. Le linn na cuairte, rinne an tAire Batt O'Keeffe seoladh oifigiúil ar Ionad Comhthaighde agus Oideachais Sín-Éireannach de chuid OÉ Má Nuad agus Ollscoil Bhéising. Bhí ionadaíocht láidir ag an Ollscoil ag an gceardlann seachtaine don Chomhpháirtíocht idir Éire agus an Afraic um Fhorbairt Acmhainne Taighde a bhí ar siúl in Uganda. Is comhpháirtíocht idir na naoi n-ollscoil in Éirinn agus ceithre chomhpháirt ón Maláiv, ó Mhósaimbíc, ón Tansáin agus ó Uganda é an clár píolótach trí bliana seo, atá dírithe ar chur chuige comhordaithe a ghlacadh maidir le forbairt acmhainne taighde chun bochtanas a laghdú. Tá an clár píolótach á mhaoiniú ag Cúnamh Éireann agus ag Universities Ireland. Ar ais anseo san Eoraip, síníodh dhá chomhaontú maidir le comhoibriú agus malartú acadúil idir OÉ Má Nuad, Ollscoil Alcala sa Spáinn agus Ollscoil Catania ar chósta na Sicile. Táthar ag súil go gcothóidh na malartuithe mac léinn agus foirne idir na hinstitiúidí seo agus ár nOllscoil féin comhoibrithe taighde agus b'fhéidir cláir chomhtheagaisc.



**Cláir agus Daoine Nua**

Ceapadh an Stiúrthóir Domhanda ar Thaighde Nuálaíochta TF ag Intel agus Comhstiúrthóir na hInstitiúide um Luach Nuálaíochta, an Dr Martin Curley, ina Ollamh le Teicneolaíocht agus Nuálaíocht Gnó. Tá a lán eolais agus taithí ag an Dr Curley san earnáil TF agus neartaíonn a earcú áit na hOllscoile ar thús cadhnaíochta sa chomhpháirtíocht idir ollscoileanna agus an lucht tionscail san Eoraip. Tháinig an tOllamh Gregory Conor chuig an Roinn Eacnamaíochta, Airgeadais & Cuntasaíochta ón London School of Economics. Is acadóir maith é go háirithe i réimse na gcóras bainistíochta riosca agus i mbainistíocht riosca punainne. I gcomhréir leis na cúrsaí uathúla a dearadh chun inniúlacht cleachtóirí a fhorbairt in eadráin agus in idirghabháil choinbhleachta, ghlac an t iar Thaoiseach, Bertie Ahern TD, ról mar Ollamh Comhoibritheach Oinigh le hEadráin agus Idirghabháil Choinbhleachta sa Scoil Gnó agus Dlí.

Cuireadh leis an tionchar atá againn ar an ardán Eorpach nuair a roghnaíodh Damini Kumar, Stiúrthóir an Chláir um Dhearadh Táirgí ag an Ollscoil, mar Ambasadóir na hÉireann do Bhliain Cruthaitheachta agus Nuálaíochta na hEorpa 2009. Bhuaigh Damini duais cheana féin agus tá sí ina duine den '100 Bean is Fearr ar Domhan'. Beidh sí ag obair le foireann mhór le rá de dhaoine arna n-ainmniú ag an gCoimisiún Eorpach chun na prionsabail seo a chothú ar fud na sochaí. Spreag sí an tionscnamh Éireannach chun an bhliain a chomóradh – Imaginate 2009 – comórtas meánscoile inar tugadh dúshlán do dhaltaí rudaí a dhearadh do sheomraí ranga na todhchaí.

Tugadh trí chéim nua de Mháistreacht san Eolaíocht isteach, ar Athrú Aeráide, ar Chórais Faisnéise Geografaí, agus ar an tSochaí agus Spás. San áireamh ar na cúrsaí iarchéime tráthúla agus ábhartha eile tá MSc in Eacnamaíocht agus Anailís Riosca Airgeadais agus Máistreacht in Eadráin agus Réiteach Coinbhleachta. Thosaigh an Ollscoil roinnt cúrsaí freisin atá dírithe ar cheannairí na todhchaí a ullmhú do na dúshláin atá amach rompu in earnálacha éagsúla, go háirithe tríd an Dioplóma Iarchéime i gCeannaireacht Oideachais do mhúinteoirí agus cúrsa iarchéime i gCeannaireacht Straitéiseach d'oifigigh shinsearacha na bhFórsaí Cosanta.

Am an-tábhachtach a bhí ann i mbliana dúinn go léir anseo in OÉ Má Nuad agus tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as tuilleadh a léamh faoin gcúis a roghnaíodh mar Ollscoil Éireannach na Bliana sinn.



An tOllamh John G. Hughes
Uachtarán

# SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN



CHUM NA SAINEOLAITHE AR DHEARADH TÁIRGÍ I ROINN NA HINNEALTÓIREACHTA LEICTREONAICE AN COMÓRTAS IMAGINATE 2009, A CHUIR DÚSHLÁN ROIMH DHALTAÍ MEÁNSCOILE AR FUD NA HÉIREANN A N-ARDÉIRIM CHRUTHAITHEACHTA A LÉIRIÚ TRÍ RUD ÉIGIN A DHEARADH DO SHEOMRA RANGA NA TODHCHAÍ.

# 2.1 NA HIMEACHTAÍ

← Buaiteoirí Imaginate 2009, Zachery Holmes (Sraith Shinsearach) agus Brian O' Neill (Sraith Shóisearach) le fréamhshamhail a ndearaí in éineacht leis an tOllamh John Hughes, Uachtarán agus Damini Kumar, Stiúrthóir Dearadh Táirge ag OÉ Má Nuad agus Ambasadóir Cruthaíochta agus Nuálaíochta Aontas na hEorpa.

## Fáilte chuig OÉ Má Nuad

Cuireadh fáilte roimh breis agus 750 duine ag na **Laethanta Ollscoile bliantúla** in Aibreán agus Meitheamh, agus tháinig siad le fáil amach faoi na cúrsaí agus na hábhair ar féidir iad a dhéanamh in OÉ Má Nuad. Thug na laethanta faisnéise seo, arna n-eagrú ag an Oifig Iontrála, deis do na Dámha agus na Ranna ar leith a gcuid táirgí acadúla a chur i láthair trí léachtaí samplacha gearra. Tháinig 200 duine chuig an **Oíche Oscailte d'Iarchéimithe** i mBealtaine ar theastaigh uathu cloisteáil faoi roghanna Ard-Dioplóma, Máistreachta nó PhD. Bhí Oifig na Staidéar Iarchéime ina hóstach ar an imeacht, agus chuir seastáin ó na Ranna éagsúla mar aon le sraith cainteanna faisnéis ar fáil do na haíonna faoin bpróiseas iarratais agus faoi mhaoiniú a fháil. Tháinig breis agus 120 **treoirchomhairleoir** chuig an gcampas i Meán Fómhair 2008 chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhorbairtí i gcúrsaí, áiseanna ar an gcampas, nósanna imeachta maidir le míchumas agus spóirt.

## Taiscéalaíocht Eolaíochta

Chum na saineolaithe ar Dhearadh Táirgí i Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice an comórtas **Imaginate 2009**, a chuir dúshlán roimh dhaltaí meánscoile ar fud na hÉireann a n-ardéirim chruthaitheachta a léiriú trí rud éigin a dhearadh do sheomra ranga na todhchaí. Chláraigh 1,600 dalta don chomórtas agus roghnaigh na breithiúna in éineacht le breis agus 40,000 vóta poiblí na buaiteoirí, ar ar bronnadh fréamhshamhail dá ndearaí (Stáisiún Oibre Zen agus 'Cyber Visor') i measc duaiseanna eile.

Bhain acadóirí sa tSaotharlann Bitheolaíochta Éabhlóidí úsáid as áiseanna Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta nua na hOllscoile chun **ollchrann dineasár** a tháirgeadh ag taispeáint an phatrúin éabhlóide is dóchúla le haghaidh 440 de na 600 speiceas atá ar eolas againn. Ba é seo an pictiúr ba chuimsithí a táirgeadh riamh ar éabhlóid na ndineasár. Léirigh an staidéar idirnáisiúnta seo, arna stiúradh ag Ollscoil Bhriostó, saineolas iontach OÉ Má Nuad i ríomhaireacht bhitheolaíoch.

Chonaic an tOllamh Susan McKenna-Lawlor cion a Grúpa Fisice Turgnamhaí ag imeacht amach sa spás ó Ionad Spáis Dhawan san India. Bhí an **Speictriméadar Neas-Infridhearg SIR-2** ar bord an spásárthach arna iompar ag roicéad 216 tona. D'oibrigh an grúpa ar a fhorbairt agus a thástáil thar roinnt blianta le hInstitiúid Max Planck um Eolaíocht an Ghrianchórais sa Ghearmáin. Táthar ag súil go dtabharfaidh an anailís ar thomhais arna ndéanamh ó SIR-2 léargais thábhachtacha maidir le déantús ceimiceach agus mianreolaíoch dhromchla na gealaí. Toisc go bhfuil saineolas nideoige aige, bhí páirt mhór ag an nGrúpa Optaice Teiriheirts i ndearadh an chórais optúil, i bhfíorú agus i gcalabrú na **hIonstraime Heitridín le haghaidh Cian-Infridhearg** (HIFI) ar bord an teileascóip spáis Herschel agus na **hIonstraime Ardmhinicíochta** ar ghléas mapála chúlra an chosmais, Planck. Sheol Gníomhaireacht Spáis na hEorpa na hionstraimí seo ar roicéad Ariane 5, agus tá úsáid á baint astu ar mhisin ardaidhmeannacha chun rúin na gcodanna is dorcha, is fuaire agus is sine den Chruinne a nochtadh.

Tháinig 64 eolaí, innealtóir agus mac léinn iarchéime ó 11 tír chuig an **35ú Cruinniú Bliantúil Eorpach ar Staidéir Atmaisféaracha trí Mhodhanna Optúla**, a tionóladh in Éirinn don dara uair riamh. Thug Roinn na Fisice Turgnamhaí cuireadh do chainteoirí móra le rá teacht chun léiriúcháin a dhéanamh ar thorthaí nua a tháinig as breathnuithe ar thalamh agus i spás, as teoiric, as teicnící agus as turgnaimh.

Thug an **Dara Ceardlann Idirnáisiúnta ar Bhitheolaíocht Córas**, arna hóstáil ag Institiúid Hamilton, raon leathan taighdeoirí agus mac léinn le chéile ó chúlraí turgnamhacha, ríomhaireachta agus teoiriciúla. Glactar le bitheolaíocht córas mar cheann de na príomhghnéithe d'eolaíochtaí beatha, agus beidh ról níos tábhachtaí aici i dtuiscint a fháil ar orgánaigh bheo as seo amach.

Bhí an tOllamh Phil Dix ón Roinn Bitheolaíochta ar ***The Investigators***. Féachtar air mar dhuine de phríomhthreoraithe an domhain i leith a chuid oibre ar an gcóras uathúil chun príomhphróitéiní a fhorbairt agus a fhás i bplandaí tobac, a d'fhéadfadh cabhrú chun vacsaín i gcoinne VEID/SEIF a chur ar fáil. D'fhéach sraith RTÉ ar cuid de na tionscadail ba shuimiúla arna stiúradh ag príomheolaithe Éireannacha agus rinne sé measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an saol amach anseo.



Próifíl:

**Neil Trappe**
Léachtóir, Roinn na Fisice Turgnamhaí

Tá Neil Trappe ag cur le Roinn na Fisice Turgnamhaí le deich mbliana anuas, ar dtús mar mhac léinn PhD ag déanamh taighde ar theicnící anailíse optúla tonnfhaid fhada, faoi mhaoirsiú an Ollaimh J.A. Murphy. Chuimsigh an staidéar seo anailís optúil ar ionstraim speictriméadair (HIFI) le haghaidh tionscadal satailíte de chuid na Gníomhaireachta Spáis Eorpaí. Lean Neil sa réimse taighde áirithe seo i ndiaidh dó a PhD a chríochnú go luath in 2002 le post iardhochtúireachta a lean ar feadh bliain go leith eile.

Tá Neil fostaithe mar Léachtóir sa Roinn faoi láthair, ag tabhairt faoi mhúineadh agus taighde araon. I measc na bhfreagrachtaí atá air, tá sé ina chomhordaitheoir ar lucht na chéad bliana agus, tar éis dó cabhrú le beirt mhac léinn PhD agus triúr mac léinn MSc céim a bhaint amach ó 2003 i leith, tá sé ina mhaoirseoir anois ar thriúr mac léinn PhD. I dtaobh a chéad cháilíochta acadúil féin, bhain Neil céim céad onóracha BSc amach i bhFisic Fheidhmeach ó Ollscoil Luimnigh in 1998.

Lean Neil lena chuid taighde i réimse na hoptaice spáis cian-infridheirge, agus tá sé tiomanta do roinnt tionscnamh idirnáisiúnta, lena n-áirítear an ionstraim HIFI do Réadlann Spáis Herschel, ar seoladh go rathúil é i mBealtaine 2009. 'Is é seo an chéad tionscadal spáis sainiúil a bhaineann go heisiach le réalteolaíocht chian-infridhearg agus mar sin déanfaidh sé breathnuithe uathúla ar an gcruinne fhuar agus díreoidh sé go sainiúil ar fhoirmíocht réaltaí agus pláinéad a thuiscint.' Táthar ag tabhairt faoin taighde seo i gcomhar le hEagraíocht Taighde Spáis na hÍsiltíre agus maoinítear é go náisiúnta le dámhachtain Prodex trí Fhiontraíocht Éireann.

I gcomhthráth leis an gclár ceannródaíoch seo, tá baint mhór ag Neil le hanailís optúil a dhéanamh ar dhá chainéal minicíochta de chuid ALMA (Eagar Milliméadar Mór Atacama nó Atacama Large Millimetre Array) arna gcoimisiúnú sa tSile. Míníonn sé go bhfuil sé ar an bhfiontar réalteolaíochta is mó agus is costasaí ar domhan, agus go bhfeidhmeoidh 50 aeróg 12 mhéadar mar thrasnamhéadar atá tiomanta do réimse na réalteolaíochta cian-infridheirge a athrú go mór, toisc go dtabharfaidh sé íogaireacht agus taifeach gan fasach do chuid nua den eolaíocht. 'Trí íomhánna mionsonraithe a thabhairt d'eolaithe de réaltaí agus phláinéid á gcruthú i scamaill gháis i ngar dár ngrianchóras, agus trí réaltraí i bhfad uainn atá ag fás ar imeall na cruinne inbhraite a bhrath, cuirfidh sé ar chumas réalteolaithe roinnt de na ceisteanna is doimhne maidir lenár mbunús cosmach a phlé.' Tá an staidéar seo á dhéanamh i gcomhar le grúpa taighde Ollannach arna mhaoiniú ag NOVA (Nederlandse Onderzoekschool Voor Astronomie) agus ag Ollscoil Teicneolaíochta Chalmers sa tSualainn. Ar leibhéal intíre, fuair na gníomhaíochtaí seo tacaíocht ó dhá dheontas de chuid Chlár Teorainneacha Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ó 2005 i leith.

Creideann Neil go bhfuil clú agus cáil ar bhonneagar taighde OÉ Má Nuad ar leibhéal idirnáisiúnta agus go bhfuil sé ag cur le hoidhreacht láidir i dtaighde réaltfhisice, rud a mheall chuig an Ollscoil ar dtús é. 'Aithnítear OÉ Má Nuad agus a grúpa taighde cian-infridheirge ar fud an domhain mar gheall ar a gcuid saineolais ar uirlisí samhaltaithe a fhorbairt le haghaidh ionstraimíocht réalteolaíochta agus tá súil agam mbeidh ról lárnach agam i gcónaí agam in imeachtaí réaltfhisice amach anseo'.

**Buaicphointí Daonnachtaí**

Ag teacht le Bliain Idirnáisiúnta na dTeangacha agus Bliain Eorpach an Chomhphlé Idirchultúrtha, d'oscail an Teanglann **an tIonad Náisiúnta Ilteangachais – Belra**. Is é an chúis atá le Belra ná iomadú na dteangacha a labhraítear in Éirinn anois. Meastar go bhfuil tuairim is 200 teanga i gceist, agus níl Béarla mar an gcéadteanga ag os cionn 50% de na daltaí i mórán scoileanna. Is í aidhm an ionaid mar sin cabhrú le scoileanna agus múinteoirí ar leibhéil bunscoile agus meánscoile araon trí sheirbhísí aistriúcháin agus ionad comhairle a chur ar fáil maidir le cúrsaí teanga.

Bhí ról tábhachtach ag cúrsaí scannánaíochta i gclár an Ionaid um Staidéar ar na Meáin le bliain anuas. D'eagraigh an tIonad '**Films for Al**l' arís i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara agus an leabharlann phoiblí, agus rinne sé siompóisiam a óstáil ar **Institiúid Scannánaíochta na hÉireann** le spreagaitheasc faoi dháileadh scannán Éireannach sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Chuaigh an Dr Denis Condon ar an aer ar chlár Pat Kenny de chuid RTÉ chun labhairt faoina leabhar, ***Early Irish Cinema 1895–1912***. Dhírigh **Comhdháil Líonra na hÉireann um Thaighde na Meán** ar an gcaidreamh idir theoiric shóisialta chriticiúil agus staidéir ar na meáin i measc ábhar eile i rith na comhdhála dhá lá. I gcomhoibriú le hOllscoil Sussex, chuir siompóisiam taighde ar **Ghéarchéim Ilchultúrthachta na hEorpa** fáilte roimh chainteoirí ó Éirinn, ón Ríocht Aontaithe, ón bhFrainc, ón Danmhairg, ón Ísiltír, ón Spáinn agus ón nGearmáin.

Tar éis di ardmholadh speisialta a fháil i nDámhachtainí na Comhdhála Meiriceánaí ar an Léann Éireannach dá leabhar, ***Catholic Emancipations: Irish Fiction from Thomas Moore to James Joyce***, labhair an Dr Emer Nolan ó Roinn an Bhéarla ag comhdháil ildisciplíneach ar shaol, shaothair agus leagáid Thomas Moore in OÉ Gaillimh.

Bhí **Lá Oscailte an Fhorais Feasa** ar 'Dhaonnachtaí Digiteacha', arna eagrú ag an bhForas Feasa agus Leabharlann na hOllscoile, ar siúl san Earrach. Cuireadh roinnt imeachtaí ar siúl bunaithe ar an téama sin, lena n áirítear seimineár ar Oideachas Daonnachtaí Digiteacha, seoladh taispeántais ina raibh obair fochéimithe, iarchéimithe, comhaltaí iardhochtúireachta agus daltaí áitiúla na hidirbhliana, agus insealbhú Bhunachar Sonraí Chomhbhráithreachais na hÉireann. Forbraíodh an bunachar sonraí seo mar chuid de thionscadal arna mhaoiniú ag IRCHSS faoi Chomhbhráithreachais na hÉireann 1775–1965 á stiúradh ag an bPríomhthaighdeoir an tOllamh Colm Lennon ó Roinn na Staire.

Bhí an Dr Michael O'Dwyer agus an Dr Éamon Ó Ciosáin ó Roinn na Fraincise mar aon le Siobhán Ní Fhoghlú ó Oifig na Gaeilge ina bpríomh-rannpháirtithe de chlár ar bhaile Mhá Nuad, a craoladh mar chuid den sraith ***Ar Bhóithrín na Smaointe*** ar TG4.





← Ag Lá Oscailte An Foras Feasa tá (c-d): Cathal McCauley, Leabharlannaí; An tOllamh John Hughes, Uachtarán; An tOllamh Colm Lennon, Roinn na Staire; An tOllamh Margaret Kelleher agus an Dr John Keating, An Foras Feasa; agus an Dr Maurice Bric, Cathaoirleach, IRCHSS.

AG TEACHT LE BLIAIN IDIRNÁISIÚNTA NA DTEANGACHA AGUS BLIAIN EORPACH AN CHOMHPHLÉ IDIRCHULTÚRTHA, D'OSCAIL AN TEANGLANN AN TIONAD NÁISIÚNTA ILTEANGACHAIS – BELRA.

**Eolaíocht agus an tSochaí**

Tá Roinn an Oideachais Aosaigh agus Pobail tar éis comhcheangal a dhéanamh le hinstitiúid athraithe aeráide Roinn na Tíreolaíochta (ICARUS) agus le heolaithe barr ó Roinn na Bitheolaíochta chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hOllscoile sa **Líonra Oideachais Trasfhoirmiúcháin**. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag Cúnamh Éireann agus ag an Údarás um Ard-Oideachas, agus tugann sé ollscoileanna na hÉireann agus comhlachtaí ar nós Trócaire le chéile le comhpháirteanna sa Mhaláiv agus sa tSaimbia chun cláir oideachais a bhunú a ligfidh do chomhphobail áitiúla, fheirmeoirí agus eolaithe freagraí a fhorbairt ar an athrú aeráide sna comhphobail is leochailí san Afraic.

Rinne an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA) comhdháil a óstáil ar **Thaighde agus an Réigiún** chun deich mbliana de chistiú ón gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas a cheiliúradh. D'fhéach an 100 toscaire ar an gcaoi a bhfónann taighde eolaíochta sóisialta don gheilleagar de réir chnuasaigh taighde na hInstitiúide maidir le timpeallachtaí a phleanáil, sochaí eolais a fhorbairt agus comhphobail a chothabháil.

In iarracht fónamh don diaspóra idirnáisiúnta trí dhea-chleachtas a roinnt maidir le beartais a chruthú agus a chur i bhfeidhm agus bealaí nua a aithint do Stáit dul i dteagmháil lena gcuid imirceach, reáchtáil NIRSA agus Roinn na Tíreolaíochta ceardlann dhá lá ar **Straitéisí Diaspóra**. Is é teoiric na hOllscoile go gcuirfidh caidreamh siombóiseach iomlánaíoch idir Éire agus a diaspóra deiseanna eacnamaíochta cómhalartacha ar fáil chomh maith le saibhriú sóisialta agus cultúrtha. Tháinig saineolaithe domhanda ón Astráil, ón tSile, ó Iamáice, ón Liotuáin, ón Nua-Shéalainn agus ó Albain le chéile in éineacht le baill an Bhainc Dhomhanda, oifigigh Éireannacha, acadóirí agus lucht déanta beartas ag an chéad fhóram mar sin riamh in Éirinn.

Ba é '**42 years of the Gardaí in court**' an teideal a bhí ar an gcéad léacht ollúnta a thug an Breitheamh Onórach Paul Carney, Ollamh Comhoibritheach le Dlí. Bhí aturnaetha, abhcóidí agus breithiúna i measc an 100 aoi a chuala faoi na feabhsuithe a chonaic an Breitheamh i bhfórsa na ngardaí le linn na tréimhse a chaith sé ag obair sna cúirteanna.

Bhí céad bhliain na **Feadhnachta do Chomhrac na nGalar Bochtaineachta** gnóthach le himeachtaí múscailte feasachta ar siúl i ngar don Lá Domhanda SEIF agus an Lá Domhanda Maláire chomh maith leis an tsraith aoichainteoirí leanúnach. Bhí seachtain de sheimineáir, léachtaí agus léiriúcháin ag díriú ar VEID/SEIF agus shláinte ar fud an domhain ar siúl timpeall ar thráth comóradh bliana na Feadhnachta i mí na Nollag. Tharraing mic léinn aird ar na fíricí faoi mhaláire trí shraith de ghníomhaíochtaí nuálacha lena n-áirítear cluiche inar lig siad orthu go raibh an campas 'maláireach' ar feadh seachtain amháin i mí Aibreáin. Bhí an Dr Elizabeth Pisani, údar *The Wisdom of Whores: Bureaucrats, Brothels, and the Business of AIDS*, ina duine de na haoichainteoirí.



↗

An tOllamh John Hughes, Uachtarán agus an Breitheamh Onórach Paul Carney, An tOllamh Comhlach Dlí ag OÉ Ma Nuad.

IN IARRACHT FÓNAMH DON DIASPÓRA IDIRNÁISIÚNTA TRÍ DHEA-CHLEACHTAS A ROINNT MAIDIR LE BEARTAIS A CHRUTHÚ AGUS A CHUR I BHFEIDHM AGUS BEALAÍ NUA A AITHINT DO STÁIT DUL I DTEAGMHÁIL LENA GCUID IMIRCEACH, REÁCHTÁIL NIRSA AGUS ROINN NA TÍREOLAÍOCHTA CEARDLANN DHÁ LÁ AR STRAITÉISÍ DIASPÓRA.





Próifíl

**Anastasia Crickley**
Ceann Roinn na Staidéar Sóisialta Feidhmeach

Tá Anastasia Crickley tiomanta d'athrú le haghaidh saol níos fearr. Nuair a tháinig sí chuig Roinn na Staidéar Sóisialta Feidhmeach, ba shoiléir di nach bhféadfadh oideoirí gairmiúla sármhaitheas acadúil a bhaint amach ach trí bhaint leanúnach le daoine allamuigh. 'Is Roinn neamhghnách sinn, a bhfuil cos amháin againn san acadamh agus an ceann eile sa phobal, agus tá sé mar dhúshlán againn a bheith páirteach agus sármhaitheas a chur ar fáil sa dá cheann agus an méid is mó is féidir a bhaint as an tionchar ar féidir a bheith acu ar a chéile.' Mar Cheann na Roinne, baineann Anastasia taitneamh as tacú leis na páirtithe leasmhara agus leis an bhfoireann dhíograiseach agus nuálaíoch agus iad ag saothrú i dtreo chun cur le cearta an duine, ceartas sóisialta agus cothromas ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tagann Anastasia ó chúlra lucht oibre faoin tuath ina raibh oideachas agus rannpháirtíocht sa phobal fíorthábhachtach, thosaigh sí mar léachtóir páirtaimseartha ar an iar-Dhioplóma in Obair don Phobal in 1983. Bhí páirt mhór aici i bhforbairt na Roinne atá ann anois lena céimeanna, cláir iarchéime agus tionscnaimh for-rochtana éagsúla. Mar an chéad ollscoil in Éirinn a thairg oiliúint agus oideachas gairmiúil sna disciplíní seo, leanann OÉ Má Nuad uirthi ag comhlíonadh ról ceannaireachta maidir lena bhforbairt. 'D'éirigh linn daoine ó mhionlaigh agus ó chomhphobail imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste, nach bhfuair aon deiseanna roimhe sin b'fhéidir, a spreagadh le freastal ar oideachas tríú leibhéal. Mar shampla, bhí an chéad duine den Lucht Siúil atá ar eolas againn a bhain cáilíocht tríú leibhéal amach ina bhall dár gcéad rang céimithe in Obair don Phobal agus don Óige i 1987. Tá mórán den Lucht Siúil agus mórán daoine ó na mionlaigh nua atá in Éirinn na laethanta seo tar éis céim a bhaint amach ó shin agus cuirtear aon cheathrú de na háiteanna ar ár gcéim san eolaíocht shóisialta in áirithe le haghaidh mic léinn lánfhásta. Sílim go bhfuilimid tar éis rochtain agus sármhaitheas a chomhcheangal i mbealach uathúil thar raon ár n-áiseanna.'

Creideann Anastasia go mór i gcur leis an institiúid nó láthair oibre ina bhfuil sí páirteach. Is dá bharr sin a fuair sí a post reatha mar bhall foirne tofa den Údarás Rialaithe agus go bhfuil cuntas teiste fada aici in Éagsúlacht Idirchultúrtha Comhionannais agus tionscnaimh frithchiníochais ag an Ollscoil. Go seachtrach, aithníodh a cuid iarrachtaí agus mar gheall orthu tugadh an onóir di a bheith ina duine de cheapacháin an Uachtaráin Máire Mhic Ghiolla Íosa ar an gComhairle Stáit ó 2004 go 2011.

Chabhraigh Anastasia chun an Lárionad Acmhainne Náisiúnta do Thaistealaithe (Pavee Point), an Fóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná, Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn, agus Coimisiún na hÉireann do Phríosúnaigh Thar Lear. Bhí sí gníomhach i dtionscnaimh forbartha áitiúla agus comhphobail lena n áirítear Pobal (ar ar tugadh ADM roimhe seo) agus caibidlíocht luath na comhpháirtíochta sóisialta náisiúnta. Bhí sí ina cathaoirleach freisin ar an gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas.

Bhí páirt ag Anastasia sa Líonra Eorpach i gcoinne Ciníochais a bhunú, ag teacht lena tuairim láidir faoin tábhacht a bhaineann le malartú eolais agus cabhrach idirnáisiúnta agus Eorpaigh. Bhí sí ina saineolaí neamhspleách arna ceapadh ag an Rialtas ar bhord Lárionad Monatóireachta an Aontais Eorpaigh um Chiníochas agus tá sí mar an chéad chathaoirleach ar a chomharba, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. 'Chuir mé a lán ama agus machnaimh isteach i gceannródaíocht a dhéanamh ar eagraíocht láidir in 2008, a bhfuil foireann agus bord urramaithe aici. Aithnítear an eagraíocht as a taighde suntasach agus as a moltaí, agus tá úsáid níos mó á baint astu seo ag lucht déanta beartas agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha.'

Ó 2004 go 2008, bhí Anastasia ina hAmbasadóir Pearsanta don Chathaoirleach i seilbh oifige ar an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip ar Chiníochas agus Idirdhealú. Thug an ról seo deis di cabhrú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta an ceart atá acu a gcuid cúram a chur in iúl agus tacú le rialtais ina n-iarrachtaí chun plé le ciníochas agus idirdhealú. Ón mbaint a bhí aici leis na grúpaí seo agus le Comhairle na hEorpa, bhí príomhpháirt ag Anastasia i bhfeabhas a chur ar chomhordú iarrachtaí agus comhthionscnamh um chearta an duine trí ghrúpa ardleibhéil, a chuimsíonn Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine.

Is é an sprioc atá ag Anastasia don bhliain amach romhainn ná 'é go léir a thabhairt ar ais abhaile' tríd an eolas agus an taithí a fuair sí thar lear a chomhtháthú in obair na Roinne, agus naisc a threisiú idir eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha agus acadóirí atá ag saothrú i réimsí domhanda gaolmhara. Tá baint ar leith aici le tionscnaimh nua a stiúradh don Roinn, lena n áirítear MA in Obair don Phobal agus don Óige (2009), BA in Obair don Phobal agus don Óige agus BA comhpháirteach i mBeartas Poiblí (2010), agus cabhraíonn sí chomh maith le freagraí na hearnála pobail agus óige ar amanna fíordhúshlánacha. Mar sin díreoidh sí a chuid scríbhneoireachta agus taighde ar na réimsí sin.





Próifíl

**An Dr John Cullen**
Léachtóir, An Roinn Dlí & Gnó

Tá an Dr John Cullen leis an Roinn Dlí agus Gnó nuachumtha le breis agus bliain anuas, ag tabhairt léachtaí ar raon leathan ábhar a bhaineann le ceannaireacht; iompar eagraíochtúil; forbairt phearsanta; teoiric eagraíochtúil; bainistíocht acmhainní daonna; agus gnó, eitic agus an tsochaí.

'Tá staidéar gnó agus bainistíochta idirghníomhach go leor ina riochtaí go léir. Toisc go bhfuilimid ag plé le feidhmiú praiticiúil na teoirice i dtimpeallachtaí fiontracha, rud a théann i gcion go díreach ar an gcaoi a fheidhmíonn daoine agus eagraíochtaí, tá sé tábhachtach dúinn caidreamh oscailte a choimeád le bainisteoirí iarbhír agus leis an bpobal gnó lena chinntiú go dtuigimid a gcuid riachtanas agus gur féidir lenár gcéimithe difríocht inbhraite a dhéanamh sa saol gnó agus sa tsochaí.' Baineann an méid sin le sprioc John chun an dioscúrsa idir mic léinn agus bainisteoirí gnó sa saol dáiríre a mhéadú.

Toisc go dtarraingíonn lucht gnó agus bainistíochta mic léinn ó raon disciplíní, mar shampla síceolaíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, antraipeolaíocht, fealsúnacht, tíreolaíocht agus stair, tá an Roinn nua an-soiléir faoina ról laistigh den chreatlach ollscoile níos leithne. 'Tá sé go hiontach deis a beith againn comhoibriú leis na Ranna seo, go háirithe toisc go bhfuil clú den scoth ar OÉ Má Nuad sna réimsí seo.' Tá John ag súil le roinnt modúl nua céime a sholáthar agus le roinnt smaointí taighde a fhorbairt sa bhliain amach romhainn.

Tá mórán ról éagsúla ar CV John, agus d'oibrigh sé ina oifigeach preasa, bhainisteoir tionscadail bheartais, bhainisteoir ar sheirbhís faisnéise sláinte, cheann ar sheirbhísí leabharlainne, thaighdeoir bainistíochta, chomhairleoir taighde agus léachtóir roimhe seo. Is é an taighde an réimse chomónta le linn a ghairmréime ar fad: 'Tá athrú tagtha ar thimpeallachtaí na tráchtála, na hearnála poiblí agus na n eagraíochtaí neamhrialtasaí go léir inar oibrigh mé de bharr cúiseanna eacnamaíochta agus teicneolaíochta. Tá taighde bainistíochta ina réimse atá ag athrú i gcónaí agus mar sin tá sé ina bhuntáiste cúlra éagsúil a bheith agat nuair a bhíonn léachtaí á dtabhairt do mhic léinn agat'. Dar ndóigh, baineann John taitneamh as cuid dá thaighde foilsithe a thabhairt go dtí an seomra ranga mar deir sé go gcuireann na mic léinn ceisteanna agus go spreagann siad smaointí nach bhfeiceann boird eagarthóireachta go minic. Tá sé ina bhall den Fho-Choiste Taighde nua ag Dámh na nEolaíochtaí Sóisialta.

Ag labhairt dó faoi uathúlacht na hOllscoile, luann John an dlúthchaidreamh idir na mic léinn agus na baill foirne toisc gur ollscoil cuibheasach beag í, agus an cultúr fíor-intleachtúil atá dírithe ar eolas nua a fhorbairt, a chuireann ar chumas na mac léinn leanúint ag foghlaim thar réimse leathan timpeallachtaí. 'Léirigh an taithí atá agam ó bheith ag taisteal go bhfuil meas mór ar acadóirí OÉ Má Nuad dá gceannaireacht tuairime ar fud an domhain!'

Mar dhuine a bhí i gceannas ar leabharlann tráth, déanann John cur síos ar an Ollscoil mar cheann de na háiteanna foghlama is gile, is inrochtana agus is fíre atá le fáil.. 'Agus mar gheall ar na gairdíní, na tailte agus na foirgnimh idir shean agus nua, is féidir leis na mic léinn tairbhe a bhaint as cultúr acadúil atá bunaithe ar thraidisiúin sheanbhunaithe ach atá dírithe go buan ar an todhchaí.'



→
Ag seoladh Feirmeoireacht in Éirinn ag an Mílaois: Atlas Daonáirimh tá (c-d): David Meredith; an tAire Eamonn Ó Cuív; An Dr Caroline Crowley; agus An tOllamh Jim Walsh, Leas Uachtarán OÉ Má Nuad.

**Foilseacháin na nDámh**

Tá na céad chomharthaí dóchais ag teacht chun cinn le haghaidh teiripe a d'fhéadfadh na siomtóim a chúlú agus an t-ionchas saoil a bhaineann le **diostróife mhatánach** a mhéadú. Tá na comharthaí dóchais seo mar thoradh ar thaighde nua atá á dhéanamh ag an Roinn Bitheolaíochta. D'fhoilsigh an tOllamh Kay Ohlendieck, i gcomhpháirtíocht leis an University of Australia, torthaí a chruthaíonn éifeachtacht géinteiripe nuálaí mar chóireáil don ghalar. Is é an galar saininscne ó oidhreacht is coitianta in Éirinn é, agus tá an galar ar 400 duine faoi láthair sa tír seo. Fuair an comhoibriú bliana maoiniú ó Dhiostróife Mhatánach Éireann, an Bord Taighde Sláinte agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Ag féachaint do dhúshlán eile inár saol inniu, tá Roinn an Bhéarla tar éis ***Facing the Other: Race, Gender and Social Justice in Ireland***, a fhoilsiú, ar a raibh an Dr Moynagh Sullivan ina comh-eagarthóir.

Féachann ***Dublin Part II*** ó Roinn na Staire, arna eisiúint ag Acadamh Ríoga na hÉireann, ar an gcaoi inar fhás cathair Bhaile Átha Cliath idir 1610 agus 1756. Léiríonn an t-eagrán is déanaí ón tsraith *Irish Historic Towns Atlas*, a dhéanann tagairt do bhreis agus 2,000 suíomh, forbairt na cathrach ó bhaile beag go lárionad iltíreach mór.

D'eisigh an tIonad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach (International *Centre for Local and Regional Development* – ICLRD), le maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachas, mórthuarascáil taighde a dhírigh ar thionchar agus thodhchaí an chleachtais agus an bheartais athstruchtúraithe tuaithe ar fud na hÉireann. Tá an tuarascáil, ***Rural Restructuring: Local Sustainable Solutions to the Rural Challenge***, bunaithe ar eispéiris thrí chomhphobal tuaithe agus, i measc moltaí eile, cuireann sí béim ar ról na pleanála spásúla comhoibrithí i riachtanais na gcomhphobal tuaithe agus uirbeach araon a chomhlíonadh. Tá na comhphobail seo ag éirí níos cóngaraí dá chéile i ngeilleagar domhandaithe. Bhí Caroline Creamer ó NIRSA ina ball d'fhoireann taighde an ICLRD.

Ar théama gaolmhar, sheol an tAire Eamonn Ó Cuív ***Irish Farming at the Millennium: A Census Atlas*** arna mhaoiniú ag Teagasc. Féachann an leabhar ar fheirmeoireacht sa tír le linn na 1990idí agus tugann sé measúnú cuimsitheach ar na tionchair agus iarmhairtí a bhí ag na leasuithe a rinneadh ar an gComhbheartas Talmhaíochta i 1992 ar an earnáil.

Creideann an tOllamh Jim Walsh, Leas-Uachtarán OÉ Má Nuad agus comhúdar an leabhair, go mbeidh an staidéar seo ina staidéar caighdeánach bunlíne le haghaidh taighde amach anseo ar fheirmeoireacht, thalmhaíocht agus shaincheisteanna tuaithe san aonú haois is fiche.




An tOllamh Paul Moynagh, Stiúrthóir, Institiúid Imdhíoneolaíochta.



**Duaiseanna a bronnadh ar Bhaill Foirne**

Bhronn an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, an Dr Jimmy Devins TD **Dámhachtain Fhiontraíocht Éireann um Thráchtálú Teicneolaíochtaí Tionsclaíocha** ar an Ollamh John Ringwood dá chuid oibre le 'Wavebob'. In éineacht leis an gcuideachta seo atá bunaithe i Má Nuad, tá an taighdeoir ar rialú agus ar mhúnlú córas ag cabhrú chun leas a bhaint as cumhacht fharraigí na hÉireann trí theicneolaíocht rialaithe ríomhaire a fhorbairt le haghaidh gléasanna fuinneamh tonnta. Bronnadh an **Dámhachtain Tráchtálaíochta TFC** do 2008 ar an Dr Ronan Farrell, Stiúrthóir na hInstitiúide um Micrileictreonaic agus Chórais gan Sreang, agus bhí an dámhachtain seo á maoiniú ag Fiontraíocht Éireann chomh maith. Tugadh 'sampla fíor de cheannródaí teicneolaíochta' ar an Dr Farrell, agus bronnadh an dámhachtain air in aitheantas ar an bhforbairt a rinne sé ar theicneolaíocht teileachumarsáide agus ar aistriú rathúil na teicneolaíochta sin chuig cuideachta teicneolaíochta nua darbh ainm Socowave.

Chun comóradh 100 bliain a cheiliúradh ó bunaíodh Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, dámhadh **Duaiseanna Céad Bliain OÉ um Fhoilsiú Acadúil** de bharr éachtaí den scoth i réimsí éagsúla. Bhuaigh an tOllamh Paul Moynagh, Stiúrthóir na hInstitiúide Imdhíoneolaíochta, an duais i gcatagóir na n eolaíochtaí míochaine agus sláinte. Tá an tOllamh Moynagh tar éis gairmréim acadúil dhearscnaitheach a chruthú dó féin ag déanamh iniúchta ar na héifeachtaí néareolaíocha agus ceimiceacha a bhaineann le hathlasadh na hinchinne. Mhol an painéal roghnúcháin sármhaitheas a chuntas teiste i bhfoilsiú ó thaobh an chnuasaigh oibre a táirgeadh, cáilíocht na n-irisí inar foilsíodh ailt dá chuid, agus tionchar foriomlán a chuid taighde. Bronnadh an duais san aicme teangacha, litríochta agus teangeolaíochta ar an Dr William Desmond ó Roinn na gClasaicí Ársa as a leabhar *The Greek Praise of Poverty: Origins of Ancient Cynicism* a foilsíodh in 2006. Luaigh an painéal an chaoi iontach inar phléigh an Dr Desmond leis na foinsí ganna a úsáideadh, chomh maith lena stíl próis úrnua agus shaibhir.

Bronnadh **dámhachtain IEEE** ar Thomas Naughton, ball den tSaotharlann Íomháithe agus Físe Ríomhaire ag Roinn na hEolaíochta Ríomhaireachta, toisc go raibh sé ina chomhúdar ar pháipéar eolaíochta ar *Three dimensional imaging and processing using computational holographic imaging*. Aithníonn an príomhchumann gairmiúil ar domhan um chur chun cinn na teicneolaíochta an réimse éiritheach seo le feidhmeanna féideartha do theilifís 3D, íomhá míochaine 3D, slándáil faisnéise agus déantúsaíocht. Tá Naughton, ar léachtóir sinsearach agus Comhalta Marie Curie ó Ollscoil Oulu na Fionlainne é, ag stiúradh tionscadal le hocht bpáirtí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh faoin holagrafaíocht dhigiteach ar a dtugtar 'Real 3D'.

Dámhadh **dámhachtain taighde sláinte domhanda** de €391,000 ar an Dr Jamie Saris agus an Dr Fiona Larkan ó Roinn na hAntraipeolaíochta agus ón bhFeadhnacht do Chomhrac na nGalar Bochtaineachta. Tá *Understanding barriers to access and adherence to antiretroviral treatment for HIV and AIDS in the Western Cape, South Africa* á mhaoiniú ag an mBord Taighde Sláinte agus Cúnamh Éireann. Mar chuid d'obair na Feadhnachta, chuaigh beirt mhac léinn MSc in Imdhíoneolaíocht agus Sláinte Domhanda faoi oiliúint sa Chéinia ar feadh trí mhí fad is a chaith oiliúnaithe ó Uganda roinnt ama i saotharlanna imdhíoneolaíochta na hOllscoile.

In ómós don fheabhas a chuir sé ar an oidhreacht náisiúnta, roghnaigh Comhaltas Ceoltóirí Éireann Séamus MacGabhann ina **Ardollamh ar Fhleadh Cheoil na hÉireann 2009**. Le 34,000 ball i 16 thír, tugadh ardmholadh do Shéamus dá chion i dtaca le heagrúchán agus saothrú na hoidhreachta Éireannaí ag an imeacht seo ar ar fhreastal 200,000 duine.

Le bliain anuas, d'éirigh thar barr le láithreáin ghréasáin na hOllscoile. Bhuaigh www.access.nuim.ie an **Láithreán Gréasáin Tríú Leibhéal is Fearr** ag Dámhachtainí Gréasáin na hÉireann Moviestar.ie 2008. Dearadh láithreán Chlár Rochtana Má Nuad chun díriú go príomha ar chuairteoirí ionchais ar nós mic léinn fhéideartha, baill foirne agus mic léinn reatha, lucht na hearnála, teaghlaigh agus grúpaí pobail. Tháirg comhthionscadal idir an Roinn Oideachais, Ambasáid na Fraince agus an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas tairseach gréasáin chun feabhas a chur ar cháilíocht na foghlama teanga agus an teagaisc i scoileanna na hÉireann. De bharr a chruthaitheachta, a nuálaíochta agus an ratha a bhí air, bhí www.french.ie i measc fhaighteoirí na dámhachtana **Lipéad Teanga 2008**. Chruthaigh TG Beo a luach mar chlár tacaíochta leictreonaí do dhaltaí na hArdteistiméireachta nuair a bronnadh Dámhachtain ríomhRialtais air as an úsáid a bhain sé as an teicneolaíocht.



↑
Ag Damhsa an GAA tá (c-d); Tom Maher, Oifigeach GAA; Michael Newman, Captaen Foireann na bhFreshers don Sraithchomórtas; Conor Brophy Captaen Foireann na bhFreshers don Chluiche Craoibhe; Nóirín Kirwan Captaen Foireann Peil na mBan; agus An tOllamh Jim Walsh, Leas Uachtarán, OÉ Má Nuad.

**Student Achievements**

Dámhadh maoiniú ar 15 mac léinn ardfheidhmíochta ó OÉ Má Nuad faoi **Scéim Scoláireachta Iarchéime Chomhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET**). Dámhfar beagnach €12 mhilliún in iomlán sa scéim fíor-iomaíoch agus ardchlú seo do thaighdeoirí iarchéime agus clúdóidh an tsuim seo costais maireachtála chomh maith le táillí teagaisc, taisteal go comhdhálacha agus oiliúint i scileanna inaistrithe. Tosóidh na hiarchéimithe ionchais ar a gcuid taighde i réimsí ar nós na bitheolaíochta, na ceimice agus na matamaitice ó Dheireadh Fómhair 2009. Is táscaire eile de shármhaitheas OÉ Má Nuad é gur ionann líon na mac léinn rathúil ón Ollscoil agus 10% de na dámhachtainí go léir a rinneadh.

Bhuaigh Karen O'Hanlon, BSc agus an Dr Eric Downer dhá onóir i rannóg na n eolaíochtaí bithleighis ag cruinniú **Acadamh Ríoga an Leighis in Éirinn** in 2009. Bronnadh Bonn Dhún na nGall do shármhaitheas i dtaighde ar O'Hanlon, mac léinn PhD dara bliana sa Roinn Bitheolaíochta, atá ag obair faoi mhaoirseacht an Ollaimh Sean Doyle. Bhí a léiriúchán ar fheidhm einsímí fíor-neamhghnácha san fhungas pataigineach *Aspergillus fumigatus* bunaithe ar theicnící bitheolaíochta móilíneacha úrscothacha le cur isteach ar fheidhm géine agus d'éascaigh rochtain ar an gcóras múnla nimheachta feithide go mór é. Ba é an Dr Kevin Kavanagh a d'fhorbair an córas seo ag OÉ Má Nuad agus a rinne ceannródaíocht air. Bronnadh Dámhachtain na Gairmréime Luaithe ar an taighdeoir iardhochtúireachta an Dr Eric Downer ón Institiúid Imdhíoneolaíochta.

Bhuaigh Sorcha de Brún, mac léinn PhD i Roinn na Nua-Ghaeilge, **Comórtas Gearrscéalaíochta Mháirtín Uí Chadhain** dá gearrscéal An Scoilt. Ní hé seo an chéad uair a bhuaigh Sorcha dámhachtain as a cuid saothair mar tá Scoláireacht John agus Pat Hume buaite aici cheana féin. Foilseoidh Foilseacháin an Rialtais prós agus filíocht de Bhrún agus beidh siad ar an siollabas do scoileanna sa Ghaeltacht agus do scoileanna lán Ghaeilge.

Bhí spreagadh úr ag baint leis na himeachtaí scoláireachta bliantúla a bhí ar siúl i ráithe dheireanach na bliana. D'éirigh le 111 mhac léinn a fuair 500 pointe ar a laghad san Ardteistiméireacht lena dtairiscintí ar **Scoláireachtaí Iontrála** don Ollscoil – méadú 20% ar an líon i gcomparáid le 2007. Bhí scleondar ag baint le searmanas na **nDuaiseanna agus na nDámhachtainí Scoláireachta** mar is gnáth, agus tugadh aitheantas d'éachtaí speisialta na mac léinn, lena n áiríodh Duais tionscnaimh an Athar Michael Melvin don ghrád iomlán is airde i Staidéar ar na Meáin. Fuair 14 mac léinn **Scoláireachtaí MBNA** in 2008 dá bhfeidhmíocht den scoth i gcluichí gaelacha agus thug Will Curley, Uachtarán MBNA bronnadh don Uachtarán John Hughes, do Tom Maher, Oifigeach Forbartha CLG agus do Mhícheál Ó Muircheartaigh chun 10 mbliana de scoláireachtaí urraithe san Ollscoil a chomóradh.

Bronnadh céimeanna ar breis agus 1,500 mac léinn i Meán Fómhair, idir BA, MA, Dioplómaí Iarchéime agus PhD. Bronnadh an BSc i mBainistíocht Fiontair agus Airgeadais, an BA i dTeicneolaíocht an Cheoil agus an BA i Staidéar ar na Meáin in éineacht le trí chéim eile den chéad uair. Tá rath an iar-bhaitsiléir cruthaithe sna poist agus deiseanna i dtionscal agus i ngníomhaireachtaí stáit a cuireadh faoi bhráid na gcéimithe cheana féin, agus is féidir leis an gcéad rang de chéimithe i staidéar ar na meáin a bheith ag tnúth lena gcuid scileanna teanga a úsáid i dtimpeallacht meán ina bhfuil an t-éileamh ar léiritheoirí agus iriseoirí dátheangacha ag dul i méid.

An mhí ina dhiaidh sin, bronnadh céim ar thart ar 450 mac léinn ar an gcampas, an Dr Martin Curley ina measc. Bronnadh Dochtúireacht Fealsúnachta (Ealaíona) air dá thráchtas *The IT- CMF, a theory for continuously improving the value delivered from IT capability*. Bronnadh na dioplómaí iarchéime in ardoideachas den chéad uair ag an searmanas freisin, ar seachadadh iad tríd an Lárionad Teagaisc agus Foghlama a bunaíodh le déanaí. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, fuair 170 céimí a gcéimeanna, a ndioplómaí agus a dteastais ag an gcampas i gCill Chainnigh.







↑
CFT Páraic Ó Gallchóir (Bandan); CFT Kevin Higgins (Cathair Chorcaigh); Ceannasaí LFT Martin Counihan (Baile de Róiste); agus Ceannasaí LFT Robert O' Leary (Baile an Mhainistir).

↗
Ciara Hadden (Dún Dealgan); Geraldine McCarthy (Má Nuad); agus Aisling McDaid (Dún na nGall).

→
An Dr Tiamji Li, a fuair PhD san Innealtóireacht, lena iníon Jinghan (7 mí) ag an searmanas bronnta ag OÉ Má Nuad.

### Ceapacháin Sheachtracha

Ceapadh baill foirne OÉ Má Nuad atá ag baint barr feabhais amach ina réimsí faoi seach chuig comhlachtaí tábhachtacha náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus tá earcaigh nua ag tabhairt a gcuid buanna éagsúla féin chuig an Ollscoil. In iomlán, líonadh 20 post acadúil agus 18 bpost neamhacadúla agus rinneadh athghrádú ar 18 bpost le bliain anuas.

Bhí sé an-oiriúnach i mBliain Cruthaitheachta agus Nuálaíochta na hEorpa gur roghnaigh an Coimisiún Eorpach **Damini Kumar**, rólchuspa aitheanta a bhuaigh dámhachtain cheana sa réimse seo, mar ionadaí na hÉireann. Cé go mbíonn sí ag obair ina Stiúrthóir ar Dhearadh Táirgí i Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí i rith an lae, cabhróidh an ról ardghradaim seo le prionsabail na nuálaíochta agus na cruthaitheachta a chothú ag gach leibhéal de shochaí na hEorpa.

Tar éis di a bheith ina ball den Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta cheana féin, ainmníodh **an tOllamh Margaret Kelleher** mar ionadaí náisiúnta na Comhairle ar an mBuanchoiste de Dhaonnachtaí na Cónaidhme Eolaíochta Eorpaí. Mar Stiúrthóir ar an bhForas Feasa, an Institiúid um Thaighde ar Thraidisiúin Chultúrtha agus Staire na hÉireann, tá an tOllamh Kelleher dea-cháilithe sa tasc nua atá aici chun comhoibriú agus comhordú i dtaighde sna daonnachtaí a chur chun cinn agus chun taighde trasnáisiúnta agus trasdisciplíneach a chothú.

D'fhostaigh Sainghrúpa nua ar Dháileadh Acmhainní san Earnáil Sláinte, arna bhunú ag an Aire Sláinte, Mary Harney, agus a bhfuil an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ina cathaoirleach air, tar éis **an tOllamh Rowena Pecchenino**, Ceann na Roinne Eacnamaíochta a fhostú. Roghnaíodh iad dá scileanna maidir le 'scrúdú sofaisticiúil', agus tá sé de dhualgas ar an nGrúpa iniúchadh a dhéanamh ar an réimse fíorchasta den chaoi inar féidir feabhas a chur ar an gcóras reatha um acmhainní a dháileadh laistigh de sheirbhís sláinte na hÉireann chun tacú níos fearr leis an gclár athchóirithe sláinte.

Toghadh **an tOllamh Rick Middleton** ó Institiúid Hamilton ina Uachtarán ar Chumann na gCóras Rialaithe (CSS) an IEEE do 2011. Tá an IEEE ina eagraíocht eolaíochta, innealtóireachta agus ghairmiúil atá tiomanta do theoiric agus chleachtadh córas agus rialaithe san innealtóireacht a chur chun cinn, agus tá breis agus 350,000 ball aici i níos mó ná 150 tír. I bpost Uachtaráin eile, tá **an tOllamh Steve Kirkland** ina uachtarán ar an gCumann Idirnáisiúnta um Ailgéabar Líneach (ILAS). Tháinig sé chuig Institiúid Hamilton mar Ollamh SFI Stokes i mí Iúil 2009. Bunaíodh an comhlacht seo i 1989 ar mhaithe le léargais nua a fháil ar anailís maitríse agus ghnéithe éagsúla an ailgéabair línigh agus a fheidhmeanna, agus tá níos mó ná 40 ball aige ar fud an domhain faoi láthair.

Ar deireadh, ghlac **an tOllamh John Sweeney** mionn oifige mar Uachtarán nua An Taisce. Féachtar air mar phríomh-shaineolaí na hÉireann ar athrú aeráide, agus tá sé ina bhall de Phainéal Idir-rialtasach na NA ar Athrú Aeráide (IPCC). Bronnadh Duais Nobel na Síochána ar an ngrúpa seo i gcomhpháirt le hiar-Leas-Uachtarán na Stát Aontaithe Al Gore in 2007. Tá an tOllamh Sweeney ina léachtóir i Roinn na Tíreolaíochta ó 1978 i leith, ag sainfheidhmiú i gclíomeolaíocht agus i mbainistíocht acmhainní comhshaoil, agus tá sé ina cheannaire ar roinnt tionscadail taighde a dhéanann iniúchadh ar ghnéithe éagsúla den athrú aeráide in Éirinn.





← An tOllamh Rick Middleton, Institiúid Hamilton, OÉ Má Nuad.

↓ An tOllamh Steve Kirkland, Institiúid Hamilton, OÉ Má Nuad.

↑ An tOllamh John Sweeney, Uachtarán An Taisce.

→ An tOllamh Rowena Pecchenino, Ceann Roinne na hEacnamaíochta, Airgeadais agus Cuntasaíochta









Próifíl

**Michael Dunne**
Ceann Roinn
na Fealsúnachta

Tá Michael Dunne ina Cheann ar Roinn na Fealsúnachta faoi láthair, post a tháinig chun cinn gan choinne i ndiaidh don Ollamh Thomas Kelly agus don Ollamh John Cleary ina dhiaidh sin bás a fháil go tobann agus go tragóideach. Tá Michael ina léachtóir le fealsúnacht an reiligiúin agus le fealsúnacht mheánaoiseach. Is san fhealsúnacht mheánaoiseach a gcuireann sé spéis mhór ó thaobh na taighde de, go háirithe fealsúna meánaoiseacha na hÉireann.

Dar le Michael, is é an múineadh an rud is éasca sa phost agus taitníonn an dúshlán de léachtaí a thabhairt do ghrúpaí móra i léachtlanna móra leis ach go háirithe. Tá léachtaí mar seo cosúil le seó aonair le roinnt ceisteanna in aoibh mhaith ón lucht éisteachta dar leis. Tá pleanáil don todhchaí níos deacra: 'Táimid ag déanamh ár ndícheall chun leanúint ar aghaidh, ach beidh maoiniú don tríú leibhéal ina fhadhb mhór de bharr an chúlaithe eacnamaíochta. Beidh sé fíordheacair a mhíniú do mhic léinn an chúis nach bhfuil an oiread sin acmhainní ar fáil.'

Sular tháinig sé chuig OÉ Má Nuad, mhúin Michael i roinnt institiúidí tríú leibhéal in Éirinn ar feadh roinnt blianta tar éis dó seacht mbliana a chaitheamh san Iodáil ina chúntóir taighde, agus is ann a scríobh sé a PhD. I gcomhar lena shuimeanna acadúla, toghadh Michael ina Uachtarán ar Chumann Fealsúnachta na hÉireann in 2008. Tá sé an-ghnóthach sa ról seo toisc go bhfuil dhá chomhdháil bhliantúil á n eagrú aige agus go bhfuil Bliainiris an Chumainn le foilsiú.

Tá a lán cuimhní ag Michael ón téarma 10 mbliana a chaith sé ag an Ollscoil. Is é an ceann is mó a sheasann amach dó ná imeacht aisteach nuair a bhí sé ag teacht ar ais ó Bhronnadh na gCéimeanna i bhFómhar 2001. 'Bhuail mé le duine a d'inis scéal ait dom faoi eitleáin ag tuairteáil i lár Nua-Eabhrac – cheap mé go raibh sé as a mheabhair! 9/11 a bhí ann.'

Tá Michael díograiseach maidir leis an todhchaí agus tosóidh a Roinn ar cúrsa oíche le teastas a thairiscint san fhealsúnacht ag an gCampas i gCill Chainnigh agus i Má Nuad ó Dheireadh Fómhair 2009 ar aghaidh. Is ionchas spreagúil é seo do Michael mar tabharfaidh sé deis do dhaoine áirithe staidéar a dhéanamh ar an ábhar nach ndéanfadh a leithéid gan é. Tá súil aige cuairt a thabhairt ar an tSín freisin mar fuair sé cuireadh roinnt léachtaí a thabhairt ag Ollscoil Sun Yat-Sen i gcathair Guangzhou.

Ag breathnú ar phointí tarraingteacha uathúla OÉ Má Nuad, deir Michael go bhfuil sé lonnaithe i mbaile Ollscoile agus mothaíonn na mic léinn go mór ar a gcompord ann. 'Tá na foirgnimh sa champas theas an-álainn ar fad – ceapann mo leanaí go bhfuil an áit cosúil le Hogwarts!' An rud eile a thaitníonn go mór leis ná go bhfuil idir éagsúlacht mhór agus chuimsitheacht le sonrú i measc na mac léinn a chruthaíonn idirphlé an-suimiúil sa seomra ranga agus sna ranganna teagaisc araon.

## Gnóthaí Inmheánacha

In iarracht staid OÉ Má Nuad ar thús cadhnaíochta sa chomhoibriú idir ollscoileanna agus tionscal san Eoraip a chur chun cinn, tá an **Dr Martin Curley**, Stiúrthóir Domhanda ar Thaighde agus Nuálaíocht TF le Intel, tar éis teacht chuig an Ollscoil. Mar Ollamh le Teicneolaíocht agus Nuálaíocht Gnó, déanfaidh sé ceannródaíocht ar ardtaighde i réimse na fiontraíochta agus na nuálaíochta TF, ag obair chun intuarthacht, dóchúlacht agus brabúsacht ó infheistíochtaí nuálaíochta TF a fheabhsú. Is as Baile Átha Cliath ó dhúchas é an Dr Curley, agus tugann sé neart eolais agus taithí san earnáil TF leis, gan trácht a dhéanamh ar an dá leabhar foilsithe uaidh agus breis agus 100 léacht atá tugtha aige ar na cúig ilchríoch ar an ábhar.

Tá ollamh eile a bhfuil clú air ar fud an domhain, i réimse an airgeadais an uair seo, tar éis teacht chuig an Roinn Eacnamaíochta, Airgeadais & Cuntasaíochta ón London School of Economics, áit a raibh sé ina Ollamh le hAirgeadas le breis agus sé bliana anuas. Tá **an tOllamh Gregory Connor** ina dhuine de na hacadóirí is tábhachtaí i réimse na gcóras bainistíochta riosca agus na bainistíochta riosca punainne. Bhí sé ina Stiúrthóir Taighde ag Barra Inc. roimhe seo agus ina Ollamh Cúnta le hAirgeadas ag Ollscoil California, ag Berkley agus ag Ollscoil Northwestern.

Tugadh an **Dr Honor Fagan** ar bord mar Dhéan ar Staidéar Iarchéime. Faoina ceannaireacht, cothóidh agus forbróidh Oifig na Staidéar Iarchéime cláir ceathrú leibhéal san Ollscoil (múinte agus taighde araon) agus cuirfear béim níos mó ar chláir PhD struchtúrtha. Roghnaíodh an **Dr Robert Galavan**, Ceann na Roinne Dlí agus Gnó, ina Dhéan ar Eolaíochtaí Sóisialta chomh maith.

Ceapadh **Niamh Lynch** ina Stiúrthóir ar Sheirbhísí do Mhic Léinn, d'fhonn 'Eispéireas Má Nuad' den scoth a choinneáil. Beidh sí freagrach as bainistíocht líne, comhordú, pleanáil straitéiseach agus treoir i raon gníomhaíochtaí agus seirbhísí tacaíochta do mhic léinn a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá Leabharlannaí nua na hOllscoile chun áis eile do na mic léinn a threisiú. Tá cúlra fairsing ag Cathal McCauley sa réimse seo agus tá pleananna uaillmhianacha aige leas a bhaint as teicneolaíochtaí agus múnlaí seirbhíse nua leis an am a chaitheann léitheoirí agus baill foirne sa leabharlann a fheabhsú.

Ó thaobh an riaracháin de, chuir an Lárionad Teagaisc agus Foghlama, ar seoladh é in 2008 mar chuid d'atheagrú na hOifige um Chur Chun Cinn Cáilíochta, fáilte roimh an **Dr Úna Crowley** mar Bhainisteoir air. Earcaíodh **Jacqueline Sykes** mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna freisin, agus cuirfidh sí go mór leis an bhfoireann. Ar deireadh, coimisiúnaíodh **John Hayes** mar an Ceann Slándála nua in áit **John McElligott**. Thar na hocht mbliana a chaith sé ag an Oifig Slándála, rinne an dara John forbairt ar ollchlár chun rialú rochtana agus CCTV a shuiteáil ar an gcampas. Bhí sé ina Gharda tráth, agus bhí ardmheas ag an bhfoireann agus na mic léinn araon air agus ar an gcaoi a rinne sé imeachtaí ar an gcampas a bhainistiú.



**Focail Scoir Ómósacha**

Thug an Ollscoil ómós do roinnt baill foirne fhadtéarmacha sa bhliain seo a chuaigh thart. Eagraíodh imeacht speisialta dar teideal 'Na Blianta mar Inspioráid do Mhic Léinn Eacnamaíochta agus Airgeadais' in onóir don **Ollamh Paddy Geary** agus é ag imeacht ar scor. Léirigh breis agus 100 alumni ardphróifíle, iar-mhic léinn agus mic léinn reatha, agus baill foirne a mbuíochas dó as an eolas agus na léargais fhíorluachmhara a thug sé dóibh. Cuimhneofar ar an Ollamh Geary mar bhunaitheoir na Roinne Eacnamaíochta, Airgeadais & Cuntasaíochta, agus ba é a rinne forbairt ar a sraith clár, an chéad BA in Airgeadas in Éirinn san áireamh. Ina ról níos déanaí mar an chéad Déan ar Chaidreamh Idirnáisiúnta, d'fhorbair sé naisc le hollscoileanna thar lear agus threisigh sé clú idirnáisiúnta OÉ Má Nuad.

Bhí **an tOllamh Tigran Tchrakian MRIA** ina dhuine de bheirt bhall foirne acadúla ag Roinn na Fisice Matamaiticiúla i gColáiste Phádraig Má Nuad i 1971, agus rinneadh Ollamh Comhlach de i 1994. Tá stádas Emeritus aige faoi láthair agus tá sé ag díriú ar a Chomhlachas Taighde féin ag Scoil na Fisice Teoiriciúla in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. I measc na ndaoine eile a d'imigh ar scor, bhí an **Dr Seamus Ó Síocháin**, Roinn na hAntraipeolaíochta agus an **Dr Maeve Martin** ón Roinn Oideachais. Tháinig na daoine seo, mar aon le breis agus dáréag eile le chéile le haghaidh an **Lóin Uachtaránachta** a cuireadh ar siúl chun buíochas a ghabháil le baill foirne agus lucht scoir a thug 25 bliana de sheirbhís don Ollscoil.

Agus é ag imeacht ar scor, bhí an **Dr Harry McCauley** ina bhall de Roinn na Fealsúnachta le níos mó ná tríocha bliain, bhí sé ina rúnaí ar Chumann Fealsúnachta na hÉireann ar feadh roinnt blianta agus bhí sé ar Chomhairle Feidhmiúcháin an Choláiste chomh maith. Leanann a oidhreacht de dhíograis agus chuidiú ar aghaidh ina mhac, Cathal. Chaill an Roinn seo fear iontach eile freisin nuair a d'imigh **an tOllamh John Cleary** ar shlí na fírinne le linn obráid trasphlandaithe ae um Cháisc. Thug an tOllamh Cleary seirbhís dhíograiseach agus dhícheallach don Ollscoil ó 1991 agus toghadh é chuig Acadamh Ríoga na hÉireann i 1997. Bhí meas mór air toisc go ndearna sé maoirseacht mhothálach agus dheaslámhach ar an Roinn i ndiaidh bás obann an Ollaimh Thomas Kelly in 2008. Bhí an slua mór ag sochraid **Maurice Dunne** ina theistiméireacht don tsárobair a rinne sé i ngairdíní an champais, a bhí faoina chúram ó 1961. D'imigh sé go síochánta ar a bhreithlá 70 bliana.





← An tOllamh Martin Curley, Stiúrthóir, Intel Labs na hEorpa, Stiúrthóir Domhanda, Taighde agus Nuálaíocht i dTF, Intel, Ollamh le Teicneolaíocht agus Nuálaíocht Gnó, OÉ Má Nuad leis an tOllamh John Hughes.

↑ An tOllamh Paddy Geary.

↗ Cathal McCauley, Leabharlannaí na hOllscoile lena athair, an Dr Harry McCauley, Roinn na Fealsúnachta.





Próifíl

**Mark Reilly**
Suirbhéir Cainníochta,
Oifig Pleanála agus
Forbartha an Champais

Is suirbhéir cainníochta é Mark Reilly in Oifig Pleanála agus Forbartha an Champais a bhfuil sé de dhualgas air costas na tógála a bhainistiú do na tionscadail mhóra caipitil agus na mionoibreacha go léir arna moladh don Ollscoil, ón gcéim féidearthachta go dtí an cur i gcrích.

Tá an dá bhliain dheireanacha in OÉ Má Nuad mar chuid de ghairmréim fiche bliain do Mark sa ghairm seo. D'oibrigh sé roimhe seo san earnáil phríobháideach in Éirinn, san RA, san Astráil, i Vítneam agus sa Mhalaeisia. 'Bhí mé páirteach i roinnt tionscadail an suimiúla, ó phost bunaithe ar an láthair in Kuala Lumpur chun staidiam lasmuigh le 80,000 suíochán agus bailtín spóirt a thógáil do na Cluichí Comhlathais, go mórfheistiú i bpríomhbhanc Eorpach i Londain. Anseo sa bhaile, d'oibrigh mé ar athchóiriú agus athfheistiú chlochar faoi dhearadh Pugin, a aistríodh go leabharlann agus oifig chathartha a bhuaigh duais i mBiorra, chomh maith le roinnt de na chéad fhoirgnimh riamh a bhí le feiceáil san IFSC.' D'fhorbair Mark a chuid scileanna thar na blianta agus tugadh freagrachtaí eile dó ar nós bainistíocht tionscadail agus bainistíocht riosca.

Bhí bliain ghnóthach ag an Oifig le forfheidhmiú an Mháistirphlean don Champas faoi lánseol. Thosaigh an obair ar an láthair don fhoirgneamh nua do dhaonnachtaí agus eolaíochtaí sóisialta, ag cuimsiú léachtlann le 350 suíochán, arna dhearadh ag na hailtirí ardchlú Scott Tallon Walker. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh leis an síneadh ar Leabharlann Eoin Pól II freisin agus, nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh geata nua ann do choisithe idir an Campas Thuaidh agus an Campas Theas.

Ceapadh príomhfhoireann deartha le déanaí, á stiúradh ag Heneghan Peng Architects, chun an chéim nua de chóiríocht mac léinn ar an gCampas Thuaidh a thógáil agus sráidbhaile do mhic léinn a chruthú. Rinneadh athchóiriú ar na foirgnimh St. Annes agus Logic agus ar Fhorhalla Callan, cuireadh síneadh le hInstitiúid Hamilton, tógadh foirgnimh nua do Sheirbhísí do Mhic Léinn Chill Téagáin agus an Institiúid um Luach Nuálaíochta, tógadh Seomra Ceoil nua, agus rinneadh oibreacha bonneagair TF éagsúla in 2008 chomh maith.

Ag caint dó faoi ionaid nua, labhraíonn Mark faoin lá uafásach a sheas sé os comhair an fhoirgnimh Ealaíon ag féachaint ar an tine a scrios bialann na mac léinn ann. 'Ba é an t aon rud cúiteach ná nár gortaíodh aon duine agus ar nóta dearfach beidh bialann nua aoiseach á tógáil againn in éineacht le Seomra Caidrimh nua ar leith do na Mic Léinn'.

Ní haon ionadh é go mbaineann an chuid is mó de na spriocanna atá ag Mark le maoiniú: 'San am dúshlánach seo, tá sé ar intinn agam a chinntiú go gcaithfear an maoiniú atá againn faoi láthair i mbealach éifeachtach ar thionscadail ardchaighdeáin agus dul sa tóir ar aon fhoinsí ioncaim a chabhródh linn an campas a fhorbairt a thuilleadh.' Is é a uaillmhian phearsanta ná maoiniú a aithint chun níos mó spásanna oscailte tírdhreachtaithe agus cruadhreachtaithe a chruthú mar aon le háiteanna le suí síos do na mic léinn. 'Ba bhreá liom níos mó áiseanna seirbhíse (caifé/bia) a fheiceáil freisin ar fud an champais agus b'fhéidir iad a bheith ligthe amach do ghnóthaí saincheadaithe ionchais.'

Toisc go bhfuil grá aige d'fhoirgnimh, tuigeann Mark comhthimpeallacht agus suaimhneas an tSeanchampais Theas go dtí an driopás codarsnach sa Champas Thuaidh nua-aoiseach, "Cruthaíonn an chothromaíocht idir shean agus nua timpeallacht oibre agus staidéir an-deas ar fad."





Próifíl

**Marie Breen**
Oifigeach Riaracháin,
Roinn an Cheoil

Tá ról uilechuimsitheach ag Marie Breen i Roinn an Cheoil: déileálann sí le ceisteanna na mac léinn, go hinmheánach nó trí iad a chur ar aghaidh go seirbhísí eile na hOllscoile, cuireann sí seomraí in áirithe agus déanann sí iad a leithdháileadh, déanann sí buiséadú agus cuntasaíocht airgeadais, déanann sí soláthairtí agus trealamh a bhainistiú, agus déanann sí margaíocht ar na ceolchoirmeacha, ceadail agus cleachtaí. É seo go léir in éineacht le plé le riachtanais laethúla na Roinne lena n áirítear post a scaipeadh, airgead a bhainistiú, úsáid a bhaint as gléasanna cumarsáide, agus comhfhreagras le feidhmeanna Ollscoile éagsúla ar nós Seirbhísí Ginearálta, Slándáil, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Lónadóireacht.

Tá Marie freagrach as an bpleanáil agus an nós imeachta a bhíonn i gceist leis an gcúrsa MH103 ar a bhfuil cead isteach teoranta, ag cur dúshlán faoina scileanna eagraíochta agus bainistíochta ama. Nuair a fhaigheann sí sonraí ón Lár-Oifig Iontrála go leictreonach, ní mór di an fhaisnéis sin a ullmhú agus a scaipeadh mar úsáidtear í chun na mic léinn a roghnú. 'Toisc go bhfaighimid líon an-ard iarratais ar an gcúrsa céime seo gach bliain, bíonn éifeachtacht agus solúbthacht den scoth ag teastáil de bharr chastacht an phróisis mar bíonn idirchaidreamh ardleibhéil le pearsanra na Lár-Oifige Iontrála, institiúidí tríú leibhéal eile agus Ranna ár nOllscoile féin de dhíth.'

Baineann Marie taitneamh as bheith i dteagmháil le mic léinn agus baill foirne fad is a dhéanann sí a dícheall réitigh a sholáthar ar na fadhbanna éagsúla a thugann na mic léinn chuig an oifig. Admhaíonn sí freisin go bhfuil eagrú na n-ilimeachtaí ceoil a bhíonn ar siúl le linn na bliana acadúla ina cheann de na codanna is deacra sa phost. 'Is é an rud is deacra ná a rá le daoine nach bhfuil aon ticéid fágtha – bíonn an-éileamh ar ár gcuid léiriúchán i gcónaí agus bíonn sé deacair daoine a dhiúltú!'

Tá gné shóisialta ag baint le ról Marie agus dar ndóigh oireann na blianta taithí riaracháin atá aici le Ryanair, Coláiste Ríoga na Máinleá agus an Otharlann Charthanach ag Ospidéal Shráid Jervis go han-mhaith don phost seo. Cuireann an Baitsiléir i Staidéar Gnó ón bhForas Riaracháin agus an Dioplóma i Staidéar Bainistíochta ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann a bhain sí amach go rathúil le linn a cuid ama in OÉ Má Nuad lena cuid scileanna chomh maith.

Bhí pleanáil agus cur i bhfeidhm aistriú Roinn an Cheoil ó spás beag chuig cóiríocht nua le bliain anuas ina tasc dúshlánach agus corraitheach araon do Mharie. I measc na mbuaicphointí bliantúla eile bhí Seirbhís Carúl na Nollag agus Ceolchoirm Chórúil an Earraigh, 'Cé go mbeidh 2009 mar an 18ú Seirbhís Carúl domsa, bíonn sé corraitheach agus dúshlánach go leor i gcónaí!'

Déanann Marie a dícheall sármhaitheas seirbhíse a bhaint amach do mhic léinn agus bhaill foirne araon, ní hamháin mar roinn acadúil ach mar sholáthraí imeachtaí ceoil a chuireann an Ollscoil ar taispeáint. 'Is sprioc mhór í jab maith a dhéanamh de bhainistiú na n imeachtaí ann féin agus seirbhís ar ardchaighdeán a chinntiú do mhic léinn agus bhaill foirne mar ba chuí.' Ag labhairt di faoi uathúlacht OÉ Má Nuad, deir Maire gur campas cairdiúil é ina bhfuil spiorad foirne agus obair bhuíne dáiríre le brath.

**Lándícheall Spóirt**

Bhí leasanna na scéimeanna scoláireachta spóirt le feiceáil go soiléir le séasúr anuas. Chuaigh club snámha na **NUIM Devils** isteach sna leabhair staire arís ag Comórtas Oscailte na hÉireann a eagraíodh sa Lárionad Náisiúnta Uiscíochta i mí Aibreáin. Bhris foireann na bhfear curiarrachtaí na hÉireann do na rásaí sealaíochta saorstíle 4x100m agus 4x200m le 4.5 agus 11 soicind faoi seach. Chomh maith le raidhse bonn, bhí Seamus Stacey ón scuad taobh istigh den am cáiliúcháin do Chluichí Domhanda na Mac Léinn agus don Chomórtas Domhanda sa dara rás.

Chonacthas veilbhit ghlas **Chlub Snúcair OÉ Má Nuad** beo beithíoch ar chlár *Capital D* ar RTÉ mí Dheireadh Fómhair seo caite. Tháinig an criú scannánaíochta chun forbairtí nua sa Chlub a thaifeadadh, cosúil leis an aistriú chuig Foirgneamh Rye ar an gCampas Thuaidh le déanaí. Tá dhá thábla púil agus ceithre thábla snúcair lánmhéide sna háiseanna méadaithe, lena n-áirítear tábla gairmiúil Riley Aristocrat agus soilsiú a úsáideadh roimhe seo i bparthas an tsnúcair, an Crucible i Sheffield. Is iad an bheirt scoláire sa spórt áirithe seo ná Johnny Williams ó Mhuineachán, an chéad scoláire snúcair a bhí riamh againn agus atá sa dara bliain dá chéim sna hEalaíona, agus Vincent Muldoon as Gaillimh, atá ina imreoir gairmiúil cheana féin agus a bhfuil tús curtha aige le céim sa Ghnó.

Bhain an **scéim Scoláireachta MBNA** cloch mhíle amach in 2008, agus tá an dubh agus ómra a ghabhann leis caite ag níos mó ná 166 mac léinn as 26 contae ó cuireadh tús leis 10 mbliana ó shin. Chomh maith le ceiliúradh a dhéanamh ar níos mó ná 25 Bonn i gCraobh Uile-Éireann le deich mbliana anuas agus dhá bhua CLG le déanaí ag foireann Peile na mBan agus foireann Peile na bhFear Céadbhliana, thug an oíche speisialta aitheantas don 14 scoláireacht a bronnadh i mbliana. Rinneadh uasghrádú ar an gclár le déanaí le raon de sheirbhísí tacaíochta den chéad scoth do na faighteoirí lena n-áirítear meantóireacht, measúnuithe aclaíochta agus raon de chúnaimh ó thaobh stíl mhaireachtála agus leighis de.

Le coinneáil suas leis an rath atá ar an 60 scoláirí spóirt sa CLG, rugbaí, snámh, snúcar agus galf, earcaíodh **triúr ball foirne** breise. Cuirfidh an traenálaí lúthchleasaíochta, Wendy Barry, measúnaithe aclaíochta, cláir traenála phearsanta, agus tacaíocht um ghortuithe a bhainistiú/a chosc ar fáil. Tá Tristan Mullally, an t-imreoir gairmiúil ag Club Gailf Mhaigh Bhealaigh agus Cóitseálaí ILGU Connachta, ag déanamh dul chun cinn maidir le clár na mban de scoláireachtaí gailf Paddy Harrington. Ar deireadh, roghnaigh Cumann Sacair na hÉireann Barry Prenderville chun forbairt a dhéanamh ar an sacar de bharr an taithí 12 bliana atá aige sa sacar gairmiúil agus na cáilíochtaí atá aige san aclaíocht agus staidéar sa tsláinte.

**Gníomhaíochtaí Bliantúla**

Bhí an iomaíocht an-ghéar ag **15ú Dámhachtainí Bliantúla na gClub agus na gCumann**, agus bhí an bua ag an gClub Rugbaí agus an Cumann Damhsa ar deireadh. Bhí féasta ríúil ann chun ceiliúradh a dhéanamh ar an oíche agus ar Eispéireas Mhá Nuad. Bhuaigh Pearsa na Bliana i Measc na gCumann, Erin Bradley, an "Dámhachtain don Duine Aonair Is Fearr" ag Dámhachtainí Bhord Chumann Ollscoile na hÉireann freisin.

→
Grace Crehan, Uachtarán an Chumainn Rugbaí – buaiteoirí duais an Chumainn is Fearr 2009.

**An Club Is Fearr**
Rugbaí

**An Cumann Is Fearr**
Damhsa

**An Club is Mó Feabhas**
Ióga

**An Cumann is Mó Feabhas**
Amnesty

**Imeacht na Bliana i measc na gCumann**
Epic-Con (Omega)

**Pearsa na Bliana i measc na gCumann**
Erin Barclay (Drámaíocht)

**Lúthchleasaí na Bliana**
Fergal Martin (Pionsóireacht)

**Club-Fheidhmeannach na Bliana**
Martha Kirwan (CLG na mBan)

**Lúthchleasaí Céadbhliana na Bliana**
Aisling Goff (Muck)

**Pearsa Céadbhliana na Bliana i measc na gCumann**
Caoimhe O'Doherty (Cumann NaomhUinseann de Pól)

**Corn an Athair Martin Loftus**
An Cumann Críostaí

**Faighteoir Bhonn Gaisce an Uachtaráin**
Paul Donnelly (Bonn Ór)

Ghlac 110 rothaithe, 100 bailitheoirí agus criú tacaíochta de 20 duine páirt sa turas fillte de 400 ciliméadar don **22ú Rothaíocht na Gaillimhe** chun airgead a bhailiú do Chumann Fiobróise Cistí na hÉireann. D'eagraigh Maynooth Students for Charity an turas bliantúil seo ó Mhá Nuad go Gaillimh chun cabhair a thabhairt do charthanachtaí fiúntacha, a bhfuil béim ar leith acu ar chúnamh a thabhairt do leanaí. I ndáta bliantúil eile don dialann, bhronn Seachtain na nGiobal €8,000 ar Shine, carthanacht don uathachas.

Lean na hiarrachtaí suntasacha arís in 2009 sa **chomórtas Forbartha Bogearraí, an Corn Samhlaíochta *(Imagine Cup)***, agus bhain an Fhoireann Engine Media ó Roinn na Ríomhaireachta na babhtaí ceannais amach. Spreag réiteach foghlama leictreonaí ELF na foirne go leor suime i measc cuideachtaí agus lucht caipitil fiontair araon. Rinne an Fhoireann Acid Rain, a tháinig sa dara háit i gcomórtas na bliana 2008, pits lán de spórt agus spraoi os comhair ceithre dhragún mar chuid de Luathú Nuálaíochta na hÉireann. Tharraing sé aird an Dragúin Mick Fealty de chuid Slugger O'Toole go háirithe, a mhaígh go raibh an smaoineamh 'díolta' leis.

Sheol Aontas na Mac Léinn seirbhís comhairleoireachta shaorghlao nua taobh amuigh d'uaireanta oifige do mhic léinn i mí Aibreáin. **NiteLine** a thugtar uirthi. Agus an tseirbhís seo eagraithe ag mic léinn le haghaidh mic léinn, seirbhís faoi rún atá i gceist, agus ní gá don ghlaoiteoir a ainm a thabhairt. Seirbhís neamh-dhaorbhreithiúnach atá inti, agus tá sí inrochtana mar gheall go bhfeidhmíonn sí taobh amuigh de ghnáthuaireanta gnó. Tháinig an seoladh ag an am céanna le suirbhé a rinne an Lárionad Náisiúnta um Mheabhairshláinte an Óige (Headstrong) le déanaí, a shonraigh nach bhfuil beagnach dhá thrian de dhaoine óga in ann déileáil lena gcuid fadhbanna. Tá Aontas na Mac Léinn ag méadú feasachta ar cheisteanna meabhairshláinte go leanúnach agus ag cur réiteach ar fáil le cabhrú le mic léinn i gcaitheamh a gcuid ama ar an gcampas. Cuireann NiteLine leis an bhfeachtas 'Please Talk' a bhfuil sé mar aidhm aige mic léinn agus baill foirne a spreagadh le labhairt lena chéile agus a chuireann an chaint chun cinn mar chomhartha láidreachta seachas laige.




Best Club





## 2.5 GNÍOMHAÍOCHTAÍ ALUMNI

### Athchruinniú le haghaidh Athchuimhne

Eagraíodh an **Dara Bál Athchruinnithe d'Alumni** i Halla Pugin ar an 6 Meitheamh. Is imeacht bliantúil sa dialann sóisialta é seo anois. Rinne 250 iar-mhac léinn agus cairde a mbealach chuig an gcampas arís le hathchuimhneamh ar na sean-amanna agus nuacht a fháil ón tréimhse eatramhach. Bhí fáiltiú le deochanna sna Clabhstraí le ceol ó cheathairéad téadach le mórdhinnéar agus damhsa ina dhiaidh sin mar chuid den oíche lán de spraoi, agus ní raibh oiread agus ticéad amháin nár díoladh.

Bhronn an tUachtarán John Hughes **Dámhachtain Alumni an Uachtaráin** don bhliain 2009 ar Niall Crowley. Bhain iar-Phríomhfheidhmeannach an Údaráis Chomhionannais a chéim amach i 1986 le Dioplóma Iarchéime in Obair Pobail agus measadh an dámhachtain a bheith tuillte go maith aige as an tionchar suntasach a bhí aige in Éirinn agus go hidirnáisiúnta maidir le cearta agus comhionannas a chur chun cinn. Tugadh onóir don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Mary Hanafin agus a comhchéimithe ón mbliain 1979 ar an oíche freisin, agus an tAire ag labhairt go ceanúil faoina cuid ama ar an Ollscoil.

Fógraíodh **sparánacht iarchéime nua** ar an oíche, arna hurrú ag Scott Tallon Walker, na hailtirí a bhfuil baint acu le plean forbartha an champais. Is sparánacht í atá ann go sonrach d'alumni ar mian leo tabhairt faoi chúrsaí máistreachta iarchéime ag a nAlma Mater.

### Cumarsáid Alumni

In eagrán Gheimhreadh 2008 de **The Bridge**, a eisíodh d'alumni agus do chairde OÉ Má Nuad, tugadh nuacht faoi dhaoine cosúil le próifílí suimiúla 'cá bhfuil siad anois' ar iarchéimithe chomh maith le baill foirne atá ag dul ar scor, agus bhí píosaí machnaimh ag léachtóirí agus déin faoi ábhair a bhain le hoideachas agus geilleagar na hÉireann. Ina measc, bhí alt faoi na trí mhí a chaith beirt mhac léinn san M.Sc. san Imdhíoneolaíocht agus sa tSláinte Dhomhanda ag cabhrú leis an bhFeadhnacht do Chomhrac na nGalar Bochtaineachta sa Chéinia, chomh maith le léargas ar cheannairí scoile amach anseo a fhorbairt tríd an dioplóma nua sa Cheannaireacht Oideachais agus maidir le sochaí eolais na hÉireann a chur chun cinn.

Forbraíodh agus seoladh **seirbhís ríomhphoist nua d'alumni** le cúnamh ó Lárionad Ríomhaireachta na hOllscoile agus Google, óstach na seirbhíse. Cuireann sé ar chumas alumni naisc a choinneáil leis an Ollscoil i gcónaí go leictreonach, trí sheoladh ríomhphoist aonair alumni.nuim.ie a thabhairt do gach duine. Tá an leathanach gréasáin nua **Lascainí d'Alumni** ag tairiscint coigiltis i leith seirbhísí mar shampla carranna a fháil ar cíos, óstáin agus cóiríocht, árachas agus tirimghlanadh chomh maith le gníomhaíochtaí fóillíochta mar shampla galf agus nithe is díol spéise do theaghlaigh.

### Après Má Nuad

Bhí Wavebob i measc seacht ngnólacht a bhí ar an ngearrliosta don dara **Dámhachtain de chuid Ghrúpa Ceannaireachta Theicneolaíocht na hÉireann (ITLG)/Irish Times**. Is gnólacht é seo a bhfuil baint aige le hOÉ Má Nuad atá ag forbairt teicneolaíochta le fuinneamh an aigéin a thiontú ina leictreachas agus a bhfuil a POF, Andrew Parish, ina alumnus den Ollscoil. Bhí an chuideachta ar cheann den dá chuideachta a bhí ar an ngearrliosta do dhámhachtain san fhuinneamh in-athnuaite, mar aitheantas ar an tsuim mhéadaithe sa teicneolaíocht ghlas. Tá na Dámhachtainí seo, a bunaíodh dhá bhliain ó shin, mar chuid de chláir a bhfuil borradh faoi chun spreagadh a thabhairt do chuideachtaí Éireannacha leathnú chuig na Stáit Aontaithe agus infheistíocht a mhealladh in Éirinn ó na corparáidí ceannasacha i Silicon Valley.

Bhí Michelle Kelly, iarchéimí OÉ Má Nuad in 2008, ar dhuine de 10 buaiteoirí de dhámhachtainí an tionscail do **Scoth na Múinteoireachta san Eolaíocht 2009**. Tá na dámhachtainí seo, atá urraithe ag cuideachtaí cógaisíochta agus ceimiceán éagsúla ar fud na hÉireann, dírithe ar na céimithe eolaíochta is fearr a léiríonn scoth na múinteoireachta agus a spreagann mic léinn chun gairm bheatha a bhaint amach san eolaíocht i rith a gcéad bhliain múinteoireachta.



# 2.6 AN OIFIG ROCHTANA

←
An tOllamh John Hughes, Uachtarán, le Niall Crowley ag Dámhachtain Alumni Mhá Nuad.

↖
Catherine Fox, An tAire Mary Hanafin agus Marie Therese Kilmartin ag Damhsa Alumni Mhá Nuad.

↑
An tOllamh John Hughes, Uachtarán; Ann O'Brien Oifig Rochtain; agus an tOllamh David Redmond, Cláraitheoir, OÉ Má Nuad.

## A+ do MAP

Ó thaobh chomóradh bliana, dámhachtainí agus cóiríochta de, bhain Oifig Rochtana OÉ Má Nuad scóir arda amach le bliain anuas trína tiomantas leanúnach maidir le rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú. Tugadh isteach Clár Rochtana Má Nuad/Maynooth Access Programme (MAP) i 1998 agus spreagann sé grúpaí faoi ghannionadaíocht dul isteach san oideachas tríú leibhéal agus cuirtear tacaíocht idirlinne agus iar-iontrála ar fail maidir le cúrsaí airgeadais, acadúla, sóisialta agus pearsanta. I measc na rannpháirtithe féideartha tá fágálaithe scoile, mic léinn lánfhásta, mic léinn atá faoi mhíchumas, an lucht siúil agus dídeanaithe. Tá infheistíocht shuntasach déanta ag OÉ Má Nuad i gcláir shuaitheanta le cabhrú leis na mic léinn seo ar gach leibhéal tríd an gcóras oideachais.

Le deich mbliana anuas, bhain níos mó ná 1,000 mac léinn lánfhásta céim amach chomh maith le 350 céimithe ó ghrúpa na ndaoine faoi mhíchumas agus lucht fágála scoile. Ghlac 110 mac léinn páirt sa seisiún treoshuíomh rochtana in 2008, agus meastar go mbronnfar céim onórach ar 70% de mhic léinn rochtana na bliana deiridh in 2009. Faoi láthair, tá 20% de na mic léinn lánaimseartha san Ollscoile cláraithe leis an Oifig Rochtana; aithníodh an ráta ratha seo ar cheann de na príomhfháthanna gur ainmníodh í mar 'Ollscoil na Bliana an Sunday Times'. Agus í ag ceiliúradh **10 mbliana**, d'aistrigh an Oifig Rochtana chuig áitreabh spásúil nua ag Lóiste MAP. Mheas an Oifig Rochtana gur am tráthúil a bhí ina 10ú breithlá chun fiosrú a dhéanamh ar conas a bhí ag éirí lena cuid alumni. Fuarthas amach i **suirbhé** go bhfuil na hiar-mhic léinn rochtana ag leanúint ar aghaidh le foghlaim ar feadh an tsaoil, le céatadán mór ag staidéar ag leibhéal iarchéime, lena n-áirítear seisear i gcláir PhD. Thapaigh roinnt de na halumni rochtana seo an deis nasc a dhéanamh leis an Ollscoil arís ag an mBál Athchruinnithe Alumni i mí an Mheithimh.

Bhain MAP gradam eile amach don '**Láithreán Gréasáin Tríú Leibhéal Is Fearr**' ag Dámhachtainí Gréasáin na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Cruthaíodh an láithreán, acess.nuim.ie, mar fhreagairt ar an athrú san éileamh óna chuid cuairteoirí, lena n-áirítear mic léinn, teaghlaigh, baill foirne agus daoine eile ar suim leo an earnáil rochtana. Dar leis an gComhairleoir Cúnta Teicneolaíochta, Enda Guinan: 'Tá daoine ag teacht chuig ár láithreáin le hionchas i bhfad níos airde ná mar a bhíodh ann. Tá cleachtadh orthu ar inneachar a chruthú, a roinnt agus a bheith ag comhoibriú agus bíonn siad ag súil le faisnéis a fháil nuair is mian leo agus sa chaoi ar mian leo. D'oibríomar amach a mbíonn úsáideoirí ag cuardach agus an bealach is fearr chun an t-inneachar sin a thabhairt dóibh.' Cuireann an láithreán gréasáin naisc ar fáil mar sin do na huirlisí a bhíonn in úsáid ag 'lucht dúchais na ré digití' ón nglúin Bebo chomh maith le bheith soiléir agus éasca le húsáid do 'inimircigh na ré digití'. Mar shampla, leabaítear agus déantar naisc le hinneachar ó láithreáin a mbíonn tóir ag daoine óga orthu cosúil le YouTube, Flickr, Twitter agus del.ici.ous. Is iad Eclipse a rinne an láithreán gréasáin MAP agus is é an chéad cheann san Ollscoil é a rinneadh ag úsáid Drupal, córas bainistíochta inneachair le foinse oscailte, agus cuireann sé leis an raon uirlisí teicneolaíochta a mbaintear leas astu san Oifig Rochtana le dul i mbun cumarsáide, cosúil le SMS, Moodle agus podchraoladh.

### Foghlaim a Chumasú

Seoladh an tionscnamh **Foghlaim Chumasaithe** i dtreo dheireadh na bliana 2008. Comhfhiontar idir OÉ Má Nuad, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, OÉ Gaillimh agus Ahead atá ann. Bhí sé dírithe ar oiliúint feasachta na mball foirne agus comhthéacsanna eile a bhaineann le míchumas agus oideachas tríú leibhéal, agus rinneadh seacht ngearrscannán (ar DVD agus formáidí gréasáin) agus ábhair a ghabhann leo de bhun an chomhoibrithe. I dtionscnamh eile um roinnt faisnéise, rinneadh príomhshruthú breise ar **Theicneolaíocht Oiriúnaitheach** trí na ceadúnais suímh a bronnadh i gcomhair 'TextHelp Read and Write Gold' agus 'Inspiration' do na seomraí ríomhaireachta poiblí ar fad ar an gcampas.

Tá Bridget Gormley agus Rose Ryan ón Oifig Rochtana ag cur **Teastas Inniúlachta sa Tástáil Oideachasúil ón British Psychological Service** i gcrích, rud a neartóidh an próiseas scagtha a tugadh isteach do mhic léinn a d'fhéadfadh deacrachtaí foghlama sonracha a bheith orthu cosúil le disléicse. Bunaíodh an próiseas scagtha de bharr an riachtanais chun comharthaí níos fearr a thabhairt do mhic léinn áirithe an bhféadfadh sé go bhfuil deacracht foghlama shonrach orthu sula gcuirfidh siad isteach ar mheasúnú níos foirmiúla ó Shíceolaí Oideachais.

### Tús Nua do Mhic Léinn Lánfhásta

Baineadh cloch mhíle eile amach in 2009 nuair a chláraigh níos mó ná 270 mic léinn lánfhásta nua leis an Ollscoil, an líon ba mhó riamh. Le mais chriticiúil ag dul i méid, bunaíodh clár píolótach de **mheantóireacht piara do mhic léinn lánfhásta** chun eispéireas na chéad bliana i Má Nuad a fheabhsú trí mheicníocht tacaíochta 'bhog' a chuireann comh-mhic léinn ar fáil a éascú. Cé go raibh sé teoranta ar dtús do 10 meantóirí agus daltaí, bhí an oiread sin tóra ar an scéim gur meaitseáladh 20 meantóirí agus daltaí.

Bhí tús nua ann freisin do **chlár Chill Dara i dtreo Oideachas Treasach/Kildare into Tertiary Education (KITE)** a bunaíodh i mbliana. Eagraíodh dhá lá scáthaithe do mhic léinn agus dhá sheimineár i scileanna don staidéar acadúil agus d'fhreastail beagnach 50 mac léinn lánfhásta as trí ionad SDOG i gCill Dara (Baile Átha Í, Léim an Bhradáin agus Droichead Nua) orthu. Fearadh fáilte freisin roimh 30 iarrthóirí ar chúrsaí éagsúla do chéimeanna airgeadais, gnó agus eolaíochta don chéad **scoil samhraidh matamaitice do mhic léinn lánfhásta**. D'eagraigh Oifig na Mac Léinn Lánfhásta an scoil i gcomhar le Roinn na Matamaitice. Is meascán de léachtaí agus foghlaim féin-treoraithe sa tSaotharlann Matamaitice atá sa chúrsa dhá sheachtaine.

Chuir an Oifig Rochtana agus sé institiúid ardoideachais eile a gcuid saineolais agus acmhainní le chéile chun cúrsaí rochtana, ar a dtugtar 'Rochtain 21', a chur chun cinn trí straitéisí for-rochtana, le rannpháirtíocht a leathnú agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn i réigiún na teorann, lár na tíre agus an iarthair chomh maith le Contae an Chláir. Tháinig dáréag mac léinn chuig OÉ Má Nuad ag leanúint an bhealaigh seo in 2008–2009, agus tuairiscítear go raibh athrú gan fhadhb i gceist dóibh ar fad, go háirithe an mac léinn lánfhásta atá ina cheannaire ar an gcumann den ainm céanna.

### Leathnú For-Rochtana

Leathnaíodh an **Bealach Rochtana ar Ardoideachas/ Higher Education Access Route (HEAR)** le gach scoil i réigiún na teorann, lár na tíre agus an iarthair a chuimsiú agus rinneadh forbairt air le bheith bunaithe níos mó ar chórais. Is scéim iontrála tríú leibhéal í HEAR do mhic léinn ó chúlra atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch; thug NIRSA faoi gheochódú iarrthóirí le hincháilitheacht a shocrú in 2009.

Chuir tionscadal nua leis an múinteoir ar cuairt don **lucht siúil san Iarmhí** ar chumas MAP dul i mbun rannpháirtíochta le dhá ionad oiliúna don lucht siúil sa chontae agus osclaíodh gníomhaíochtaí for-rochtana do mhic léinn óga ón lucht siúil i scoileanna na hIarmhí. Tá tús á chur le gníomhaíochtaí cosúla le **scoileanna CDSS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh) i gCill Chainnigh** agus campas Chill Chainnigh OÉ Má Nuad. Bhí searmanas dámhachtainí speisialta do lucht na tríú bliana dírithe ar dhaltaí a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar an Ollscoil agus oideachas tríú leibhéal mar fhéidearthacht dáiríre agus léargas a thabhairt dá dtuismitheoirí agus múinteoirí ar a gcuirtear ar fáil ag an dá champas ag an am céanna.

Lean an rath a bhí leis an tionscnamh **KITE** do naoi meánscoil i gCill Dara, le 22 gníomhaíocht i gcaitheamh na bliana ag tabhairt daoine óga ó chúlra de mhíbhuntáiste socheacnamaíoch chuig OÉ Má Nuad agus an Ollscoil a chur i lár an phobail le cabhrú chun uaillmhianta a ardú agus daoine óga a spreagadh le fanacht san oideachas.

### Rannpháirtíocht a Leathnú

Ghlac beirt bhall foirne, Martha Brandes agus Kelly Roche, páirt sa chéad bhliain den **chúrsa Chomhionannas san Ard-Oideachas** arna eagrú ag Access Made Accessible (AMA) agus Ionad Staidéar an Chomhionannais UCD. Bhí cathaoirleach an AMA (an líonra d'oifigigh rochtana ardoideachais) Ann O'Brien ríthábhachtach ó thaobh dhearadh an chúrsa nuálaíoch seo de. Deis den scoth a bhí ann chun anailís a dhéanamh ar na ceisteanna a chuireann leis an neamhionannas seasmhach maidir le rochtain agus rannpháirtíocht san ardoideachas. Beidh an chéad chúrsa eile in 2009–10 ar oscailt do dhaonra níos leithe atá ag obair sa réimse leathnaithe rannpháirtíochta.

I gcomhar le comhghleacaithe ón Roinn Oideachais agus ón Lárionad Teagaisc agus Foghlama, thug an Oifig Rochtana **léachtaí maidir le rannpháirtíocht a leathnú** do na Dioplómaí san Ard-Oideachas agus sa Treoir agus Comhairleoireacht. Tá MAP ina chomhpháirtí freisin ar **thionscnamh taighde** le New Era agus Institiúid Geary de chuid UCD chun measúnú cainníochtúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gclár rochtana maidir le dul chun cinn na ndaoine óga ó scoileanna faoi mhíbhuntáiste go hardoideachas, rátaí coinneála ollscoile, conas mar a éiríonn leo i scrúdú na céad bliana, agus aicmiú deiridh sa chéim. Le maoiniú ón gCiste Nuálaíochta Straitéiseach, cuirfear na torthaí ón dtaighde i láthair ag comhdháil i mí na Nollag 2009.

LE DEICH MBLIANA ANUAS, BHAIN NÍOS MÓ NÁ 1,000 MAC LÉINN LÁNFHÁSTA CÉIM AMACH CHOMH MAITH LE 350 CÉIMITHE Ó GHRÚPA NA NDAOINE FAOI MHÍCHUMAS AGUS LUCHT FÁGÁLA SCOILE. GHLAC 110 MAC LÉINN PÁIRT SA SEISIÚN TREOSHUÍOMH ROCHTANA IN 2008, AGUS MEASTAR GO MBRONNFAR CÉIM ONÓRACH AR 70% DE MHIC LÉINN ROCHTANA NA BLIANA DEIRIDH IN 2009.



**Saoráidí Nua**

Bhí pobal na hOllscoile go léir ar bís nuair a fógraíodh **síneadh nua Leabharlainne** do Leabharlann Eoin Pól II. Tá gach duine ar aon intinn go gcuirfidh an tionscadal tógála seo saoráid den chéad scoth ar fáil a chomhfhreagróidh don fhás ollmhór sna gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus taighde ag OÉ Má Nuad.

Chomh maith leis sin, sheol an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa an **Lárionad Cartlainne agus Taighde nua de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí-OÉ Má Nuad** i mBaile an Chaisleáin i gCill Dara ag deireadh na bliana 2008. Le tacaíocht ón Leabharlann agus ó Roinn na Staire, tá an Lárionad tiomanta do stóráil, chaomhnú agus staidéar ar thaifid stairiúla agus ar fhoinsí eile, go háirithe iad siúd a bhíonn ag plé le stair eastáit talún na hÉireann, a dtithe agus na daoine a bhí ina gcónaí orthu. Ag cloí le téama teilifíseach na bliana seo, craoladh clár speisialta a dhírigh ar an gcartlann ag Teach Pháirc Bhéal na mBuillí, ábhair a bhaineann le tréimhse an Ghorta Mhóir den chuid is mó, agus an t-aistear suimiúil ó Chontae Ros Comáin go Contae Chill Dara. Craoladh an clár ar *Nationwide* ar RTÉ i lár mhí an Mheithimh, an tráth a d'oscail an Lárionad.

**Taispeántais**

Idir chearta an duine agus dhaonnachtaí digiteacha, Copernicus agus Kerouac, eagraíodh líon suntasach taispeántas i gcaitheamh na bliana acadúla seo caite, go leor acu i gcomhar le comhghleacaithe ó na dámha éagsúla.

Mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta bhliantúil bhí *Bunús na Réalteolaíochta Nua-aimseartha: taispeántas alt, grianghraf agus leabhar* a léirigh saol agus aimsir **Nicolaus Copernicus**, a meastar a bheith ina bhunaitheoir den réalteolaíocht nua-aimseartha. Osclaíodh *Corp agus Intinn: Dearcadh i leith an tSaoil Bhig* i rith Seachtain na hEolaíochta freisin agus lean sé go dtí mí Feabhra i Leabharlann Russell.

An mhí ina dhiaidh sin, rinne a Soilse Priscilla Jana, Ambasadóir na hAfraice Theas go hÉireann, cuairt chun comóradh a dhéanamh ar 60 bliain ó glacadh le **Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine**. Chomh maith le breathnú ar an ábhar a bhí á thaispeáint ag an Leabharlann, ghlac an tAmbasadóir an t-am chun súil a chaitheamh ar thaispeántas bliantúil na mball foirne agus na mac léinn.

Bhí sárthaispeántas ar thorthaí foilsithe na Dáimhe lárnach **d'Fhéile Eolaíochtaí Sóisialta na Leabharlainne**, agus bhí níos mó ná 500 ní ar taispeáint. Ag an oscailt i rith an tsosa idirsheimeastair, dúirt an tUachtarán John Hughes, 'Léiríonn an taispeántas seo raon agus fairsinge an fhoilsithe atá ar bun i nDámh na nEolaíochtaí Sóisialta, rud ar fiú go mór ceiliúradh a dhéanamh air'. Bhí leabhar ábhartha a fuarthas le déanaí ar taispeáint freisin. Is éard atá ann ná an leabhar is luaithe atá ag an Leabharlann a dhéanann cur síos ar Éirinn agus a foilsíodh i 1478.



I rith na Féile, bhronn Stiúrthóir an Choiste an tsraith iomlán d'fhoilseacháin an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas ar an leabharlann. Seoladh roinnt leabhar, lena n-áirítear *Adult Learning in Groups* leis an Dr Brid Connolly, *Communication and Knowledge Sharing at Work* leis an Dr John Cullen agus *Radical learning for Liberation 2* arna chur in eagar ag Brid Connolly, Ted Fleming, David McCormack agus Ann Ryan, agus rinneadh cur i láthair éagsúla a bhain le taighde agus foilsitheoireacht i réimse na n-eolaíochtaí sóisialta i gcaitheamh na seachtaine.

Le teacht an Earraigh bhí **Jack Kerouac *Back On The Road*** mar bhuaicphointe de thaispeántais na bliana. Ba é Leabharlann Russell a rinne an taispeántas a óstáil i gcomhpháirtíocht le Scoil an Bhéarla, na Meán agus Staidéar Amharclannaíochta. Aithnítear anois an scrolla bunaidh 127 troigh den téacs de *On the Road*, a clóscríobhadh in aon phíosa amháin i 1951, mar cheann de na lámhscríbhinní liteartha nua-aimseartha is cáiliúla agus is tábhachtaí. Bhí sé oscailte don phobal i gcoitinne, agus tháinig os cionn 1,000 daoine chun an scrolla a fheiceáil.

I measc na dtaispeántas spreagúil eile, clúdaíodh *An Ghaeilge: Múineadh agus Foghlaim le céad bliain*, ábhar i mBascais agus comóradh ar 200 bliain ó rugadh Charles Darwin chomh maith le 150 bliain ó foilsíodh *On the Origin of Species*.

## Bailiúcháin Chomhoibríocha

Tháinig méadú eile ar na bailiúcháin i gcló agus na bailiúcháin leictreonacha, agus tá rochtain ar 180,000 leabhair agus 26,000 irisleabhar ar fáil sa Leabharlann go leictreonach. Anuas ar an méid sin, tá rochtain leictreonach ar an téacs iomlán de 184,000 páipéar Parlaiminte de chuid Theach na dTeachtaí.

Cuireann an chartlann ePrint, an chéad chartlann dá leithéid in Éirinn, rochtain ar níos mó ná 1,300 foilseachán ar fáil do phobal na hollscoile ar fud na cruinne. Thug an Leas-Uachtarán um Thaighde, an tOllamh Ray O'Neill, an leagan is déanaí den chartlann, ePrints3, isteach ag tús na bliana. Is comhpháirtí í an Leabharlann freisin i dtionscadal Chumann Ollscoileanna Éireann, a fhaigheann maoiniú ón gCiste Nuálaíochta Straitéiseach, chun tairseach amháin a chruthú don aschur taighde ó na seacht leabharlann ollscoile in Éirinn. Tá an comhéadan seo, a dhéanfaidh próifíliú ar thaighde na hÉireann go hidirnáisiúnta, le seoladh go luath in 2010.



←
Róisín Berry, Cartlannaí, OÉ Má Nuad; An tUachtarán Mary McAleese; agus an tOllamh John Hughes, Uachtarán.

→
Míníonn an tOllamh Chris Morash scroll íocónach Jack Kerouac 'On the Road' ag taispeántas don phobal sa Leabharlann Russell.

De thoradh comhoibrithe idir OÉ Má Nuad agus Caisleán Howard, tháinig **scrolla 300 troigh** ar ais go hÉirinn i mí na Bealtaine 2009 don chéad uair le 160 bliain. Díreofar imscrúdú suntasach léannta air a dhéanfaidh an Lárionad um Staidéar ar Thithe agus ar Eastáit Stairiúla na hÉireann, an Foras Feasa agus baill foirne Leabharlann Russell.

## Acmhainní Cabhracha

Chuaigh foireann na Leabharlainne isteach i ré nua a bhuíochas do bheirt bhall foirne nua a fostaíodh. Bhíodh **Cathal McCauley**, a chuaigh i mbun poist mar Leabharlannaí Ollscoile ag tús na bliana acadúil 2008, ina iar-Cheann ar Sheirbhísí do Léitheoirí i Leabharlann UCD agus d'oibrigh sé freisin sna codanna eolaíochta, leighis agus gnó den tseirbhís. Roimh a ghairm bheatha ollscoile, fostaíodh Cathal i gcomhairleacht bainistíochta. Ceapadh **Róisín Berry** i mí Bealtaine na bliana céanna agus oibríonn sí mar Chartlannaí sa Leabharlann agus sa Lárionad Cartlainne agus Taighde nua ag Teach Bhaile an Chaisleáin. Chuir baill foirne na leabharlainne níos mó ná 20 páipéar comhdhála i láthair agus bhí baint réamhghníomhach acu san fhoilsitheoireacht, ag cur le forbairt náisiúnta agus idirnáisiúnta leabharlann i gcoitinne dá bhrí sin.

Bhí ról lárnach ag an Leabharlann sna scileanna cineálacha nuabhunaithe do chláir iarchéime. I measc an ionchuir, eagraíodh **ceardlanna iarchéime** maidir le faisnéis a fhoinsiú agus a bhainistiú sna heolaíochtaí, sna eolaíochtaí sóisialta, sna healaíona agus sna daonnachtaí agus ceardlanna maidir le foilsiú sna heolaíochtaí agus san innealtóireacht.

Tá sainseirbhísí leabharlainne ar fáil go héasca do mhic léinn ar an gcampas agus taobh amuigh dó araon, le 50,000 amas go dtí seo ar an spás **Moodle** agus é ina uirlis úsáideach chun míreanna nuachta a phostáil agus chun aiseolas a fháil ó úsáideoirí. Tá borradh faoin **tseirbhís líne chabhrach** téacs agus mic léinn ag seoladh téacsanna lena gcuid fiosrúcháin chomh maith le r-phoist, glaonna nó cuairteanna pearsanta a thabhairt ar an Leabharlann. Tá pleananna idir lámha freisin chun leas a bhaint as teicneolaíocht an Ghréasáin 2.0 chun tuilleadh feabhais a chur ar sheirbhísí d'úsáideoirí san fhormáid is oiriúnaí.

# 2.8 OIFIG NAGAEILGE AGUS OIFIG NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA

D'éirigh le hOifigigh na Gaeilge tógáil ar an méid imeachtaí agus ranganna Gaeilge i mbliana agus suim san ábhar a choimead agus a mhúscailt i measc na foirne agus na mac léinn dúchasach agus eachtranach maraon. Leanadh ar aghaidh le cabhair, eolas agus aistriúcháin a sholáthar do bhaill na hOllscoile. Aistríodh cáipéisí do Dhámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta agus chuir an Dámh féin aistriú comhuaineach ar fáil ag cruinnithe. Baineadh an-leas as Seomra na Gaeilge i mbliana, mar ionad caidrimh ag mic léinn agus baill foirne ar mian leo a gcuid Gaeilge a chleachtadh.

### Scéim Teanga na hOllscoile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga cigireacht ar an méid a bhí geallta ag OÉM sa chéad Scéim Teanga (2005–2008) agus bhí siad sásta gur comhlíonadh an méid a gealladh sa scéim. Cuireadh an Dara Scéim teanga le chéile agus seolfar é i mí Meán Fómhair 2009. Faoin scéim tá méadú tagtha ar an méid cáipéisí agus seirbhísí i nGaeilge atá ar fáil chomh maith leis na comharthaí thart timpeall na hOllscoile a bheith dátheangach.

### Seachtain na Gaeilge

Comóradh Seachtain Náisiúnta na Gaeilge ar fud na hOllscoile. Bhain idir fhoireann agus mhic léinn taitneamh as na hócáidí. Oíche shnagcheoil agus fhilíochta ilteangaí a bhí sa seoladh. Bhí cúpla céad duine i láthair ag ceolchoirm le Lasairfhíona Ní Chonaola agus a cairde. Ba é an tOllamh Micheál Ó Cróinín aoi-léachtóir na seachtaine; dhein sé cur i láthair ilmheánach spreagúil, 'Aistriúcháin ar an Scáileán'. Bhí ceol, comhrá agus comórtas Wii ar siúl i Seomra na Gaeilge i rith na seachtaine. D'eagraigh Valerie Seymour agus Susan Durack taispeántas i Leabharlann Eoin Pól 11, 'An Ghaeilge: Múineadh agus Foghlaim le céad bliain'. Bhí iliomad leabhar, leabhrán agus paimfléad le feiscint, cuid acu uathúil, mar shampla, *Ceachta Beaga* agus léaráidí le Jack B. Yeats ann.

### Matamaitic trí Ghaeilge

Is é seo an tríú bliain do Roinn na Matamaitice an modúl 'Codaigh agus Córais Dhinimiciúla Réadacha' (MT480C) a thairiscint mar mhodúl roghnach trí Ghaeilge do gach fochéimí sa bhliain dheireanach. Le tacú ó Sholáthar Speisialta an HEA don Ghaeilge a tosnaíodh air seo. Is é an tOllamh Stiofán Ó Buachalla a mhúin an cúrsa; bhí duine is fiche cláraithe i mbliana. Cuireadh fáiltiú ar siúl dóibh i Seomra na Gaeilge agus táthar ag súil go mbainfidh mic léinn an mhódúil leas as an seomra go rialta as seo amach.

### Ranganna Gaeilge agus Ócáidí Rialta don Fhoireann

Bhí freastal maith ar ranganna Gaeilge don fhoireann i mbliana agus fonn orthu leanacht ar aghaidh sa bhliain acadúil 2009–2010. Bhí sé dhuine dhéag as tíortha thar lear ina measc siúd a d'fhreastail ar na ranganna, iad go léir ag úsáid ábhar an TEG.

Ar na hócáidí rialta a bhí ar siúl bhí an bord Gaeilge i mbialann Pugin agus seisiúin chomhrá i Seomra na Gaeilge uair sa tseachtain. Ghlac baill Ollscoile ó ranna agus aonaid éagsúla páirt iontu seo.

### For-Rochtain agus Teagmháil le saol na Gaeilge

D'fhreastail na hoifigigh ar go leor imeachtaí arna n-eagrú ag na heagraíochtaí Gaeilge éagsúla agus spreag siad baill na hOllscoile freastal orthu. Chuaigh ceathrar is fiche ar an an turas bliantúil go dtí Oireachtas na Samhna, mór-fhéile cheoil agus chultúir na Gaeilge, a eagraíonn na hOifigigh Ghaeilge, Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn agus an Chuallacht Ghaeilge. D'fhreastail cuid de mhuintir na Gaeilge san Ollscoil ar an dráma Craos, le Darach Ó Scolaí ar i mí Dheireadh Fómhair sa New Theatre, i mBaile Átha Cliath. Cuireadh ranganna Gaeilge ar fáil do na cléirigh sa chéad agus sa dara bliain i gColáiste Naomh Phádraig, Má Nuad. Coinníodh an nasc le Comhar na Múinteoirí Gaeilge agus bhí Maidin na nDaltaí san Ollscoil acu i mí Feabhra. Tionóladh ócáid speisialta do bhaill den sruth lán-Ghaelach in Iarbhunscoil Mhá Nuad agus dá múinteoir, an Dr Íde Ní Uallacháin, nuair a bhain siad Craobh na hÉireann i nDíospóireacht an Phiarsaigh (Gael Linn).



← Kate Fennell, Oifigeach Acht na dTeangacha, OÉ Má Nuad, an Dr Íde Ní Uallacháin, Siobhán Ní Fhoghlú, Oifigeach Gaeilge, OÉ Má Nuad, leis an bhfoireann bhuacach: Sinéad Ní Mhuirí, Gillian Ní Chathmhaoil (captaen), Seán Mac Giobúin-Uí Mhórdha agus Bébhinn Ní Chiosáin.



Próifíl

**Dr Honor Fagan**
Déan ar Staidéar Iarchéime

Is sainchúram lánaimseartha atá sa phost nua-chruthaithe de Dhéan ar Staidéar Iarchéime chun forbairt a thiomáint ar chur chuige sainiúil i leith an oideachais iarchéime ag OÉ Má Nuad, lena stádas mar institiúid cheannasach ceathrú leibhéal a dhaingniú. Ghlac Honor Fagan leis an dúshlán seo agus, trína ról ríthábhachtach comhordaithe agus ceannaireachta, tá sí lárnach anois san Ollscoil agus ag stocaireacht ar a son sna fóraim náisiúnta.

Ag obair go dlúth leis an Leas-Uachtarán um Thaighde agus leis an gCláraitheoir, agus ag tuairisciú dóibh beirt, tá Honor freagrach as gach gné den oideachas iarchéime. Áirítear leis seo idirchaidreamh le ranna acadúla chun punann na máistreachtaí múinte agus na gclár struchtúraithe PhD a fheabhsú agus úsáid éifeachtach ar mhaoiniú scoláireachta a chinntiú. Mar chomhalta den Chomhairle Acadúil, tá cúram uirthi freisin beartais na hollscoile agus dea-chleachtas sa mhaoirseacht taighde a chur chun cinn. Tá Honor ina hurlabhraí thar ceann na hOllscoile sa 'Líonra 4ú Leibhéal' náisiúnta agus tá sí i gceannas ar chláir chomhoibríocha iarchéime a chruthú le hinstitiúidí eile.

Agus í ag treorú obair Oifig na Staidéar Iarchéime, bíonn Honor ag idirghníomhú go rialta le mic léinn iarchéime. Is mór léi na socruithe nua cosúil leis an gComhairle Aiseolais ó Iarchéimithe a ligeann d'ionadaithe rannacha na mac léinn iarchéime a bheith i lár na cinnteoireachta fad agus a bhaineann sé le cúrsaí iarchéime. Admhaíonn sí áfach gur féidir leis a bheith deacair beartais a fhorbairt go tapa agus go héifeachtach i gcomhthéacs athraitheach na géarchéime airgeadais náisiúnta. 'Is féidir linn tacú le téarnamh geilleagrach na hÉireann ar go leor leibhéal, ach rud ríthábhachtach dúinn faoi láthair ná iarchéimithe den chéad scoth a chur ar fáil a bhfuil sraitheanna eolais oiriúnacha acu. Ní mór don tír seo líon na n-iarchéimithe dochtúireachta taighde a mhéadú faoi dhó roimh 2013 le fanacht iomaíoch san áit mhargaidh idirnáisiúnta.

Táimid ag obair gan staonadh i dtreo an athstruchtúraithe le go féidir linn na cláir taighde ábhartha a thairiscint agus an t-ábhar atá iontu a shaibhriú maidir lena fhairsinge agus a dhoimhne. Anois táimid ag cur ár gcuid den sprioc náisiúnta ar fáil go rathúil.'

Ag an am céanna, tagraíonn Honor don bhunús níos sine atá le hobair na hOifige mar seo a leanas: 'Is é an uaillmhian atá againn ón tús ná tacú le daoine todhchaí níos fearr a phleanáil dóibh féin trína gcuid oideachais agus a gcuid cáilíochtaí a leathnú trí bhreisoiliúint, uasghrádú agus athoideachas. Is bealach riachtanach dearfach é infheistíocht a dhéanamh san eolas chun déileáil leis an droch-chás atá romhainn san am i láthair.'

Tá Honor i Roinn na Socheolaíochta ó 1997 i leith tar éis di 15 bliana san iomlán a chaitheamh ag tabhairt léachtaí ar an ábhar. Bhí poist aici roimhe seo ag Ollscoil Uladh, Ollscoil Kwazulu-Natal agus Ollscoil Leeds. Is í an inspioráid atá taobh thiar dá cuid múinteoireachta, taighde agus saol gairmiúil ag freastal ar oideachas tríú leibhéal, ná suim bhunúsach i neamhionannas agus eisiaimh, agus tóraíocht chun na gnéithe éagsúla a bhaineann leo a thuiscint agus dul i ngleic leo. 'Tá mo chuid taighde dírithe go sonrach i dtreo sineirge a chruthú idir eolas socheolaíoch, daonlathas radacach agus saoránacht. Ar an ábhar seo, chuaigh mé i ngleic le ceisteanna móra maidir le domhandú, eisiaimh shóisialta, rialachas agus forbairt.'

Is iad na spriocanna atá aici don todhchaí ná tairiscintí struchtúraithe PhD na hOllscoile a leabú, tagarmharcáil a dhéanamh ar chláir iarchéime go hidirnáisiúnta, agus naisc a fhorbairt le tíortha i mbéal forbartha san Afraic chun ardacmhainní OÉ Má Nuad a roinnt agus a saineolas a chur ag obair chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt chothrom san ardoideachas. Cé go n-éilíonn a post mar Dhéan formhór a cuid ama ar fad, tá Honor fós gníomhach mar thaighdeoir agus mar údar. Tá sí ag díriú ar an bhfoilseachán is déanaí dá cuid a sheoladh, a comh-scríobhadh le Ronaldo Munck: *Globalisation and Security – An Encyclopaedia* go déanach i mí Dheireadh Fómhair.

# 3 TAIGHDE



THUG AN TAOISEACH BRIAN COWEN T.D. CUAIRT AR OÉ MÁ NUAD I MEITHEAMH 2009 LE SONRAÍ A FHÓGAIRT MAIDIR LE HINFHEISTÍOCHT €1 MHILLIÚN SA CHÉAD CHÉIM DEN TIONSCNAMH MAIDIR LE HIONAD INNIÚLACHTA NA HINSTITIÚIDE UM LUACH NUÁLAÍOCHTA, ARNA CHÓMHAOINIÚ AG FIONTRAÍOCHT ÉIREANN AGUS AG AN ÚDARÁS FORBARTHA TIONSCAIL.




Fíor 1. Luanna na hInstitiúide um Fhaisnéis Eolaíochta ar fhoilseacháin OÉ Má Nuad

## 3.1 BUAICPHOINTÍ TAIGHDE

Bhí rath leanúnach ar an taighde ag OÉ Má Nuad in 2008, agus chuaigh tionchar idirnáisiúnta an taighde sin i méid freisin. Mhéadaigh an caiteachas taighde a maoiníodh go seachtrach go níos mó ná €22 milliún in 2007–08 agus bronnadh dámhachtainí nua arbh fhiú níos mó ná €34 milliún iad ar thaighdeoirí sna trí dhámh i rith na tréimhse céanna. Figiúr buaice é seo don dara bliain i ndiaidh a chéile, agus cuimsíonn sé 131 deontas iomaíoch aonair a bronnadh ar 75 príomhthaighdeoirí. Cuirfidh na torthaí maoinithe seo ardán seasta ar fáil chun bonn taighde foriomlán na hOllscoile a choinneáil sna blianta amach romhainn, fiú amháin le dúshláin ollmhóra eacnamaíocha inár gcoinne.

Léiríodh torthaí díreacha na hinfheistíochta taighde freisin tríd an 58 céim PhD a bronnadh, níos mó ná 270 foilseachán in irisleabhair idirnáisiúnta, go leor leabhar agus tuairiscí rialtais, agus níos mó ná 3,500 lua ar thaighde OÉ Má Nuad. Is méadú de níos mó ná 67% le trí bliana anuas atá i líon na luanna sin (féach fíor 1) agus is tomhas úsáideach atá ann ar aistriú na dtorthaí taighde ón gcampas go dtí an saol mór. Chomh maith leis sin, thosaigh 120 mac léinn dochtúireachta ag staidéar in 2008–09, arís eile an líon is mó ríomh, agus is comhartha maith é sin don aidhm atá ann 91 céim PhD a bhronnadh in aghaidh na bliana faoin mbliain 2013. Bhí suntas ar leith ag baint leis an dá sheach-chuideachta ardteicneolaíochta a bunaíodh sa tréimhse dhá bhliain chomh maith le dhá dhámhachtain náisiúnta i gcomhair tráchtálaithe a fháil ó Fhiontraíocht Éireann. Taispeánann na héachtaí seo i dtráchtálú an taighde uair amháin eile go bhfuil tionchar náisiúnta na hOllscoile níos mó ná mar a bheifeá ag súil leis. Tá sonraí breise ar fáil sa chuid tráchtálaithe thíos.

I mí Mheán Fómhair 2008, ceapadh an Dr Honor Fagan ó Roinn na Socheolaíochta ina **Déan ar Staidéar Iarchéime**. Léiríonn an ról speisialta seo go bhfuil tábhacht na staidéar iarchéime ag dul i méid i misean na hOllscoile, agus go bhfuil gá le ceannaireacht chun forbairtí sa chineál oideachais iarchéime atá ar fáil a bhrú chun cinn. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha amach ag an Ollscoil le haghaidh líon níos mó mac léinn sna máistreachtaí taighde agus múinte araon agus tá na treochtaí le déanaí an-dearfach ina leith sin. Tá na tionscnaimh luachmhara, ar cuireadh tús leo in 2007 faoin gCiste Nuálaíochta Straitéisí an Údaráis um Ard-Oideachas, díreach chomh tábhachtach céanna leis an bhfás i líon na mac léinn. Dearadh na tionscnaimh seo chun caighdeán na gclár PhD a fheabhsú trí rochtain a sholáthar ar oiliúint scileanna inaistrithe agus ar ardchúrsaí i ndisciplíní sonracha. Is é sainchúram an Déin nua é na gnéithe seo uile a threorú.

### Gnó na TF

Thug an Taoiseach Brian Cowen TD cuairt ar OÉ Má Nuad i Meitheamh 2009 le sonraí a fhógairt maidir le hinfheistíocht €1 mhilliún sa chéad chéim den **tionscnamh maidir le hIonad Inniúlachta na hInstitiúide um Luach Nuálaíochta (ILN)**, arna chómhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann agus ag an Údarás Forbartha Tionscail (ÚFT). Is cuid shuntasach straitéiseach de bheartas an rialtais saineolas acadúil a ailíniú chun tacaíocht a thabhairt do chlár oibre taighde atá stiúrtha ag an tionscal atá san Ionad Inniúlachta, agus réitíonn sé go maith le tionscnamh reatha na hOllscoile sa réimse seo tríd an Institiúid um Luach Nuálaíochta.

Bunaíodh an Institiúid in 2006 trí nasc láidir idir OÉ Má Nuad agus Intel, agus is éard atá ann ná cuibhreannas d'eagraíochtaí ceannasacha tionscail, comhairleachta, seachbhrabúsacha agus acadúla atá ag forbairt agus ag triail bealaí nua chun infheistíochtaí TF a ailíniú níos fearr le torthaí gnó. Tá níos mó ná 40 ball earcaithe ag an gcuibhreannas cosúil le The Boston Consulting Group, Microsoft, Chevron, SAP, Northrop Grumman, British Petroleum agus Ernst & Young. Spreagann na comhpháirtíochtaí straitéiseacha taighde seo idir an tionscal agus an saol acadúil nuálaíocht agus cuireann siad buntáiste iomaíochta ar fáil do thionscal na hÉireann.

Tharla an fógra ag an am céanna agus an seoladh Eorpach den chéad táirge de chuid na hInstitiúide, ar a dtugtar an **Creat do Lánchumas Aibíochta TF** (CLA-TF). Cuireann an córas uathúil seo plean oibre beacht bainistíochta ar fáil chun creat a eagrú, a thomhas agus a struchtúrú chun iarrachtaí maidir le TF a fheabhsú a mhapáil in eagraíocht. Tá an CLA-TF curtha i bhfeidhm ag níos mó ná 120 cuideachta ar fud na hEorpa agus SAM. Go deimhin, bhí an seoladh Meiriceánach i San Francisco go luath in 2009 tráthúil mar gheall ar an mbrú atá ar oifigigh faisnéise de bharr an chúlaithe chun luach gnó inléirithe níos mó a bhaint as an gcaiteachas TF.

Is í an Institiúid um Luach Nuálaíochta an tionscnamh nuálaíochta oscailte is mó de chuid Intel, agus tá an Institiúid á hóstáil ag OÉ Má Nuad. Tá an Ollscoil i mbun dlúth chomhpháirtíochta freisin le saotharlann oscailte nuabhunaithe de chuid Intel Labs Europe i Léim an Bhradáin, ag comhoibriú ar thionscadail ar nós SmartBay. Is ardán taighde agus nuálaíochta atá in Intel Labs Europe a bhunaigh Intel le dhá mhol i Léim an Bhradáin agus i München. Déanann sé comhordú ar obair 850 taighdeoirí Intel atá ag obair ar fud an Aontais Eorpaigh.

← Stacy Smith, Chief Financial Officer, Intel; Jim O Hara, General Manager Intel Ireland; An Taoiseach Brian Cowen, TD; and Professor John Hughes, President at the announcement of state funding for IVI.

**Comhaltachtaí a Bronnadh**

Lean na heolaithe agus innealtóirí is fearr in OÉ Má Nuad orthu ag feidhmiú go láidir i bpróisis na ndámhachtainí iomaíocha le déanaí. Go háirithe, bronnadh **Dámhachtain Thaighdeoir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann** ar cheathrar in 2008: an tOllamh Paul Moynagh (Imdhíoneolaíocht), an tOllamh Rick Middleton (Institiúid Hamilton), an tOllamh John Findlay (Bitheolaíocht) agus an Dr Joost Slingerland (Fisic Mhatamaiticiúil). Tá na dámhachtainí seo dírithe ar mhaoiniú suntasach a chur ar fáil do chláir taighde ar scála mór a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo, agus bhain an Ollscoil amach thart ar 10% de na dámhachtainí iomlána don bhliain. Bhí an rath maidir le maoiniú **Taighde Teorann FEÉ** cosúil leis seo in 2008 agus in 2009 ó thaobh céatadáin de. Fuarthas 14 dhámhachtain arbh fhiú €2.8 milliún iad agus 7 ndámhachtain arbh fhiú €1.3 milliún iad faoi seach. Tacaíonn an clár seo le taighde ceannródaíoch nuálaíoch atá iomaíoch go hidirnáisiúnta i raon leathan disciplíní san eolaíocht, sa mhatamaitic agus san innealtóireacht. Cabhróidh maoiniú Taighde Teorann na bliana 2009 chun forbairt a dhéanamh ar ghlúine teicneolaíochta agus táirgí amach anseo i réimse atá ríthábhachtach don ghnáthshaol laethúil cosúil, mar shampla, le cóireáil d'ailse agus do ghalar Alzheimer, scanadh ÍAM agus cumarsáid mhóibíleach.

Earcaíodh seisear ball foirne nua trí scéim **Comhaltachta Stokes Fhondúireacht Eolaíochta Éireann**. Tugann na dámhachtainí seo tacaíocht airgeadais chun taighdeoirí den scoth a earcú i gcomhréir le plean forbartha straitéisí roinne nó institiúide, agus cuimsíonn na dámhachtainí tuarastal cúig bliana do na taighdeoirí seo. Ba iad na faighteoirí ar éirigh leo sa chás seo ná an Dr Jennifer McManus (a tháinig ó MIT go Roinn na Ceimice), an Dr Alexei Poznoudkov (a tháinig ó Lausanne go dtí an Lárionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht), an Dr Constantin Vernicos (a tháinig ó Montpellier go Roinn na Matamaitice), an Dr Phillippe Moser (a tháinig ón nGinéiv go Roinn na hEolaíochta Ríomhaireachta), an Dr David Malone (a tháinig go hInstitiúid Hamilton) agus an tOllamh Stephen Kirkland (a tháinig ó Ollscoil Regina, Ceanada go hInstitiúid Hamilton). Is í an infheistíocht sna baill foirne an infheistíocht aonair is tábhachtaí gur féidir le hollscoil a dhéanamh, agus le hearcaigh idirnáisiúnta den chaighdeán seo, tá OÉ Má Nuad ag cur leis an mbonn le go n-éireoidh léi amach anseo.

Leagadh béim ar cháil Roinn na Staire mar cheann de na hionaid cheannasacha in Éirinn sna daonnachtaí de bharr gur éirigh léi ceithre **Chomhaltacht Iardhochtúireachta** a fháil i measc 30 cinn tríd an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta in 2009. Is iad an Dr Richard McMahon, an Dr Stephen O'Connor, an Dr Jennifer Redmond agus an Dr Colin Reid na comhaltaí a bheidh ag teacht isteach. Fuair OÉ Má Nuad a céad **Chomhaltacht Cochrane** a bhuíochas le Mairéad Furlong, Comhalta Dochtúireachta sa Roinn Síceolaíochta. Tacóidh Comhaltacht HRB, a bhfuil sé mar aidhm léi tabhairt faoi athbhreithnithe cáilíochta i réimse an tsláinte, le hathbhreithniú córasach ar *Behavioural, group-based parenting interventions for children (aged 3–12) with early onset conduct problems*.

**Ríomhaireacht Ard-Fheidhmíochta**

Aithnítear go forleathan gurb é an taighde ríomhaireachta a bheidh ar cheann de na príomhthreochtaí claochlaithe sa 21ú hAois. In iarracht acmhainní eisceachtúla a chur ar fáil do thaighdeoirí ríomhaireachta san Ollscoil agus in institiúidí comhpháirtíochta, sheol OÉ Má Nuad Áis Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta i gcomhar le hIonad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil (ICHEC) i mBealtaine 2009. Is éard atá sa chóras nua, arna chumasú trí dheontais um shaoráidí agus trealamh taighde a fheabhsú a bhronn an tÚdarás um Ard Oideachas le déanaí, ná crua-earraí ríomhaireachta den scoth chomh maith leis an riarachán lárnach atá riachtanach i gcomhair rochtana agus tacaíocht d'úsáideoirí. Tá roinnt mórghrúpaí taighde san Ollscoil a bhainfidh leas as na feidhmchláir reatha, lena n-áirítear samhaltú aeráide, bithaisnéisíocht agus géineolaíocht éabhlóideach, innealtóireacht ar chórais rialaithe do theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, agus ionsamhladh ar chórais fhisiceacha don ríomh candamach.

Tá dhá fho-chóras leithleach, ach a bhfuil gaol eatarthu, sa tsaoráid nua. Is braisle Silicon Graphics le 366 croí atá sa chéad fho chóras, agus déanfaidh an Lárionad Ríomhaireachta agus Roinn na Eolaíochta Ríomhaireachta cothabháil air ar champas Mhá Nuad. Is é an dara cuid den chóras ná acmhainn Silicon Graphics atá cosúil leis le 168 croí. Tá an acmhainn seo ina cuid de chóras atá i bhfad níos mó le 2560 croí (Stokes), atá á oibriú ag an ICHEC mar sheirbhís riachtanach náisiúnta. Bhí an córas Stokes seo rangaithe ag uimhir 117 sna 500 Sár-Ríomhaire Is Fearr ar domhan i mí Feabhra 2009. Trí shaoráid lárnach ollscoile a chur ar fáil, déanfar cinnte de go mbeidh rochtain dhíreach ar an ríomh ar fáil, ar shlí chostéifeachtach, do gach taighdeoir a mbíonn ríomh ar scála mór de dhíth óna chuid ríomhchláir. In éineacht le saineolas agus tacaíocht iontach an ICHEC, cuirfidh OÉ Má Nuad dréimire gan uaim ar fáil idir na hacmhainní áitiúla agus na saoráidí ríomha ar an scála is mó san Eoraip sna blianta amach anseo.



←
Comhaltaí Eolaíochta de chuid Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann ó OÉ Má Nuad.





Próifíl

**Justin Gleeson**
NIRSA

Is bainisteoir tionscadail é Justin Gleeson ag an Réadlann Taighde Uile-Oileáin (*All-Island Research Observator*y – AIRO), tionscnamh taighde atá bunaithe ag OÉ Má Nuad agus stiúrtha ag NIRSA agus NCG. Tá sé mar aidhm ag AIRO sraitheanna sonraí spásúla uile-oileáin agus sain-uirlisí anailíse a tháirgeadh, agus tabhairt faoi thaighde ar mhapáil fheidhmeach. 'Ag labhairt go ginearálta, is é atá ar siúl againn ná sraitheanna sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mhapáil atá in ann cabhrú le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí poiblí cinntí pleanála níos eolaí agus níos straitéisí a dhéanamh. Is rud tábhachtach é go bhfuilimid ag iarraidh é seo a dhéanamh ar bhonn trasteorann nó uile-oileáin.'

Tar éis dó tréimhse a chaitheamh ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, tháinig Justin chuig OÉ Má Nuad thart ar trí bliana ó shin le leanúint ar aghaidh le hobair ar chomhthionscadal. Is measc na rudaí atá déanta aige roimhe seo, tá céim agus MA dhá bhliain aige ó OÉ Gaillimh, MSc i gCórais Faisnéise Geografaí ó Ollscoil Leeds agus chaith sé cúig bliana ag comhairleacht innealtóireachta sa RA. Go deimhin tá go leor de na gníomhaíochtaí atá ar bun ag Justin ag an NIRSA cosúil lena thaithí ar thionscadail ón RA.

Le bliain anuas, tá baint ag Justin le tionscadal a bhfuil sé mar chúram air sraitheanna sonraí nua a tháirgeadh a bheidh in ann cabhrú chun leibhéil an eisiata shóisialta a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Bhí an phríomhbhéim ar rochtain a fháil ar shraitheanna sonraí lárnacha Rialtais cosúil leis an mBeo-Chlár. 'Caitear an t-uafás airgid phoiblí chun go leor sonraí a bhailiú maidir le faighteoirí ach in ainneoin sin, go dtí seo ní dhearnadh iarracht chun patrúin spásúla na sonraí seo a thuiscint. Bhíomar in ann méaduithe ar an mBeo-Chlár a mhapáil ar an leibhéal áitiúil seachas ar leibhéal náisiúnta nó contae agus na patrúin fhíora a fheiceáil atá ag teacht chun cinn ón uair ar thosaigh an geilleagar ag imirt drochthionchair ar leibhéil fostaíochta.

Bhíothas ag súil leis go spreagfadh an dul chun cinn a rinneamar ar an tionscadal seo Ranna Rialtais chun athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a láimhseálann siad sraitheanna sonraí a choinnítear go lárnach.' Ba bhliain ghnóthach a bhí ann inar seoladh Atlas nua; an chéad fhoilseachán glasta a rinne Justin, agus a chabhraigh leis luach a ionchuir a fheiceáil dó féin.

Tionscadal eile atá thar a bheith suimiúil ná tionscadal atá ar bun i gcomhar le Cumann Ollscoileanna Éireann maidir le rochtain ar oideachas a bheidh ag breathnú ar an dá shreabhadh ó mheánscoileanna agus chuig institiúidí oideachais tríú leibhéal. 'Tá féidearthacht ann córas amháin a chur i bhfeidhm ag an gcéim iontrála den Lár-Oifig Iontrála a chuirfeadh modh simplí ar fáil chun rochtain ar oideachas ardleibhéil ar fud na tíre a thomhas. Cosúil leis an tionscadal um Eisiamh Sóisialta, is éard atá i gceist leis ná sonraí spásúla a ghabháil agus a bhainistiú go héifeachtach.'

Creideann Justin gur suíomh den scoth atá san Ollscoil mar áit le bheith ag staidéar, agus go bhfuil a cáil ag feabhsú i gcónaí. Mar áit oibre, is mór leis an fháil atá ar shaineolaithe ceannródaíocha agus ar dheiseanna forbartha gairmréime. Tá naisc ag NIRSA leis na hinstitiúidí idirnáisiúnta i gcuid d'ollscoileanna ceannasacha an domhain agus tá roinnt taighdeoirí iardhochtúireachta ar an bhfoireann anois faoi thimthriall maoinithe an Chláir reatha um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal. 'Tá go leor dár gcuid oibre ag éirí i bhfad níos sofaisticiúla toisc gur cuireadh an t-eolas a bhailigh an institiúid agus AIRO le roinnt blianta anuas le chéile leis an taithí idirnáisiúnta trí obair na dtaighdeoirí iardhochtúireachta. Domsa, is timpeallacht foghlama iontach atá i NIRSA!'





Próifíl

**Gráinne O'Keeffe**
Mac Léinn PhD,
an Roinn Bitheolaíochta

Tar éis di fochéim a bhaint amach le céad onóracha i mbiteicneolaíocht in 2006, d'fhill Gráinne O'Keeffe ar Roinn na Bitheolaíochta mar mhac léinn PhD céadbhliana. Faoi mhaoirseacht an Ollaimh Sean Doyle sa tSaotharlann Biteicneolaíochta, tá sí ag obair leis an bpataigin fhungasach *Aspergillus fumigatus*. Go sonrach, tá sí ag imscrúdú géin amháin dá chuid le hiarracht a dhéanamh an ról a bhíonn aici san fhungas seo, atá ar cheann de chúiseanna ghalar scamhóige, a fháil amach.

Agus í ag labhairt faoina ról, is maith le Gráinne nach mbíonn aon dá lá mar an gcéanna agus go bhfuil sí ag foghlaim teicnící saotharlainne nua i gcónaí agus ag fanacht chun dáta leis an taighde reatha sa réimse. 'Is í an ghné is deacra ná an frustrachas nuair nach n-oibríonn rudaí amach díreach mar a bhí beartaithe. Mar sin féin, is é atá i gceist leis an jab ná foghlaim conas na bacainní seo a shárú!'

Ghlac Gráinne páirt i taispeántaí praiticiúla Roinn na Bitheolaíochta d'fhochéimithe i rith na bliana acadúla seo caite agus do dhaltaí meánscoile i mí Eanáir. Bhí sí féin ar dhuine de na mic léinn ar bronnadh Scoláireacht Iontrála uirthi as 500 pointe nó níos mó a bhaint amach san Ardteistiméireacht. 'Dar liom, tá sé tábhachtach am a chaitheamh ag múineadh bitheolaíochta le daoine eile lena gcuid suime a mhúscailt.'

Tar éis di a céim a bhaint amach, bhí Gráinne ag obair i saotharlann taighde agus forbartha chuideachta bhiteicneolaíochta ar feadh dhá bhliain, áit a raibh sí ag díriú ar mheasúnachtaí diagnóiseacha a fhorbairt don tionscal tréidliachta.

Tar éis di cinneadh a dhéanamh oideachas agus cáilíochtaí breise a fháil, áfach, rinne sí iarratas ar mhaoiniú PhD ó Chomhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET) agus bhí an t-ádh léi gur bronnadh Comhaltacht PhD Embark uirthi.

Is breá le Gráinne go bhfuil tús curtha leis an PhD aici, ag próiseáil chúlra an tionscadail agus ag foghlaim scileanna nua eolaíochta. Mar sin féin, gan dabht ar bith ba í buaicphointe na bliana seo caite ná comhdháil idirnáisiúnta ar ghlac sí páirt inti san Fhrainc – an tríú ardchúrsa léachtaí FEBS maidir le pataiginí fungasacha daonna. I ndiaidh di póstaer dá cuid oibre go dtí sin a chur i láthair, bronnadh Dámhachtain Eukaryotic Cell mar Thaighdeoir Óg uirthi. I measc na rudaí a bhfuil súil aici iad a dhéanamh, tá dul chun cinn maidir lena cuid oibre, a PhD a chur i gcrích, agus cuid dá taighde a fhoilsiú.

Is é fiúntas OÉ Má Nuad san iliomad réimsí na fáthanna gur roghnaigh Gráinne an Ollscoil seo. 'Tá OÉ Má Nuad thar a bheith iomaíoch i gcomparáid le hollscoileanna ceannasacha eile, mar a léiríodh nuair a bronnadh gradam Ollscoil na Bliana uirthi le déanaí. Is gnéithe tábhachtacha iad an infheistíocht leanúnach sa taighde agus sa bhonneagar chun mic léinn nua a mhealladh ar gach leibhéal.' Creideann sí gurb iad fáilteacht na hOllscoile agus an spiorad pobail atá ann a dhéanann an difríocht idir OÉ Má Nuad agus ollscoileanna eile. 'Mar champas níl sé chomh himeaglach le roinnt de na hollscoileanna níos mó i mBaile Átha Cliath, agus is dreasacht atá anseo do mhic léinn ar féidir leo a bheith ag fágáil an bhaile den chéad uair. Tá idirghníomhú maith i measc baill foirne agus mic léinn agus, mar mhac léinn, cabhraíonn sé leat a bheith ar do chompord ag iarraidh cabhrach ó na baill foirne.'






Próifíl

**Jennifer McManus**
Léachtóir SFI Stokes,
Roinn na Ceimice

Tá Jennifer ina léachtóir SFI Stokes san Ollscoil ó mhí Dheireadh Fómhair seo caite agus tá suim aici san idirmhír idir an cheimic, an fhisic agus an bhitheolaíocht. Fuair sí a bunchéim BSc agus PhD ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) sa cheimic, ansin chaith sí roinnt ama ina taighdeoir iardhochtúireachta i roinn na fisice ag Ollscoil Fribourg san Eilvéis agus ag an Massachusetts Institute of Technology (MIT) i mBostún, ag obair ar cheisteanna ceimice bithfhisice.

Dá bhrí sin, tá taighde Jennifer ildisciplíneach ar fad. 'Is é an tsuim is mó atá agam ná tuiscint a fháil ar an mbonn móilíneach maidir le galair ina mbíonn comhdhlúthú próitéine i gceist, lena n-áirítear galar catarachta, galar Alzheimer, ainéime chorráncheallach agus galar Parkinson. Bainim úsáid as cur chuige ceimice fisicí chun na fadhbanna bitheolaíochta seo a thuiscint.'

Tá Jennifer páirteach i dtionscadail le comhoibrithe anseo in Éirinn, san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. 'Táim ag obair leis an Ollamh Alfred Crosby in Ollscoil Massachusetts, Amherst chun teicníc ar a dtugtar sreabheolaíocht chuasaithe a chur i bhfeidhm. Forbraíodh an teicníc seo chun staidéar a dhéanamh ar pholaiméirí sintéiseacha, le féachaint ar thréithe meicniúla an fhíocháin bhitheolaíoch.' Tá baint aici freisin le tionscnamh, i gcomhpháirtíocht leis an Ollamh Kenneth Dawson ag UCD agus an Ollamh Joachim Rädler ag an LMU i München, a fhéachann ar an tionchar a bhíonn ag nanacháithníní ar fhibriliú Aß, peiptíd a bhaineann leis an ngalar Alzheimer. Tá roinnt ama á chaitheamh aici sa Ghearmáin chun na turgnaimh ábhartha a dhéanamh.

'Gné chomónta sna tionscadail seo go léir ná an bealach ina gcuirtear peirspictíocht na heolaíochta fisicí i bhfeidhm maidir le ceisteanna a bhaineann leis an mbitheolaíocht agus le cúrsaí míochaine de ghnáth. Tá an cur chuige seo ag teacht chun cinn, toisc go bhfuil easpa oiliúna idirdhisciplíní sna réimsí seo, agus is féidir leis faisnéis thábhachtach a thabhairt dúinn maidir le hiompar polaiméirí bitheolaíocha agus meicníocht agus cóireáil galar.'

Tá an cineál taighde sa cheimic bithfhisice atá á stiúradh ag Jennifer ina hábhar nua in OÉ Má Nuad, mar sin thosaigh sí leis an tsaotharlann a chur ar bun mar an chéad chéim. Is iad na spriocanna atá aici ná an grúpa taighde a fhorbairt, leanúint leis na tionscadail taighde idirdhisciplíní atá idir lámha cheana féin agus gnéithe nua a chur leo, agus caidreamh a fhorbairt le taighdeoirí eile. Thug Fondúireacht Eolaíochta Éireann cuireadh di léacht a thabhairt ag seimineár ag MIT i mBealtaine, a thug deis iontach di an aidhm dheireanach sin a bhaint amach. Ba é 'An Geilleagar Cliste a Chumhachtú' téama an tseimineáir agus d'fhreastail Uachtarán na hÉireann, eolaithe agus fiontraithe air. 'Bhí sé thar a bheith spreagúil a bheith páirteach in imeacht mar seo. Bhain mé an taitneamh as a bheith ar ais in MIT, agus bhí sé go hiontach bualadh le Máire Mhic Ghiolla Íosa.'

Cé nach bhfuil Jennifer san Ollscoil rófhada go fóill, deir sí gur áit oibre an-chairdiúil é agus go bhfuil na daoine inti sochaideartha agus cuidiúil. 'Is ollscoil í OÉ Má Nuad atá ag fás agus ag baint amach a cumais agus tá an-áthas orm a bheith páirteach san fhás sin!'

↓
Owen Laverty, Oifig Tráchtálaithe, OÉ Má Nuad; Nicole Holmes, Lingua Franca (buaiteoir 2008); agus Ian Johnson agus Conor Devlin, 'Good to Go'.




# 3.2 TÓRAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLAITHE

**Rath Tráchtála**

Thuairiscigh an Oifig Tráchtálaithe go raibh tréimhse thar a bheith rathúil ann, go háirithe maidir le conarthaí thaighde comhoibríoch, ceadúnú teicneolaíochta agus mac-chuideachtaí nua. D'eagraigh an Oifig an chéad imeacht 'NUIM Connect' in 2009 freisin. Seimineár dírithe ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide atá i gceist, a raibh sé mar aidhm leis tionscal agus an saol acadúil a thabhairt le chéile chun leasa an gheilleagair eolasbhunaithe. Bhí na méadrachtaí do 2008–09 níos fearr ná riamh le dhá sheach-chuideachta bunaithe san Ollscoil, ocht margadh ceadúnais curtha i gcrích agus 15 phaitinn comhdaithe. Bhí 17 gconradh taighde chomhoibríocha nua le tionscal, an líon ba mhó riamh. I measc na gconarthaí is suntasaí, bhí an mac-chuideachta nua Blue Box Sensors Limited agus an gaol atá á fhorbairt le Wavebob. Fuarthas cistí tráchtálaithe de €2.2 milliún ó Fhiontraíocht Éireann do theicneolaíochtaí áirithe ar measadh go bhfuil féidearthachtaí maithe ann dóibh ar an margadh, lena n-áirítear iad sin atá dírithe ar shiomtóim tinnitis a mhaolú agus réiteach a fháil ar an ngéarchéim dhomhanda reatha i sláinte na mbeach.

Rinneadh mac-chuideachta de **Socowave** ó OÉ Má Nuad go rathúil i mí Aibreáin 2008. Déanfaidh an chuideachta, faoi cheannaireacht Joe Moore, feidhmeannach teileachumarsáide a bhfuil go leor taithí aige, tráchtálú ar theicneolaíocht a cheap an Dr Ronan Farrell agus a chomhghleacaithe ag an Institiúid um Micrileictreonaic agus um Chórais Gan Sreang (IMWS). Tá a tháirge seolta ag Socowave anois – an chéad ardán rialaithe aeróige do bhíomaí ar domhan, rud a fheabhsaíonn an chumarsáid mhóibíleach (www.socowave.com). I meas na n-infheisteoirí ar Socowave tá Fiontraíocht Éireann agus 4th Level Ventures.

Rinne an Ollscoil mactháirge le déanaí de theicneolaíocht arna forbairt ag grúpa i Roinn na Ceimice, a raibh an tOllamh John Lowry i gceannas orthu. Déanfaidh **Blue Box Sensors** bithbhraiteoirí atá in ann leibhéil na gceimiceán san inchinn a rianú i bhfíor-am thar thréimhse seachtainí agus míonna. Tugann na braiteoirí seo léargas ar an gcaoi ina n oibríonn an inchinn agus tá siad chun aimsiú drugaí réamhchliniciúil a fheabhsú do raon galar lena n-áirítear galar Alzheimer, galar Parkinson agus scitsifréine. Is iad ceannairí agus infheisteoirí na cuideachta ná an POF Michiel Helmes agus an Ceann Forbartha Gnó Rory Geoghegan. Tá roinnt gnólachtaí ina gcustaiméirí don teicneolaíocht cheana féin agus tá sé beartaithe acu é seo a fhás le go gcuimseoidh sé custaiméirí ar fud na cruinne.



Tháinig 250 toscairí a rinne ionadaíocht thar ceann 100 cuideachta, gníomhaireacht maoinithe, fiontraithe, lucht caipitil fiontair, aturnaetha paitinní agus lucht acadúil le chéile i dTeach Carton i gCill Dara do '**NUIM Connect 2009**'. Bhí sé mar aidhm leis an imeacht tionscnaimh seo a chur in iúl go bhfuil OÉ Má Nuad agus a comhpháirtithe acadúla 'ar oscailt chun gnó a dhéanamh' agus ag lorg bealaí chun tacaíocht a thabhairt do gheilleagar na hÉireann go gníomhach trí naisc nua agus naisc níos láidre a chruthú i measc fiontraithe, gnóthais bheaga agus mheánmhéide, agus lucht acadúil. Táthar ag súil leis go gcuirfidh na naisc seo táirgí agus próisis ar fáil d'fhiontair atá ann cheana féin agus na síolta a chur i gcomhair táirgí agus próisis nua.

Sheol an Oifig Tráchtálaithe dhá thionscnamh nua i mbliana, i gcomhréir leis an gcreideamh láidir seo go bhfuil dualgas ar ollscoileanna na hÉireann cur leis an bhforbairt ar an ngeilleagar eolasbhunaithe, trí fhéachaint ar fhadhbanna atá faoi cheannas an mhargaidh agus cabhrú chun tráchtálú a dhéanamh ar tháirgí nuálaíocha le buntáiste iomaíoch. Cabhróidh **'D'Achmhainn T&F' (Your R&D Resource)** leis an tionscal nasc a dhéanamh idir gnólachtaí Éireannacha atá ann cheana féin agus saineolas taighde ag OÉ Má Nuad, agus tabharfaidh **'Nuálaíocht faoi Thionchar an Mhargaidh' (Market Driven Innovation)** saineolaí tionscail i sainréimse agus grúpa taighdeoirí Ollscoile ildisciplíneacha le chéile chun ransú smaointe a dhéanamh ar réiteach indíolta ar fhadhb.

BHÍ NA MÉADRACHTAÍ DO 2008–09 NÍOS FEARR NÁ RIAMH LE DHÁ SHEACH-CHUIDEACHTA BUNAITHE SAN OLLSCOIL, OCHT MARGADH CEADÚNAIS CURTHA I GCRÍCH AGUS 15 PHAITINN COMHDAITHE. BHÍ 17 GCONRADH TAIGHDE CHOMHOIBRÍOCHA NUA LE TIONSCAL, AN LÍON BA MHÓ RIAMH.







Próifíl

**Peter Wellstead**
Ollamh Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Institiúid Hamilton

Mar Ollamh Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, bhunaigh Peter Wellstead Grúpa na Bitheolaíochta Córas san Institiúid Hamilton agus tá sé i gceannas air. Ag croílár a róil ag eagrú taighde agus ag comhordú comhoibrithe tá creideamh paiseanta 'gurb é ceann de na riachtanais is ríthábhachtaí don 21ú hAois ná smaointe matamaitice agus teicneolaíocha a chur i bhfeidhm sna heolaíochtaí beatha.'

Le cúlra san innealtóireacht, chaith Peter 30 bliain ag Institiúid Eolaíochta agus Teicneolaíochta Mhanchain, áit a raibh sé ina Ollamh ar Rialú Innealtóireacht ag an Lárionad um Chórais Rialaithe don chuid deiridh. 'Ag céim áirithe shocraigh mé go mbeidh todhchaí na gcóras rialaithe le fáil sa staidéar ar chórais beo seachas ar chórais theicneolaíocha. Mar gheall nárbh fhéidir athrú treo chomh radacach sin a dhéanamh sa RA, thapaigh mé an deis dul i mbun oibre ar na cineálacha cur chuige córasaigh i leith eolaíocht bheatha in Éirinn.' Tháinig Peter chuig Institiúid Hamilton mar sin in 2003 mar Chuairteoir E.T.S. Walton. Fuair sé Ollúnacht Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ina dhiaidh sin, agus bhí sé i gceist ag an ollúnacht seo feasacht a ardú ar Bhitheolaíocht Chóras in Éirinn, grúpa tiomanta do mhais chriticiúil a bhunú ag an Institiúid agus, an rud is tábhachtaí, taighde a dhéanamh.

Is é sprioc Peter ar deireadh ná dul i ngleic le cúiseanna ghalar Parkinson; difríocht a dhéanamh maidir leis an gcaoi a dtugtar faoi thaighde, agus cur le tuiscint ar an ngalar seo. 'Tá a fhios againn go bhfuil go leor fachtóirí i gceist le galar Parkinson ideapatach, ach tá siad idirnasctha agus gaolmhar ar bhealaí thar a bheith casta, rud a fhágann go bhfuil sé deacair sraith shoiléir de chéimeanna cúisíocha a fheiceáil. Tá sé seo ar aon dul leis na meicníochtaí aiseolais atá ann sna próisis theicneolaíocha, mar sin is é an plean atá agam ná na huirlisí anailíse córas céanna a bhíonn in úsáid againn i réiteach fadhbanna teicniúla a chur i bhfeidhm i leith galar Parkinson.'

Ag leagadh béime ar an anró mór a chruthaíonn galair néarmheathlúcháin dóibh siúd atá ag fulaingt agus dá dteaghlaigh thar thréimhse fada, luann sé gur spreagadh atá sna costais shóisialta agus eacnamaíocha atá ag dul i méid de réir mar a théann an daonra in aois. Tá bród ar Peter a thuairisciú go bhfuil toradh obair chrua na foirne taighde le feiceáil, le dul chun cinn seasta á dhéanamh i 'gcur chuige na gcóras' i leith an ghalair. Tá seoladh an chuibhreannais taighde Chórais Parkinson ag spreagadh suime freisin i measc taighdeoirí na gcóras i gcodanna eile den domhan trí thaighdeoirí a nascadh le chéile ar thairseach (www.systemsofparkinsons.org).

Agus é ag déanamh cur síos ar thionsclú na bitheolaíochta mar an chéad teorainn eile, tagraíonn Peter do Arnold Tustin, a chuir leis an réimse seo san 20ú hAois: 'I Spiorad Tustin, tá sé riachtanach go ndéanfaidh pobal na gcóras rialaithe clár oibre um athrú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a leagann béim mhór ar thábhacht theoiricí na dinimice, na cúisíochta agus na gcóras; a léiríonn teaglaim radacach de scileanna córas le fios gnó bitheolaíoch; agus a chuireann fís fhorásach ar fáil don eolaíocht rialaithe agus córas a théann i ngleic le go leor de na gnéithe anaithnid atá ina dtréithe ar mheicníochtaí an tsaoil.'

Chomh fada agus a bhaineann sé le clár oibre pearsanta Peter, is iad an suíomh agus an méid a mheall chuig OÉ Má Nuad é. 'Oireann a suíomh i mbaile deas stairiúil i gCill Dara go breá dom – sin é an fáth gur tháinig mé anseo seachas chuig ollscoil ar bith eile in Éirinn. Freisin, tá buntáistí ag baint le dlúthmhéid na hOllscoile ó thaobh freagrachta agus solúbthachta de, agus is mór liom na gnéithe sin.'




→
Ag bronnadh an Duais Tráchtálaíochta ar an Dr Ronan Farrell (sa lár) tá Feargal Ó Móráin, Stiúrthóir Enterprise Ireland (ar chlé) agus Dan Flinter, iar-cheannaire ar EI agus Cathaoirleach ar Údarás Rialaithe OÉ Mhá Nuad.

**Luach Saothair á Fháil**

Bhí taighdeoirí ón nGrúpa Dinimice agus Rialaithe agus ón IMWS ar bharr an chláir teicneolaíochta ag **Dámhachtainí Tráchtálaithe TFC Fhiontraíocht Éireann** don bhliain 2008. Bhain an tOllamh John Ringwood an dámhachtain amach sa chatagóir Teicneolaíochtaí Tionsclaíocha dá thionscadal chun samhaltú agus rialú a dhéanamh ar ghléasanna fhuinneamh na dtonn, go sonrach do Wavebob. Is í an chuideachta cheannasach in Éirinn í ó thaobh fhuinneamh na dtonn de, agus tá oifigí ag an gcuideachta in Éirinn, sa RA agus i SAM. Tá taighde ar bun le deich mbliana anuas agus tionscadail tráchtála á gcur i gcrích anois sa Phortaingéil, i SAM agus in Éirinn. Ligfidh an tsamhail bhogearraí cheadúnaithe do Wavebob optamú níos fearr a dhéanamh ar a ghléas agus aistriú fhuinneamh na dtonn a shamhaltú dá chóras.

Bhain an Dr Ronan Farrell, Stiúrthóir IMWS an Dámhachtain Faisnéisíochta amach as a chuid oibre chun an teicneolaíocht a chruthú a bhí mar chnámh droma na gnólachta nua-thionscanta Socowave. Bunaithe ag Joe Moore, tá an chuideachta ag ionchorprú cuid de thorthaí taighde an Dr Farrell ina hardán teicneolaíochta agus ag cruthú réitigh optamaithe uathúla rochtana ar an líonra raidió do mhargaí leathanbhanda móibíleacha. Fiú amháin ag an gcéim tosaigh seo, tá roinnt oibreoirí líonra agus déantúsóirí trealaimh san earnáil domhanda cumarsáide móibílí tar éis spéis a léiriú i Socowave.

Bhí sé oiriúnach go bhfuair an Dr Farrell **Dámhachtain Tráchtála OÉ Má Nuad 2008** freisin dá chuid gníomhaíochta maidir leis an mac-chuideachta Socowave agus ceadúnas eisiach a chuid teicneolaíochta calabraithe d'eagar aeróg. Agus iad ag iarraidh a gcuid smaointe a thabhairt chun margaidh ar bhealach cosúil leis sin, chuir thart ar 30 mic léinn fochéime isteach ar an **gComórtas Fiontraí Mac Léinn** urraithe ag Banc na hÉireann, McCann Fitzgerald agus FR Kelly. Bhí an bua ag 'Good to Go' sna ceithre iontráil sa bhabhta ceannais lena choincheap de réitigh a bhfuil géarghá leo a chur ar fáil do dhaoine atá ag freastal ar cheolchoirmeacha agus ar imeachtaí. Bhain Ian Johnson agus Conor Devlin, mic léinn dara bliain sna hEalaíona, an duais de €6,000 amach tar éis dóibh dul ina luí ar na breithiúna ar an oíche lena smaoineamh gnó agus a dtiomantas a bheith rathúil. Rinne an painéal díol suntais den éagsúlacht sna coincheapa a cuireadh i láthair sa bhabhta ceannais, ó The Mystery Tour, turas mistéire ar líne (an dara háit); Heat Rite, togra fhuinneamh gaoithe chun costais téimh a laghdú de suas le 60%; agus Las Dublin Poker Nights, club pócair bunaithe i mBaile Átha Cliath 15 (an tríú háit araon).

Rinne an Oifig Tráchtálaithe **suirbhé tráchtálaithe** chun tuairimí a fháil maidir le ról na hOllscoile agus an lucht acadúil sa nuálaíocht agus i bhforbairt fiontraíochta nua. Bhí na torthaí thar a bheith spreagúil. Mar shampla, bhí 86% den lucht acadúil a ceistíodh ag iarraidh dul i mbun rannpháirtíochta le tionscal agus níos mó ná 50% ag iarraidh mac-chuideachtaí nua a bhunú. Tá an Oifig ag baint leasa as seirbhísí páirtaimseartha an **Dr Paul Tyndall**, saineolaí biteicneolaíochta le níos mó ná 15 bliana de thaithí idirnáisiúnta aige i réimse na bainistíochta teicniúla ar theicneolaíocht DNA agus i réimse na forbartha gnó. Tá Dr Tyndall ag stiúradh deiseanna nua do sheach-chuideachtaí faoi láthair sa bhitheolaíocht agus sa cheimic.

# 4 AN TÚDARÁS RIALAITHE

















**Liosta Bhaill an Údaráis Rialaithe De Réir an Phainéil 2005–2010**

**Cathaoirleach**
An tUasal Dan Flinter

***Ex Officio***
An tOllamh John G. Hughes
An Dr David Redmond
An tUasal Mike O'Malley

**Baill na foirne acadúla atá ina nOllaimh nó ina gComh-Ollaimh**
An tOllamh Daniel M. Heffernan
An tOllamh Anne Ryan

**Baill bhuana nó lánaimseartha na foirne acadúla seachas Ollaimh nó Comh-Ollaimh**
An Dr Deirdre Kirke
An tUasal Anastasia Crickley
An Dr Joseph Timoney
An Dr Richard Watson

**Fostaithe buana nó lánaimseartha na hOllscoile nach baill na foirne acadúla iad**
An tUasal Jim Keenan
An tUasal Paula Murray

**Oifigigh thofa Aontas na Mac Léinn**
An tUasal Brian Murphy
An tUasal Liz Murray

**Mac Léinn Iarchéime**
Folamh














**Ainmní IBEC**
An tUasal Noreen Deegan

**Ainmní ICTU**
An tUasal Annette Kennedy

**Ainmnithe Iontaobhaithe Choláiste Phádraig**
An tOllamh Oirmhinneach Hugh Connolly
An tEaspag Jim Moriarty
An tOllamh Próinséas Ní Chatháin

**Céimithe na hOllscoile**
An tUasal Ann Marie Brennan
An tUasal Anthony Jordan

**Ainmnithe Sheanad OÉ**
An tOllamh Ann Burnell
An tOllamh Jim Walsh

**Ainmnithe an Aire**
An tOllamh John Coolahan
An tUasal Siobhan Corry

**Baill sheachtracha eile**
An tUasal Peter Cassells
An tUasal Richard George
An tUasal Anne Heraty
Folamh

# 5

# AIRGEADAS, STAITISTICÍ & URRAITHEOIRÍ



# 5.1 CUNTAIS IONCAIM & CAITEACHAIS

| | Notes | 2007/08 € | 2006/07 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Stáit | 1 | 33,715,833 | 32,673,662 |
| Táillí Mac Léinn | 2 | 31,424,753 | 28,168,121 |
| Ioncam Eile | 3 | 3,724,183 | 3,237, 577 |
| | | 68,864,769 | 64,079,360 |
| Deontais Taighde agus Tionscadail | 4 | 22,076,557 | 16,935,349 |
| **Iomlán** | | **90,941,326** | **81,014,709** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Dámha agus Ranna Acadúla | 5 | 37,679,725 | 35,414,235 |
| Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile | 6 | 6,250,613 | 6,378,777 |
| Áitreabh | 7 | 8,929,858 | 7,797,304 |
| Suim Leithdháilte do Chuspóirí Caipitil | 8 | 1,626,879 | 2,083,505 |
| Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha | 9 | 6,275,958 | 5,555,579 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 10 | 4,214,487 | 2,713,499 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 11 | 2,903,373 | 2,828,206 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 12 | 802,106 | 656,744 |
| | | 68,682,999 | 63,427,849 |
| Deontais Taighde agus Tionscadail | | 22,076,557 | 17,577,349 |
| **Iomlán** | **13** | **90,759,556** | **81,005,198** |
| | | | |
| Surplus on acivities before Amortisation of Capital Reserves and Grants, Ancillary Services and Depreciation of Fixed Assets | 14 | 181,770 | 9,511 |
| Surplus on Ancillary Services and Depreciation of Fixed Assets | 15 | (3,701,083) | (3,781,181) |
| General Reserve Movement | 16 | 3,301,046 | 2,941,811 |
| **Net Surplus for Year** | | **181,770** | **9,511** |

The statement of accounting Policies (Pages 43 to 45, cash Flow statement (Page 48) and Notes to the Financial Statements (Pages 49 to 62 form part of these Financial Statements

| Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana | 2008/9 | 2007/8 | 2006/7 | 2005/6 | 2004/5 | 2003/4 | 2002/3 | 2001/2 | 2000/1 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cúrsaí Céime:** | | | | | | | | | |
| Iarchéimithe sna hEalaíona+ | 693 | 570 | 633 | 593 | 557 | 574 | 524 | 425 | 347 |
| Iarchéimithe in Eolaíocht+ | 248 | 190 | 190 | 183 | 177 | 176 | 164 | 115 | 111 |
| Iarchéimithe in Innealtóireacht | 49 | 51 | 42 | 34 | 27 | 22 | 14 | 9 | 4 |
| M.Sc. i mBogearraí Ríomhaire (Innealtóireacht Bogearraí)* | 11 | 16 | 19 | 18 | 12 | 25 | 19 | 13 | 5 |
| 4ú Bliain san Eolaíocht | 99 | 90 | 103 | 84 | 95 | 107 | 138 | 138 | 96 |
| 3ú Bliain san Eolaíocht | 73 | 101 | 76 | 98 | 85 | 93 | 137 | 180 | 203 |
| 2ú Bliain san Eolaíocht | 79 | 76 | 119 | 89 | 102 | 93 | 98 | 144 | 188 |
| 1ú Bhliain san Eolaíocht | 117 | 109 | 104 | 132 | 107 | 110 | 118 | 116 | 174 |
| 4ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta | 1 | 1 | 1 | 5 | 5 | | | | |
| 3ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta | 0 | 0 | 0 | 1 | 5 | 8 | | | |
| 2ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 6 | 9 | | |
| 1ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 | 2 | 6 | 10 | |
| 3ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Matamaitic | 2 | 2 | 4 | 3 | 2 | 1 | 1 | 2 | |
| 2ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Matamaitic | 6 | 2 | 3 | 5 | 4 | 2 | 1 | 1 | |
| 1ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Matamaitic | 7 | 7 | 2 | 3 | 6 | 4 | 2 | 1 | |
| 4ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí | 18 | 20 | 27 | 37 | 47 | 46 | 64 | 28 | |
| 3ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí | 17 | 17 | 18 | 18 | 33 | 58 | 52 | 70 | 30 |
| 2ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí | 30 | 20 | 18 | 20 | 21 | 31 | 73 | 77 | 78 |
| 1ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí | 22 | 26 | 26 | 26 | 35 | 28 | 34 | 77 | 83 |
| 4ú Bliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic | 8 | 12 | 8 | 8 | 5 | | | | |
| 3ú Bliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic | 7 | 12 | 14 | 13 | 8 | 6 | | | |
| 2ú Bliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic | 11 | 5 | 12 | 15 | 16 | 11 | 6 | | |
| 1ú Bhliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic | 10 | 12 | 4 | 13 | 15 | 17 | 11 | 7 | |
| 4ú Bliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht | 2 | 4 | 5 | 9 | 15 | | | | |
| 3ú Bliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht | 4 | 2 | 3 | 6 | 11 | 15 | | | |
| 2ú Bliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht | 6 | 4 | 4 | 3 | 6 | 13 | 15 | | |
| 1ú Bhliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht | 9 | 8 | 4 | 4 | 3 | 5 | 14 | 18 | |
| 4ú Bliain i mBiteicneolaíocht | 17 | 15 | 12 | 10 | 15 | 21 | 16 | 23 | 16 |
| 3ú Bliain i mBiteicneolaíocht | 14 | 17 | 15 | 13 | 11 | 15 | 22 | 17 | 25 |
| 2ú Bliain i mBiteicneolaíocht | 9 | 14 | 19 | 22 | 16 | 14 | 18 | 26 | 20 |
| 1ú Bliain i mBiteicneolaíocht | 12 | 24 | 20 | 22 | 27 | 21 | 22 | 17 | 24 |
| 4ú Bliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha | 41 | 41 | 25 | 38 | | | | | |
| 3ú Bliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha | 50 | 41 | 41 | 26 | 38 | | | | |
| 2ú Bliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha | 63 | 57 | 45 | 44 | 33 | 40 | | | |

| **Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana** | 2008/9 | 2007/8 | 2006/7 | 2005/6 | 2004/5 | 2003/4 | 2002/3 | 2001/2 | 2000/1 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1ú Bhliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha | 61 | 72 | 60 | 46 | 50 | 36 | 38 | | |
| 4ú Bliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta | 18 | 17 | 7 | | | | | | |
| 3ú Bliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta | 12 | 19 | 18 | 7 | | | | | |
| 2ú Bliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta | 12 | 11 | 19 | 19 | 15 | | | | |
| 1ú Bhliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta | 9 | 11 | 10 | 20 | 15 | 16 | | | |
| 1ú Bhliain BSc sna hIlmheáin | 10 | 1 | | | | | | | |
| 4ú Bliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht | 22 | 12 | 18 | | | | | | |
| 3ú Bliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht | 17 | 21 | 12 | 18 | | | | | |
| 2ú Bliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht | 19 | 21 | 20 | 16 | 18 | | | | |
| 1ú Bhliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht | 20 | 20 | 23 | 20 | 18 | 19 | | | |
| 4ú Bliain san Innealtóireacht | 20 | 18 | 17 | 19 | 20 | 25 | | | |
| 3ú Bliain san Innealtóireacht | 19 | 19 | 19 | 19 | 19 | 23 | 24 | | |
| 2ú Bliain san Innealtóireacht | 25 | 19 | 17 | 17 | 21 | 20 | 28 | 28 | |
| 1ú Bhliain san Innealtóireacht | 11 | 24 | 33 | 22 | 19 | 18 | 23 | 28 | 30 |
| 2ú Bliain i nDearadh Táirgí | 10 | | | | | | | | |
| 1ú Bhliain i nDearadh Táirgí | 21 | 12 | | | | | | | |
| 1ú Bliain san Oideachas Eolaíochta | 32 | | | | | | | | |
| 2ú Bliain BA san Antraipeolaíocht | 14 | | | | | | | | |
| 1ú Bhliain BA san Antraipeolaíocht | 19 | 18 | | | | | | | |
| 3ú Bliain sna hEalaíona | 602 | 615 | 597 | 630 | 622 | 607 | 594 | 535 | 526 |
| 2ú Bliain sna hEalaíona | 734 | 688 | 728 | 745 | 733 | 695 | 674 | 625 | 624 |
| 1ú Bhliain sna hEalaíona | 985 | 858 | 809 | 835 | 827 | 850 | 822 | 847 | 800 |
| 3ú Bliain sna hEalaíona - Céim Onóra Aonábhair | 12 | 45 | 37 | 39 | 36 | 45 | 34 | 34 | |
| 2ú Bliain sna hEalaíona - Céim Onóra Aonábhair | 18 | 10 | 28 | 28 | 35 | 30 | 36 | 33 | |
| 4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta | 33 | 36 | 44 | 25 | 13 | 16 | 15 | | |
| 3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta | 42 | 31 | 40 | 43 | 27 | 17 | 16 | 15 | |
| 1ú Bliain BA sa Bhéarla | 21 | | | | | | | | |
| 1ú Bliain BA sa Stair | 16 | | | | | | | | |
| 1ú Bliain sa Dlí agus sna Ealaíona | 30 | | | | | | | | |
| 1ú Bliain sa Ghnó agus sa Dlí | 16 | | | | | | | | |
| 2ú Bliain sa Bhainistíocht Gnó | 53 | | | | | | | | |
| 1ú Bhliain i mBainistíocht Gnó | 56 | 57 | | | | | | | |
| 2ú Bliain sa Ghnó Eachaí | 13 | | | | | | | | |
| 1ú Bhliain i nGnó Eachaí | 26 | 19 | | | | | | | |
| 4ú Bliain i mBA Airgeadais Idirnáisiúnta | 0 | 2 | 3 | | | | | | |
| 3ú Bliain i mBA Airgeadais Idirnáisiúnta | 3 | 0 | 2 | 3 | | | | | |
| 3ú Bliain i mBA Airgeadais | 41 | 45 | 59 | 116 | 121 | 93 | 96 | 101 | 60 |
| 2ú Bliain i mBA Airgeadais | 44 | 46 | 43 | 78 | 112 | 111 | 96 | 99 | 86 |
| 1ú Bhliain i mBA Airgeadais | 58 | 53 | 67 | 73 | 104 | 127 | 124 | 119 | 111 |
| 3ú Bliain in Airgeadas agus Cuntasaíocht | 93 | 58 | | | | | | | |
| 2ú Bliain in Airgeadas agus Cuntasaíocht | 89 | 94 | 63 | | | | | | |
| 1ú Bliain in Airgeadas agus Cuntasaíocht | 81 | 96 | 80 | 54 | | | | | |
| 3ú Bliain in Airgeadas Luathaithe | 0 | 0 | 0 | 1 | | | | | |
| 3ú Bliain i mBA Ceoil | 33 | 27 | 35 | 26 | 35 | 31 | 29 | 27 | 26 |
| 2ú Bliain i mBA Ceoil | 35 | 31 | 29 | 37 | 31 | 33 | 35 | 26 | 24 |
| 1ú Bhliain i mBA Ceoil | 36 | 36 | 27 | 26 | 37 | 41 | 41 | 34 | 29 |

| Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana | 2008/9 | 2007/8 | 2006/7 | 2005/6 | 2004/5 | 2003/4 | 2002/3 | 2001/2 | 2000/1 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4ú Bliain i mBA Ceoil Idirnáisiúnta | 0 | 3 | 3 | | | | | | |
| 3ú Bliain i mBA Ceoil Idirnáisiúnta | 1 | 0 | 2 | | | | | | |
| 3ú Bliain i dTeicneolaíocht an Cheoil | 27 | 27 | | | | | | | |
| 2ú Bliain i dTeicneolaíocht an Cheoil | 42 | 32 | 32 | | | | | | |
| 1ú Bhliain i dTeicneolaíocht an Cheoil | 41 | 45 | 39 | 39 | | | | | |
| 4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i dTeicneolaíocht an Cheoil | 3 | | | | | | | | |
| 3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i dTeicneolaíocht an Cheoil | 3 | 3 | | | | | | | |
| 4ú Bliain i Staidéar Eorpach | 6 | 14 | 11 | | | | | | |
| 3ú Bliain i Staidéar Eorpach | 5 | 8 | 16 | 8 | | | | | |
| 2ú Bliain i Staidéar Eorpach | 17 | 10 | 13 | 16 | 14 | | | | |
| 1ú Bhliain i Staidéar Eorpach | 17 | 24 | 22 | 20 | 22 | 19 | | | |
| 4ú Bliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair | 21 | 15 | | | | | | | |
| 3ú Bliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair | 14 | 19 | 22 | | | | | | |
| 2ú Bliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair | 11 | 18 | 21 | 25 | | | | | |
| 1ú Bhliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair | 19 | 16 | 20 | 28 | 29 | | | | |
| 4ú Bliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 2 | | |
| 3ú Bliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 2 | |
| 2ú Bliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 2 | 3 |
| 1ú Bhliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 3 |
| 4ú Bliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 6 | 0 | 1 |
| 3ú Bliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 6 | |
| 2ú Bliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 6 |
| 1ú Bhliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 | 2 | 3 |
| 3ú Bliain i mBA Matamaitice | 2 | 6 | | | | | | | |
| 2ú Bliain i mBA Matamaitice | 4 | 4 | 6 | | | | | | |
| 1ú Bhliain i mBA Matamaitice | 0 | 3 | 4 | 10 | | | | | |
| 4ú Bliain BA Idirnáisiúnta i Matamaitic | 1 | | | | | | | | |
| 3ú Bliain i Staidéar ar na Meán | 32 | 31 | 30 | 38 | | | | | |
| 2ú Bliain i Staidéar ar na Meán | 36 | 34 | 34 | 35 | 39 | | | | |
| 1ú Bhliain i Staidéar ar na Meán | 35 | 38 | 37 | 38 | 40 | 42 | | | |
| 4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i Staidéar na Meán | 2 | 4 | | | | | | | |
| 3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i Staidéar na Meán | 1 | 1 | | | | | | | |
| 2ú Bliain BA sna hIlmheáin | 12 | | | | | | | | |
| 1ú Bhliain i mBA sna hIlmheáin | 15 | 15 | | | | | | | |
| 2ú Bliain BA sa Pholaitíocht | 14 | | | | | | | | |
| 1ú Bhliain i mBA sa Pholaitíocht | 26 | 22 | | | | | | | |
| 3ú Bliain i Síceolaíocht | 55 | 57 | 38 | 34 | 35 | 36 | 31 | | |
| 2ú Bliain i Síceolaíocht | 53 | 54 | 57 | 36 | 35 | 38 | 37 | 34 | |
| 1ú Bhliain i Síceolaíocht | 26 | 25 | 21 | 23 | 21 | 25 | 23 | 20 | 16 |
| Staidéar Sóisialta Feidhmeach | 43 | 14 | 18 | 22 | 0 | 34 | 0 | 46 | 47 |
| 3ú Bliain in Eolaíocht Shóisialta | 41 | 33 | 38 | 43 | 27 | | | | |
| 2ú Bliain in Eolaíocht Shóisialta | 49 | 43 | 34 | 40 | 45 | 30 | | | |
| 1ú Bhliain in Eolaíocht Shóisialta | 65 | 60 | 50 | 36 | 45 | 44 | 35 | | |
| 4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta san Eolaíocht Shóisialta | 1 | | | | | | | | |
| 3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta san Eolaíocht Shóisialta | 0 | 1 | | | | | | | |
| Iomlán | 6016 | 5407 | 5148 | 5069 | 4826 | 4689 | 4444 | 4177 | 3799 |

| Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana | 2008/9 | 2007/8 | 2006/7 | 2005/6 | 2004/5 | 2003/4 | 2002/3 | 2001/2 | 2000/1 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cúrsaí Dioplóma** | | | | | | | | | |
| Ard Diploma san Aistriuchan | 34 | 34 | 19 | | | | | | |
| Dioplóma Iarchéime in Oideachas Aosach agus Pobail | 23 | 23 | 22 | 22 | 24 | 20 | 26 | 27 | 45 |
| Ard-Dioplóma i bhFisic Fheidhmeach* | 2 | 4 | 1 | 1 | 2 | 4 | 12 | 20 | 31 |
| Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Comhairleoireacht agus Treoir d'Aosaigh) | 22 | 19 | 14 | 20 | 18 | 12 | 9 | 10 | 11 |
| Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Feidhmiúcháin na T.F.C. san Oideachas) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 33 | 12 |
| (Cill Chainnigh agus Maigh Nuad) | | | | | | | | | |
| Ard-Dioplóma in Antraipeolaíocht | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 5 | 7 |
| Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 9 | 0 |
| Dioplóma Iarchéime in Obair don Phobal | 26 | 27 | 41 | 26 | 22 | 18 | 16 | 12 | 16 |
| Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Turasóireacht Chultúrtha)* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Airgeadas) | 7 | 6 | 8 | 6 | 12 | 10 | 11 | 10 | 4 |
| Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Cianbhraiteacht) | 0 | 17 | 16 | 15 | 14 | 19 | 0 | 19 | 16 |
| Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona (Treoirchomhairleoireacht Scoile) | 17 | 25 | 21 | 23 | 20 | 22 | 23 | 23 | 24 |
| Ard-Dioplóma in Eolaíocht Eacnamaíoch | 2 | 3 | 1 | 3 | 6 | 3 | 4 | 1 | 1 |
| Dioplóma Iarchéime in Oideachas | 159 | 151 | 141 | 170 | 160 | 161 | 156 | 160 | 169 |
| Dioplóma Iarchéime i mBainistíocht Oideachais | 21 | 26 | 21 | 25 | 28 | 31 | 31 | 28 | 26 |
| Dioplóma Iarchéime i gCeannaireacht Oideachais | 143 | | | | | | | | |
| Dioplóma Iarchéime san Innealtóireacht Leictreonaice | 6 | 1 | | | | | | | |
| Ard-Dioplóma i dTeicneolaíocht Faisnéise* | 6 | 5 | 6 | 6 | 10 | 9 | 16 | 55 | 107 |
| Ard-Dioplóma i dTeagasc agus Foghlaim Nuálaíoch | 0 | 0 | 5 | 20 | | | | | |
| Ard-Dioplóma i Stair na hÉireann | 11 | 13 | 17 | 13 | 13 | 17 | 19 | 7 | 7 |
| Ard-Dioplóma i Matamaitic | 4 | 1 | 3 | 3 | 1 | 1 | 6 | 5 | 4 |
| Ard-Dioplóma in Eolaíocht Mhatamaiticiúil | 2 | 2 | 1 | 1 | 1 | 0 | 3 | 0 | 0 |
| Ard-Dioplóma i Léann na Matamaitice | 1 | 3 | | | | | | | |
| Dioplóma Iarchéime i dTeicneolaíocht an Cheoil | 7 | 3 | 3 | 2 | 0 | 5 | 0 | 2 | 9 |
| Ard-Dioplóma i bhFealsúnacht | 9 | 12 | 11 | 10 | 12 | 8 | | | |
| Ard-Dioplóma in Innealtóireacht Bogearraí | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 | 3 |
| Ard-Dioplóma i Staitisticí | 0 | 3 | 3 | 2 | 1 | 1 | 5 | 1 | |
| Dioplóma Iarchéime san Ard-Oideachas | 31 | 21 | | | | | | | |
| Dioplóma sna hEalaíona (Comhairleoireacht agus Treoir d'Aosaigh) | 3 | 15 | 21 | 14 | 16 | 25 | 26 | 26 | 25 |
| Dioplóma sna hEalaíona (Staidéar Drámaíochta agus Amharclainne) | 21 | 27 | 29 | 30 | 29 | 35 | 35 | 21 | 19 |
| Dioplóma i Staidéar Andúile | 29 | 46 | | | | | | | |
| Dioplóma i gCeol Eaglasta | 10 | 12 | 6 | 7 | 9 | 11 | 0 | 6 | 23 |
| Dioplóma in Obair don Phobal agus don Aos Óg | 74 | 68 | 52 | 52 | 37 | 42 | 39 | 42 | 48 |
| Dioplóma in Oideachas Leanúnach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 41 | 23 | 18 |
| Dioplóma i Stair Áitiúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Dioplóma in Idirghabháil agus i Réiteach Coinbhleachta | 13 | | | | | | | | |
| Dioplóma i bhFealsúnacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 7 | 7 | 7 |
| Dioplóma i bhForbairt Tuaithe | 0 | 7 | 11 | 18 | 22 | 10 | 18 | 19 | 20 |
| Dioplóma sa Ghaeilge | 53 | 44 | 24 | 38 | 25 | 8 | | | |
| Teastas Iarchéime in Antraipeolaíocht | 2 | 7 | 1 | 8 | | | | | |

| Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana | 2008/9 | 2007/8 | 2006/7 | 2005/6 | 2004/5 | 2003/4 | 2002/3 | 2001/2 | 2000/1 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teastas Gairmiúil san Teagasc agus Foghlaim | 19 | 19 | | | | | | | |
| Teastas i dTeagasc agus Foghlaim Shocheolaíoch | 0 | 11 | | | | | | | |
| Teastas in Oiliúint d'Oiliúnóirí i dTreoir d'Aosaigh | 0 | 0 | 0 | 0 | 17 | 0 | 14 | 20 | 16 |
| Teastas san Eolaíocht | 17 | 9 | 6 | 12 | 12 | 25 | 12 | | |
| Teastas san Innealtóireacht | 7 | 7 | 5 | 10 | 3 | | | | |
| Teastas in Eacnamaíocht, Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair | 7 | 6 | 5 | 2 | | | | | |
| Teastas an Fhorais Idirnáisiúnta | 5 | 7 | 3 | 2 | | | | | |
| Céim Cianoideachais | 73 | 124 | 118 | 117 | 124 | 133 | 131 | 121 | 122 |
| Céim Iarchéime sa Chianoideachas | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 19 | | |
| Síneadh Céime d'Innealtóirí (DEFT) | 15 | 15 | 21 | 17 | 12 | 9 | | | |
| Clár Malairte Erasmus Thar Lear | 55 | 44 | 63 | 54 | 30 | 25 | 26 | 35 | 8 |
| Clár Malairte Erasmus ar Cuairt | 198 | 196 | 197 | 179 | 169 | 146 | 140 | 121 | 89 |
| Mic Léinn Ócáideacha (Cáilitheoirí agus B.A.Th. san áireamh) | 289 | 283 | 274 | 268 | 268 | 279 | 289 | 321 | 306 |
| Teastas I Muineadh na Gaeilge d'Aosaigh | 15 | | | | | | | | |
| Teastas i Litríocht na Gaeilge | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 9 | |
| **Total** | **1438** | **1348** | **1190** | **1196** | **1117** | **1091** | **1134** | **1202** | **1193** |
| Céim Fhochéime Pháirtaimseartha: BA i Staidéar Áitiúil agus Pobail (Cill Chainnigh agus Maigh Nuad) | 186 | 194 | 222 | 223 | 184 | 187 | 200 | 230 | 189 |
| Céim Chianfhoghlama: B.Sc. i bhForbairt Tuaithe | 0 | 12 | 14 | 21 | 22 | | | | |
| **Foriomlán** | **7640** | **6961** | **6574** | **6509** | **6149** | **5967** | **5778** | **5609** | **5181** |

* Fuair na cúrsaí seo cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa

+ Fuair roinnt de na mic léinn ar na cúrsaí seo cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa

| Líon na Mac Léinn de réir Dáimhe agus Stádais Chéimí | 2008/9 | % | 2007/8 | % | 2006/7 | % | 2005/6 | % | 2004/5 | % | 2003/4 | % | 2002/3 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Lánaimseartha** | | | | | | | | | | | | | | |
| Dámh Iarchéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta | 3897 | 51 | 3470 | 50 | 3192 | 49 | 3285 | 51 | 3127 | 51 | 3005 | 51 | 2803 | 49 |
| Dámh Iarchéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta | 713 | 9 | 708 | 10 | 758 | 12 | 783 | 12 | 761 | 12 | 778 | 13 | 694 | 12 |
| Dámh Fochéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta | 1222 | 16 | 1200 | 17 | 1142 | 18 | 1013 | 16 | 981 | 16 | 950 | 16 | 984 | 17 |
| Dámh Iarchéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta | 304 | 4 | 261 | 4 | 253 | 4 | 242 | 4 | 224 | 4 | 233 | 4 | 226 | 4 |
| **Fo-iomlán** | **6136** | **80** | **5639** | **81** | **5345** | **83** | **5323** | **83** | **5093** | **83** | **4966** | **84** | **4707** | **82** |
| **Páirtaimseartha** | | | | | | | | | | | | | | |
| Dámh Fochéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta | 624 | 8 | 647 | 9 | 596 | 9 | 638 | 10 | 562 | 9 | 560 | 10 | 601 | 10 |
| Dámh Iarchéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta | 513 | 7 | 280 | 4 | 216 | 3 | 173 | 3 | 125 | 2 | 123 | 2 | 126 | 2 |
| Dámh Fochéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta | 16 | 0 | 15 | 0 | 38 | 0 | 19 | 0 | 22 | 0 | 9 | 0 | 0 | 0 |
| Dámh Iarchéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta | 25 | 0 | 16 | 0 | 1 | 0 | 6 | 0 | 7 | 0 | 5 | 0 | 14 | 0 |
| **Fo-iomlán** | 1178 | 15 | 958 | 13 | 851 | 12 | 836 | 13 | 716 | 11 | 697 | 12 | 741 | 12 |
| **Iomlán** | **7314** | **95** | **6597** | **94** | **6196** | **95** | **6159** | **96** | **5809** | **94** | **5663** | **96** | **5448** | **94** |
| Erasmus ar Cuairt | 198 | 3 | 196 | 3 | 197 | 3 | 179 | 3 | 169 | 3 | 146 | 2 | 140 | 3 |
| Erasmus Thar Lear # | 55 | 1 | 44 | 1 | 63 | 1 | 54 | 1 | 30 | 0 | 25 | 0 | 26 | 0 |
| Teastas NUI i mBainistíocht na Treorach Oideachais d'Aosaigh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 17 | 0 | 0 | 0 | 14 | 0 |
| Cianoideachas | 73 | 1 | 124 | 2 | 118 | 2 | 117 | 2 | 124 | 2 | 133 | 2 | 150 | 3 |
| **Iomlán** | **7585** | **100** | **6917** | **100** | **6511** | **100** | **6455** | **100** | **6119** | **100** | **5942** | **100** | **5752** | **100** |

# Already included in Full-Time Figures above

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
Analog Devices
Aspire
Tascfhórsa Pobail Bhaile Átha Luain
Atlantic Philanthropies
Austrian Film Magazine Skip
Bayer Schering Pharma AG
Biosensia
Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI)
Tascfhórsa Drugaí Áitiúil Phobal na Canálach
Cumann Gailf Theach Chartún
An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)
An tIonad um Staidéar Trasteorann
Lárionad Tithe Stairiúla na hÉireann
Lárionaid um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (CSET)
Cisco Systems Inc.
Citigroup
Scoláireacht Comhpháirtíochta Chluain Dolcáin 2005
Comhpháirtíocht Chluain Dolcáin Teo
COFORD Clár Taighde Foraoise 2000-2006
An Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaineachta
An Coimisiún um Uaireanta Altranais
Connecticut Cooperative Highway Research Program (USA)
Cumas Teoranta
An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime
DAFRD Research Stimulus Fund
An Roinn Talmhaíochta agus Bia
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Clár Discovery
An Chomhairle um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRC)
An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI)
Cumann Léann Oideachais na hÉireann (ESAI)
Eircom
Eli Lilly
Scéim Comhaltachta Iardhochtúireachta an Tionscnaimh Embark (IRCSET)
An Chomhairle um Thaighde sna Eolaíochtaí Fisiceacha (EPSRC) -Tionscadail
Clár Taighde Fhiontraíocht Éireann um Theicneolaíochtaí a Chur Chun Cinn
Scéim Deontais Fhiontraíocht Éireann um Buntaighde
Ciste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann
Céim Cruthaithe Coincheapa Chiste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann
Céim Forbraíochta Teicneolaíochta Chiste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann
Deontas Staidéar Féidearthachta Fhiontraíocht Éireann
Staidéar Féidearthachta um Chomhpháirtíochta Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann

Clár Comhoibrithe Idirnáisiúnta Fhiontraíocht Éireann
Ciste Fhiontraíocht Éireann um Thaighde Nuálaíochta
Ulysses Fhiontraíocht Éireann
Fiontraíocht Éireann/IRCSET
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)
Cumann Eolaíochtaí Comhshaoil na hÉireann (ESAI)
Environmental Systems Research Institute (ESRI/USA)
Clár Cosanta Comhshaoil RTDI an EPA 2000-2006
Clár STRIVE na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) 2007 -2013
Clár an Aontais Eorpaigh um Chomhoibriú Eolaíoch Idirnáisiúnta (INCO)
Tionscnamh an Aontais Eorpaigh um Ghníomh Comhoibrithe Taighde le haghaidh Teicneolaíochta (CRAFT)
Clár ERASMUS an Aontais Eorpaigh
Clár Taighde ESPON an Aontais Eorpaigh
An Cúigiú Clár Creatlaí de chuid an Aontais Eorpaigh (FP5)
An Séú Clár Creatlaí de chuid an Aontais Eorpaigh (FP6)
An Seachtú Creatchlár an Aontais Eorpaigh (FP7)
Tionscnamh INTAS an Aontais Eorpaigh
Clár INTERREG an Aontais Eorpaigh
Clár Leonardo da Vinci an Aontais Eorpaigh (2000 –2006)
Comhaltachtaí Marie Curie an Aontais Eorpaigh
Deontas Líonra an Aontais Eorpaigh um Oiliúint Taighde
Clár Socrates an Aontais Eorpaigh
Tionscadal STREP an Aontais Eorpaigh
An Coimisiún Eorpach (Bliain Eorpach na Saoránachta trí Oideachas 2005)
An Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach (EMBO)
An Oifig Eorpach um Thaighde agus Fhorbairt Aeraspáis (EOARD)
Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA)
Bord Forbartha Fhine Gall
Foras na Gaeilge
Ambasáid na Fraince in Éirinn
Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
Maoiniú Idirmheánach ón HEA
Clár Thuaidh-Theas an HEA um Thaighde Comhoibrithe
Clár an HEA um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI SRAITH 4)
Ciste an HEA um Thionscnaimh Straitéiseacha
Taighde HEA ar an Earnáil Teicneolaíochta
HEA/Media Lab Europe
An Bord Taighde Sláinte (HRB)
Henkel Loctite Ireland
An Chomhairle Oidhreachta
Hewlett Packard (Déantúsaíocht)
Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC)
Comhaltacht Oiliúna HRB Cochrane
Deontas Trealamh ón HRB
Deontas Cláir ón HRB um Thaighde ar Úsáid Fola agus Heipitíteas C
Dámhachtainí Taighde an HRB

Deontais Tionscadal Taighde an HRB – Ginearálta
Intel Corporation
An Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil & Réigiúnach (ICLRD)
International Reading Association
Comhaltachtaí Iardhochtúireachta an IRCHSS
Deontais ón IRCHSS ar Thionscadail Thaighde
Comhaltachtaí Taighde Sinsearacha ón IRCHSS
Dámhachtain ón IRCSET um Buntaighde
Tionscnamh Embark IRCSET
Scéim Comhaltachta Iardhochtúireachta an IRCSET
Scéim Ulysses IRCSET
Fondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Cheanada (ICUF)
Comhpháirtíocht Éireann-Talamh an Éisc
Clár Cúnaimh na hÉireann um Chomhoibriú Straitéiseach idir Chúnamh na hÉireann & an Institiúid Ardoideachais agus Taighde (2007-2011)
Ionad Eachaí na hÉireann
Cumann Seoirseach na hÉireann
Foras Ospíse na hÉireann
An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS)
Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET)
Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA)
James agus Adeline Callery
Joint Astronomy Centre (USA)
Iontaobhas Joseph Rowntree
Coiste Gairmoideachais Chill Dara
Iontaobhas Leverhulme
An Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (LGCSB)
Foras na Mara
Bord Forbartha Chontae na Mí
Merck KGaA
Microsoft Ireland
Misean Cara – Tacaíocht ó Éirinn do Mhisinéirí
Diostróife Mhatánach Éireann (MDI)
Comhairle Eolaíoch NARSAD (SAM)
An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (NACD)
An tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE)
An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas (NCCRI)
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)
An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA)
National Rosacea Society (USA)
Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (CNÓÉ)
Clár Taighde NORFACE ERA-NET
OÉ Má Nuad
Dámhachtain OÉ Má Nuad ar Thaighdeoir Nua
Deontas Foilseachán OÉ Má Nuad
Oifig OÉ Má Nuad um Chur Chun Cinn Cáilíochta
Ciste OÉ Má Nuad um Fheabhsú Taighde

OÉ Má Nuad, ITT agus DIT
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
Oriflame Glocal Technical Centre
Oifig an Aire Lánpháirtíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)
Oifig Thithe an Oireachtais
PLANET Líonra na gComhpháirtíochtaí
Pro Helvetia, Comhairle Ealaíne na hEilvéise
Ciste PRODEX (Gníomhaireacht Spáis na hEorpa)
Raising Performance Ltd.
Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA)
An Chomhairle um Shaoráidí Eolaíochta agus Teicneolaíochta (STFC)
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ/SFI)
Seagate Technology Media (Éire)
Bundeontas Taighde FEÉ
Deontas Comhdhála agus Ceardlanna FEÉ
Dámhachtain EUREKA FEÉ
Forlíonadh Tioscail/Taighde/Trealaimh FEÉ
Deontas Imscrúdaitheora FEÉ
Dámhachtain FEÉ Uachtarán na hÉireann ar Thaighdeoir Óg
Feabhsú Gairm Príomhthaighdeoirí FEÉ (PICA)
Clár an FEÉ um Oirir Thaighde
Múinteoirí Eolaíochta ina dTaighdeoirí Cúnta FEÉ (STAR)
Braisle Taighde Straitéiseach FEÉ
Comhaltacht Walton FEÉ
Siúracha na Trócaire
Solvay Pharmaceuticals B.V.
Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Spáinne
TDK Electronics Ireland Ltd
Teagasc
Comhaltacht Teagasc Walsh
Trócaire
An tÚdarás Comhionannais
Coláiste Innealtóireachta Iarúsailéim
Clár T&F Náisiúnta an NHS um Meabhairshláinte Fhóiréinseach (RA)
Ollscoil Stáit Ohio
The Wellcome Trust
Ollscoil Ghlaschú
Aerfhórsa SAM
Coimisiún Forbartha an Iarthair













Brady's
10
